
housing agency




# 2018 Tuarascáil Bhliantúil agus Ráiteas Airgeadais

*pobail inbhuanaithe a chur chun cinn*



Is éard is brí le pobail inbhuanaithe ná pobail a mhaireann – is áiteanna iad atá pleanáilte go maith, ina bhfuil tithíocht ar chaighdeán maith agus inar mian le daoine maireachtáil chomh maith le deiseanna a bheith ar fáil dóibh

ISBN: 978-1-903848-62-3



# An Clár Ábhar


Eolas Fúinne agus Faoina nDéanaimid 02
Ráiteas an Chathaoirligh agus an Phríomhoifigigh Feidhmiúcháin 10
Tuairisc ar Fheidhmíocht 13
Ráiteas Rialachais agus Tuarascáil na gComhaltaí Boird 32
Ráitis Airgeadais 39



# Eolas Fúinne agus Faoina nDéanaimid

# Eolas Fúinne

Is comhlacht rialtais í an Ghníomhaireacht Tithíochta a oibríonn leis an Roinn Tithíochta, Pleanála agus Rialtais Áitiúil (DHPLG), Údaráis Áitiúla agus Comhlachtaí Tithíochta Faofa (AHBanna) maidir le tithíocht agus seirbhísí tithíochta a chur ar fáil. Chomh maith leis sin, cuireann an Ghníomhaireacht an Scéim Leasúcháin Piríte i bhfeidhm agus is í an Ghníomhaireacht rialtóir eatramhach na hearnála AHB.

Is í fís na Gníomhaireachta pobail inbhuanaithe a chur chun cinn agus a fhorbairt. Cuirimid an soláthar tithíochta chun cinn chun freastal ar riachtanais agus ar an éileamh atá ann faoi láthair agus a bheidh ann amach anseo trí bheith mar lárionad saineolais maidir le tithíocht, trí thacú le beartas tithíochta a fhorbairt agus cláir tithíochta éifeachtacha a chur i bhfeidhm i gcomhar le páirtithe eile.

Táimid faoi réir an Chóid Cleachtais um Rialachas Comhlachtaí Stáit agus an Chóid Caiteachais Phoiblí. Oibrímid ar bhealach atá go hiomlán freagrach agus trédhearcach.

## Is iad seo a leanas luachanna na Gníomhaireachta:

**Ionracas agus Neamhspleáchas** inár gcuspóirí a bhaint amach

**Díograiseach agus tiomanta** do ghairmiúlacht, comhoibriú agus dár ról maidir le cuspóirí comhroinnte a sholáthar

**Nuálach agus dírithe ar an todhchaí** maidir le heolas agus tionscnaíocht a chur i bhfeidhm agus teorainneacha inár smaointeoireacht a shárú

**Freagrach dár bpáirtithe leasmhara agus rannpháirteach leo** agus don Roinn maidir leis an bpróiseas soláthair

**Oscailte agus meas a léiriú** i leith smaointe agus réitigh nua, agus i leith déileáil lenár gcomhghleacaithe agus páirtithe leasmhara

# Ról na Gníomhaireachta

Tacaíonn an Ghníomhaireacht le tithíocht shóisialta a sholáthar agus a bhainistiú sna húdaráis áitiúla agus AHBanna. Oibrímid go dlúth leis an DHPLG chun beartas tithíochta a fhorbairt agus a chur i bhfeidhm.

Bunaíodh go foirmeálta an ghníomhaireacht in 2012 ach tá forbairt mhór tagtha ar an ról atá againn ó shin i leith. Nuair a foilsíodh Atógáil Éireann, Plean Gníomhaíochta an Rialtais maidir le Tithíocht agus Easpa Dídine i mí Iúil 2016, chuamar chun tosaigh chun réimse leathan gníomhartha a sholáthar faoin bplean seo, lena n-áirítear: Aonad Soláthair Tithíochta agus Ionad Ilfhreastail a bhunú d'AHBanna; clár éadála a chur i bhfeidhm ar bhonn céimneach d'fhonn 1,600 teaghais a cheannach ó bhainc agus ó institiúidí airgeadais; agus obair i ndáil leis an earnáil chíosa agus áiteanna cónaithe folmha a úsáid.

# An Chaoi a mBainistítear Muid

Rialaíonn Bord a cheapann an tAire Tithíochta, Pleanála agus Rialtais Áitiúil muid.

I mí Aibreáin 2018, ceapadh Michael Carey ina Chathaoirleach nua ar an nGníomhaireacht, agus tháinig sé i gcomharbacht ar Conor Skehan. Tá an Bord freagrach as ár dtosaíochtaí a mhúnlú, ceannaireacht straitéiseach a chur ar fáil agus maoirsiú a dhéanamh ar chur i bhfeidhm ár bhfeidhmeanna. Bhunaigh an Bord Coiste Iniúchóireachta agus Riosca chun maoirsiú a dhéanamh ar phríomhréimsí bainistíochta airgeadais agus riosca, chomh maith le Coiste Straitéise chun faireachán a dhéanamh ar phleanáil straitéiseach agus cur i bhfeidhm sa Ghníomhaireacht.

Tugann an Feidhmeannas agus foireann na Gníomhaireachta faoin obair ó lá go lá agus faoin soláthar seirbhísí. Tugann ár bhFeidhmeannas faoi riaradh agus gnó na Gníomhaireachta, déanann sé iad a bhainistiú agus rialaíonn sé iad. Bíonn an obair sin ar fad faoi réir mhaoirseacht an Bhoird. Bíonn an Feidhmeannas á stiúradh ag ár bPríomhoifigeach Feidhmiúcháin, John O'Connor, atá freagrach as ceannaireacht agus treo na bhfeidhmeanna feidhmiúcháin ar fad. Is muid an Rialtóir eatramhach don earnáil AHB agus tuairiscítear ar na gníomhaíochtaí sin i dtuarascáil bhliantúil ar leith. Déanann Bord Rialála eatramhach maoirseacht ar an Oifig Rialála.

Tá an Ghníomhaireacht Tithíochta freagrach as an Scéim Leasúcháin Piríte a chur i bhfeidhm. Tá an Scéim seo rialaithe ag an mBord um Réiteach Piríte.

# Is foireann dhíograiseach lucht gairme tithíochta atá sa Ghníomhaireacht Tithíochta a oibríonn i dtreo thithíocht inbhuanaithe agus inacmhainne a chur ar fáil do chách

Trí úsáid a bhaint as an eolas agus saineolas atá againn, réitímid an bealach chun eolas a dhéanamh do bheartas tithíochta agus é a sholáthar. Táimid in áit mhaith chun riachtanais na hearnála tithíochta in Éirinn a thuiscint mar gheall go mbíonn teagmháil ghníomhach againn le dreamanna eile.

**Cuireann an Ghníomhaireacht Tithíochta réimse seirbhísí ar fáil a bhaineann le tithíocht agus déanann sí roinnt tionscadail bharrthábhachtacha a bhainistiú**



- Réadmhaoine do Thithíocht Shóisialta a Fhoinsiú agus a Fháil
- Rialáil na gComhlachtaí Tithíochta Faofa
- Morgáiste go Cíos
- Comhairle Beartais
- Leasúchán Piríte
- Seirbhísí Comhlachtaí Tithíochta Ceadaithe
- Frithghealladh Iasachtaí d'Iasachtaí Ceannaigh Tí Údarás Áitiúil
- Seirbhísí Soláthair Tithíochta
- Talamh a Fhorbairt agus a Bhainistiú
- Seirbhísí Oiliúna Cleachtóirí Tithíochta
- Taighde agus Anailís
- Tacaíocht a thabhairt d'Údaráis Áitiúla
- An Straitéis Náisiúnta Tithíochta do Dhaoine faoi Mhíchumas

# An Bord

Tá Cathaoirleach agus seachtar comhaltaí a cheapann an tAire Tithíochta, Pleanála agus Rialtais Áitiúil ar an mBord. An 31 Nollaig 2018, ba iad an Cathaoirleach, agus an seachtar comhaltaí reatha:



**Michael Carey**
An Cathaoirleach



**Tony O'Brien**
Sainchomhairleoir Bainistíochta



**Donal McManus**
Comhairle na hÉireann um Thithíocht Shóisialta



**John Burke**
An Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe



**Mary Hurley**
An Roinn Tithíochta, Pleanála agus Rialtais Áitiúil



**Conn Murray**
Comhairle Cathrach agus Contae Luimnigh



**Fiona Lawless**
Comhairle Contae na Mí



**John O'Connor**
An Príomhoifigeach Feidhmiúcháin

## An Coiste Iniúchóireachta agus Riosca

**Ba iad seo a leanas comhaltaí Choiste Iniúchóireachta agus Riosca na Gníomhaireachta Tithíochta in 2018:**

- **Tony O'Brien,** Sainchomhairleoir Bainistíochta
- **Caroline Gill,** An Bord Leasúcháin Piríte
- **Donal McManus,** Comhairle na hÉireann um Thithíocht Shóisialta
- **Fiona Lawless,** Comhairle Contae na Mí

## An Coiste Straitéise

**Bunaíodh Coiste Straitéise na Gníomhaireachta Tithíochta i mí Meithimh 2018, leis na comhaltaí seo a leanas:**

- **Michael Carey,** An Cathaoirleach
- **John Burke,** An Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe
- **Tony O'Brien,** Sainchomhairleoir Bainistíochta
- **Mary Hurley,** An Roinn Tithíochta, Pleanála agus Rialtais Áitiúil
- **Donal McManus,** Comhairle na hÉireann um Thithíocht Shóisialta
- **John O'Connor,** Príomhoifigeach Feidhmiúcháin, An Ghníomhaireacht Tithíochta
- **David Silke,** Stiúrthóir Taighde agus Gnóthaí Corparáideacha, An Ghníomhaireacht Tithíochta
- **Ciara Galvin,** Rúnaí an Bhoird, An Ghníomhaireacht Tithíochta

## An Fhoireann

**Bhí 66 comhalta foirne ag an nGníomhaireacht Tithíochta amhail deireadh 2018. Ba iad an Fhoireann Ardbhainistíochta:**

- **John O'Connor,** An Príomhoifigeach Feidhmiúcháin
- **David Silke,** An Stiúrthóir Taighde agus Gnóthaí Corparáideacha
- **Susanna Lyons,** An Ceann Rialála
- **Jim Baneham,** An Ceann Soláthair Tithíochta agus Tacaíochtaí Morgáiste
- **Peter Hesse,** Bainistíocht Tionscadal agus Oifigeach Soláthair
- **Margaret Jordan,** An Ceann Airgeadais

# Príomhghnóthachtálacha ó 2018

Measúnú déanta ar **266** iarratas ar mhaoiniú chun breis is 5,000 teach cónaithe a chur ar fáil

Níos mó ná **962** teach faighte le húsáid mar thithíocht shóisialta faoi chláir éadálacha éagsúla

Réiteach Piríte: **434** teach cónaithe athchóirithe agus tugtha ar ais

**137** cás Morgáiste go Cíos tugtha chun críche

Comhairle tugtha maidir le tionscadail tithíochta sóisialta chun **233** teach cónaithe a sholáthar


AHB a Rialú: **247** tuarascáil measúnaithe rialála agus 27 tuarascáil measúnaithe airgeadais eisithe. Caighdeán Feidhmíochta do AHBanna seolta

**1,550** Iasacht Tithíochta Atógáil Éireann Ceadaithe ar fiú €293 milliún san iomlán iad

Láithreán gréasáin **Housingforall.ie** seolta


## Foilseacháin Taighde 2018






























# Ráiteas an Chathaoirligh agus an Phríomhoifigigh Feidhmiúcháin

Le dhá mhí dhéag anuas d'oibríomar agus chomhoibríomar le go leor eagraíochtaí chun ár spriocanna a bhaint amach agus tacú le Atógáil Éireann a chur i bhfeidhm: *Plean Gníomhaíochta maidir le Tithíocht agus Easpa Dídine* Áiríodh orthu seo; an Roinn Tithíochta, Pleanála agus Rialtais Áitiúil, údaráis áitiúla, comhlachtaí ceadaithe tithíochta, an Ghníomhaireacht Airgeadais do Thithe, an Bord um Thionóntachtaí Cónaithe, NAMA, An Ghníomhaireacht um Fhorbairt Talún, Comhairle na hÉireann um Thithíocht Shóisialta, bainc agus go leor eagraíochtaí eile san earnáil phoiblí agus phríobháideach.

Tá dúshláin mhóra romhainn fós maidir lenár gcuid riachtanas tithíochta a bhaint amach. Tá sé ríthábhachtach a chinntiú go bhfuil soláthar leordhóthanach tithe cónaithe ar fáil, agus go mbeidh tithíocht ar phraghas réasúnta, cibé más le ceannach nó le fáil ar cíos atá sí.

D'fhoilsigh an Ghníomhaireacht an dara plean straitéiseach dá cuid ina ndírítear ar na trí phríomhdhúshlán seo a leanas; soláthar, inacmhainneacht agus daingneacht. Faoin bPlean Straitéiseach nua 2019 – 2021, oibreoimid le daoine eile san earnáil tithíochta chun pobail inbhuanaithe a fhorbairt.

Is éard is brí le pobail inbhuanaithe ná pobail a mhaireann – is áiteanna iad atá pleanáilte go maith, ina bhfuil tithíocht ar chaighdeán maith agus inar mian le daoine maireachtáil chomh maith le deiseanna a bheith ar fáil dóibh. Cuidíonn na gnéithe seo ionas gur féidir le pobail feidhmiú i gceart. Díreoimid ar phobail inbhuanaithe a chruthú inár sráidbhailte, bailte agus cathracha.

Chomh maith leis sin, baineann ríthábhacht le hinacmhainneacht. Ní mór go mbeadh tithíocht ar phraghas réasúnta lena ceannach nó a fháil ar cíos. Tá roinnt teaghlach atá ar ioncam íseal ag brath ar thithíocht shóisialta nó ar chúnamh tithíochta lena chinntiú go bhfuil a gcuid costas tithíochta inacmhainne. Tá ioncam agus airgead leordhóthanach ag roinnt teaghlach chun réadmhaoin a cheannach nó a fháil ar cíos ar an margadh príobháideach. Tá grúpa teaghlach i lár báire a bhféadfadh cúnamh éigin a bheith de dhíth orthu chun réadmhaoin a cheannach nó a fháil ar cíos agus ní mór díriú ar chúnamh a thabhairt do na teaghlaigh sin.

Glacadh roinnt beart cheana féin chun cuidiú le ceannaitheoirí, lena n-áirítear an Scéim um Chabhair le Ceannach agus Iasacht Tithíochta Atógáil Éireann. Tá gá chomh maith le hearnáil cíosa costais a fhorbairt in Éirinn ina ndéanfar cíosanna a nascadh leis an gcostas a bhaineann le teach cónaithe a chur ar fáil agus a chothabháil ar mhórscála. Féadann cíos costais ról an-tábhachtach a bheith aige chun go mbeidh teach a fháil ar cíos ina rogha tithíochta níos inacmhainne agus níos seasmhaí san fhadtéarma.

Chomh maith leis sin baineann dúshláin faoi leith le grúpaí nó ceantair faoi leith, mar shampla: cíos ard i gceantair uirbeacha, líonta tí atá ag déileáil le riaráistí morgáiste, daoine gan dídean nó atá i mbaol a bheith gan dídean agus daoine atá ag fanacht ar thithíocht shóisialta, ach go háirithe.

Tá roinnt gníomhartha glactha ag an Rialtas chun dul i ngleic leis na dúshláin sin:

- In 2016 d'fhoilsigh an Rialtas "Atógáil Éireann, Plean Gníomhaíochtaí maidir le Tithíocht agus Easpa Dídine" agus leanann sé de na gníomhartha laistigh den phlean seo a chur i bhfeidhm thar chúig réimse, dul i ngleic le heaspa dídine, dlús a chur le tithíocht shóisialta, tuilleadh tithe cónaithe a thógáil, feabhas a chur ar an earnáil cíosa agus úsáid a bhaint as tithíocht atá ann cheana féin
- Foilsíodh an Creat Náisiúnta Pleanála in 2018 a leagadh amach chun pleanáil agus forbairt straitéiseach a threorú, ag ardleibhéal, sa tír seo don fiche bliain atá amach romhainn agus ina dhiaidh sin
- Sa Phlean Forbartha Náisiúnta, a foilsíodh in 2018 chomh maith, leagadh amach na tosaíochtaí infheistíochta a chuireann taca faoi chur i bhfeidhm rathúil an Chreata Náisiúnta Pleanála
- Seirbhís náisiúnta arna reáchtáil ag MABS is ea Abhaile a bunaíodh chun cuidiú le húinéirí tí réiteach a fháil ar a gcuid riaráistí morgáiste tí.

Agus muid ag breathnú chun cinn, tá sé mar aidhm againn tionchar ceart a imirt ar shaol daoine agus ar taithí a bhíonn acu le cúrsaí tithíochta ach go háirithe. D'fhonn an méid sin a dhéanamh le linn na bliana atá romhainn, beidh obair na Gníomhaireachta Tithíochta dírithe ar chúig théama atá nasctha le chéile:

1. A bheith mar lárionad eolais maidir le tithíocht.
2. Barr feabhais a chur ar an soláthar tithíochta agus ar an úsáid a bhaintear aisti.
3. Éileamh agus inacmhainneacht tithíochta a thuiscint.
4. Torthaí a bhaint amach trí na daoine atá ag obair linn.
5. Rialachas agus seirbhís a bhaint amach.

Ar deireadh, ba mhaith linn an deis seo a thapú chun buíochas a ghlacadh le gach duine a oibríonn leis an nGníomhaireacht agus don Ghníomhaireacht chun dul chun cinn a dhéanamh, lena n-áirítear an fhoireann dhíograiseach agus na comhaltaí boird díograiseacha. Glacaimid buíochas ar leith leis na comhaltaí boird ar tháinig deireadh lena gcuid téarmaí oifige le linn na bliana 2018: Conor Skehan agus Michael Walsh. Glacaimid buíochas leis an Aire Tithíochta, Pleanála agus Rialtais Áitiúil, an tUasal Eoghan Murphy, TD agus leis an Aire Stáit sa Roinn ar a bhfuil freagracht speisialta as Tithíocht agus Forbairt Uirbeach, Damien English, TD chomh maith lena gcuid oifigeach as an tacaíocht leanúnach a thugann siad don Ghníomhaireacht



**Michael Carey**
**Cathaoirleach**



**John O'Connor**
**Príomhoifigeach Feidhmiúcháin**




# €76m

an maoiniú a cuireadh ar fáil go díreach don Ghníomhaireacht in 2016 agus 2017 faoi Atógáil Éireann

# Tuairisc ar Fheidhmíocht

## Cuspóir

Méadú ar sholáthar a chumasú trí cháilíocht agus inbhuanaitheacht a chur chun cinn i seachadadh agus bainistíocht tithíochta

**266**

iarratas P&A/CALF ar cuireadh Measúnuithe Airgeadais agus Tuarascálacha Breithmheasa i gcrích in leith in 2018

### Aonad Seirbhísí na gComhlachtaí Tithíochta Faofa (AHBanna)


Bhunaigh an Ghníomhaireacht Tithíochta an tAonad Seirbhísí AHB in 2017 de réir Atógáil Éireann (Gníomh 2.14) Tá ceithre bhall foirne ag obair san aonad seo faoi láthair a chuireann cúnamh ar fáil don Roinn Tithíochta, Pleanála agus Rialtais Áitiúil (DHPLG), AHBanna agus údaráis áitiúla d'fhonn tacú le seachadadh atá á threorú ag AHB.

Is Comhaontuithe Íocaíochta agus Infhaighteachta (P&A) i dteannta iasacht thánaisteach ar a dtugtar Saoráid Léasaithe Réamhchaipitil (CALF) na príomhshocruithe maoinithe ag Comhlachtaí Tithíochta Ceadaithe (AHB) chun tithíocht shóisialta a chur ar fáil. Úsáidtear an maoiniú sin chun tithíocht a cheannach, a thógáil nó a athchóiriú ionas go n-úsáidfear í mar thithíocht shóisialta. Tugann an Ghníomhaireacht Tithíochta faoi bhreithmheas airgeadais ar na hiarratais ar mhaoiniú a dhéanann na AHBanna agus tugann sí moltaí don Roinn ar pé leibhéal CALF agus P&A a theastaíonn le haghaidh gach togra.

### Dul Chun Cinn

Cuireadh Measúnuithe Airgeadais agus Tuarascálacha Breithmheasa i gcrích maidir

**Iarratais bhreithmheasa CALF agus cineál tionscadail 2016 go Nollaig 2018**



# 5,185

teaghais fhéideartha i measúnuithe P&A/CALF a cuireadh i gcrích in 2018

# 2019

an bhliain a ndearnadh athbhreithniú ar fhoirm iarratais HAP faoi stiúir na Gníomhaireachta Tithíochta

le 266[1] iarratas P&A/CALF i rith 2018. B'ionann líon iomlán na dtithe cónaithe ionchasacha sna measúnuithe seo agus 5,185. Rinneadh 2431 breithmheas in 2017 arbh ionann sin agus 4,102 áit chónaithe.

Chuir an tAonad Seirbhísí AHB athbhreithniú ar shamhail mhaoinithe P&A/CALF i gcrích thar ceann na Roinne. Tá sé i gceist glacadh leis na hathruithe atá beartaithe don tsamhail agus próisis mhaoinithe in R2 2019.

D'éascaigh Seirbhísí AHB athbhreithniú ar an bprótacal AHB reatha le linn 2018, agus é an aidhm leis an comhordú atá idir na comhlachtaí ábhartha a fheabhsú. I ndiaidh sraith cumarsáide agus cruinnithe leis na húdaráis áitiúla agus AHBanna ábhartha, cheadaigh grúpa Stiúrthóirí Tithíochta Bhaile Átha Cliath an prótacal nuashonraithe agus glacadh leis i mí Bealtaine 2018.

Lean an tAonad Seirbhísí AHB dena sheirbhís ullmhaithe conarthaí a leathnú le linn 2018. Tá fáil ag gach údarás áitiúil ar an tseirbhís seo anois maidir le gach tionscadal ceadaithe P&A agus CALF chomh maith le AHBanna atá ag tabhairt faoi shocrúcháin léasaithe fhadtéarmacha le tiarnaí talún príobháideacha.

Tá tacaíocht leanúnach á cur ar fáil ag an Aonad Seirbhísí AHB don Roinn maidir leis an rogha is oiriúnaí atá ag an earnáil AHB i leith úsáid a bhaint as réadmhaoine caipiteal-mhaoinithe chun maoiniú a ghiaráil d'fhorbairtí nua.

"Lean an tAonad Seirbhísí AHB dena sheirbhís ullmhaithe conarthaí a leathnú le linn 2018. **Tá fáil ag gach údarás áitiúil ar an tseirbhís seo anois maidir le gach tionscadal ceadaithe P&A agus CALF** chomh maith le AHBanna atá ag tabhairt faoi shocrúcháin léasaithe fhadtéarmacha le tiarnaí talún príobháideacha"

Tacaíonn an tAonad Seirbhísí AHBanna leis an earnáil samhlacha airgeadais nuálacha a fhorbairt. I rith 2018, d'fhéach an earnáil AHB leis an méid tithíocht a chuireann siad ar fáil a mhéadú le go n-áireofaí tithíocht nó tithíocht cíosa costais inacmhainne in éineacht leis an soláthar sóisialta traidisiúnta ar cíos. Chuidigh an tAonad Seirbhísí AHBanna maidir le comhairle beartais agus múnlú airgeadais a dhéanamh ar scéimeanna tionachta measctha don Roinn agus do líon AHBanna.

## Íocaíocht Cúnaimh Tithíochta (HAP)

Tugadh HAP isteach ag deireadh na bliana 2014 ar bhonn phíolótach. Cuireadh i bhfeidhm de réir a chéile í ar fud na tíre agus rinneadh scéim náisiúnta de in 2017. Tugadh an íocaíocht isteach chun go bhféadfadh daoine atá incháilithe le haghaidh tithíocht shóisialta, agus a bhfuil riachtanas tithíochta fadtéarmach acu, cónaí i gcóiríocht phríobháideach ar cíos. Tiocfaidh sí in áit an Fhorlíonta Cíosa ar deireadh dóibh siúd a bhfuil riachtanas tithíochta fadtéarmach acu. Bhí ról gníomhach ag an nGníomhaireacht Tithíochta i gcur i bhfeidhm an tionscnaimh nua seo go náisiúnta.

### Dul Chun Cinn

Lean an Ghníomhaireacht Tithíochta de chuidiú leis an dá údarás áitiúil agus leis an Roinn chun an scéim a chur i bhfeidhm. Bhí an Ghníomhaireacht i gceannas ar athbhreithniú a dhéanamh ar fhoirm iarratais HAP, agus tá sé i gceist an fhoirm nuashonraithe a scaipeadh faoi dheireadh mhí Eanáir 2019.

Chomh maith le comhordú a dhéanamh ar Choiste Cleachtóirí HAP agus ar Fhóram Cleachtóirí HAP, tá an Ghníomhaireacht ina ball de Bhord Tionscadail HAP agus de Choiste Próisis HAP.

1 Tá rian beag d'fhorluí i gceist le blianta roimhe seo toisc go ndéantar athmheasúnú ar roinnt tionscadal nuair a éilíonn torthaí cead pleanála nó próiseas tairisceana go ndéanfaí athruithe.

**962**

teaghais foinsithe

**411**

ceannachán curtha i gcrích

## Fáil Tithíochta

Faoi Atógáil Éireann, tá sé de shainchúram ar an nGníomhaireacht plé go gníomhach le bainc agus cuideachtaí infheistíochta, agus é mar aidhm leis 1,600 teaghais a fháil faoi dheireadh 2020. Cuireadh maoiniú €76m ar fáil go díreach don Ghníomhaireacht in 2016 agus in 2017 agus tá an maoiniú sin le himrothlú trí theaghaisí a ceannaíodh a dhíol le AHBanna. Ina theannta sin, lean an Ghníomhaireacht ar aghaidh ag ceannach teaghais go díreach le haghaidh údaráis áitiúla.

### Dul Chun Cinn

In 2018, chuir an Ghníomhaireacht ceannachán 201 teaghais i gcrích trí úsáid a bhaint as ciste imrothlach €70m chun cur leis an 17 teaghais a ceannaíodh in 2016 agus an 365 teaghais a ceannaíodh in 2017. B'ionann an líon a ceannaíodh agus 583 teaghais. Bhí ceannach 244 teaghais eile leis an gciste sin ar bun amhail deireadh 2018.

A luaithe is a cheannaítear teaghais leis an gciste, tugtar do AHB é faoi léas airígh sula ndíoltar leis an AHB é. Bíonn an AHB in ann tabhairt faoi dheisiúcháin faoi léas airígh agus tionónta a chur sa réadmhaoin fad is go bhfuil an díolachán ar bun.

Dhíol an Ghníomhaireacht 251 teaghais le AHBanna in 2018. Nuair a chuirtear sin leis an 36 theaghais a díoladh in 2017, is ionann an líon iomlán agus 287**. Tá conarthaí sínithe chun 16 teaghais eile a cheannach. Faoi dheireadh 2018, b'ionann líon na dteaghaisí faoi thionóntacht agus 367.


## Réadmhaoin a Fhoinsiú

Chomh maith leis na réadmhaoine a fuarthas trí úsáid a bhaint as an gciste imrothlach, cheannaigh agus d'fhoinsigh an Ghníomhaireacht réadmhaoine trí mhodhanna éagsúla. Seo a leanas na modhanna éagsúla:

| Modh foinsithe | Ceannacháin a Cuireadh i gCrích Amhail an 31 Nollaig 2018 | Díolacháin a Comhaontaíodh Amhail an 31 Nollaig 2018 |
|---|---|---|
| Ciste imrothlach €70m | 201 | 244 |
| Ceannacháin Dhíreacha d'Údaráis Áitiúla | 58 | 239 |
| Tús Áite don Tithíocht (daoine gan dídean) | 29 | 68 |
| Punann Iasachta NAMA | 110[2] | 0 |
| Réadmhaoine Móra le húsáid mar mhoil do theaghlaigh nó ceannacháin teaghaisí lándéanta | 13 | 0 |
| **Iomlán** | **411** | **551** |

2 B'ionann líon iomlán na réadmhaoine a foinsíodh trí Nama agus 2,445 amhail dheireadh mhí na Nollag 2018.

**Atógáil Éireann – cásanna maidir le hiasacht seachadta a fhrithghealladh**




## Seirbhísí Náisiúnta do Fhrithghealladh Iasachtaí

Cuireann Údaráis Áitiúla táirgí iasachta chun tithe a cheannach ar fáil. Cuireann an Ghníomhaireacht Tithíochta seirbhísí lárnacha do fhrithghealladh iasachtaí ar fáil d'údaráis áitiúla ar fud na tíre. Tugadh Iasacht nua Tithíochta isteach faoi Atógáil Éireann i mí Feabhra 2018, trína raibh úinéireacht teaghaise níos inacmhainne do cheannaitheoirí céaduaire trí rátaí úis seasta a chur ar fáil ar feadh 25 go 30 bliain.

### Dul Chun Cinn

In 2018, fuarthas 3,853 iarratas ar fad ar iasachtaí lena bhfrithghealladh (108 iarratas chun Teach a Cheannach agus 3,745 iarratas ar Iasacht Tithíochta Atógáil Éireann). Frithghealladh 3,036 iarratas bailí agus moladh 51% díobh sin lena faomhadh.

## An Straitéis Náisiúnta Tithíochta do Dhaoine faoi Mhíchumas

Tá Straitéis Náisiúnta Tithíochta do Dhaoine faoi Mhíchumas i bhfeidhm ag an Roinn Tithíochta, Pleanála agus Rialtais Áitiúil agus ag an Roinn Sláinte. Tionólann an Ghníomhaireacht Tithíochta an foghrúpa tithíochta agus tacaíonn sí le gníomhartha tithíochta a chur i bhfeidhm. Leithdháileadh 1,579 teaghais ar dhaoine faoi mhíchumas in 2018. B'ionann sin agus 20% de leithdháiltí ar fad na n-údarás áitiúil in 2018.

1,579 teaghais a leithdháileadh ar dhaoine faoi mhíchumas agus b'ionann sin agus 20% de leithdháiltí ar fad na n-údarás áitiúil do 2018.

### Dul Chun Cinn

Áiríodh ar na príomhghníomhaíochtaí ar thug an Ghníomhaireacht fúthu i rith 2018 chun tacú leis an straitéis:

1. Seisiún traenála a chur ar fáil d'ionadaithe ó na Grúpaí Stiúrtha Tithíochta agus Míchumais
2. Éascaitheoirí agus ionadaithe de chuid Údarás Áitiúil a thabhairt le chéile chun an bhliain go dtí seo a phlé agus chun béim a leagan ar an ngá atá le pleanáil straitéiseach maidir le tithíocht do dhaoine faoi mhíchumas
3. Achoimre ar na Treoirlínte maidir leis an bPróiseas Measúnaithe agus Dáilte le haghaidh Soláthar Tithíochta do

**40**

suíomh gníomhach chun tithíocht a chur ar fáil in 2018

Dhaoine faoi Mhíchumas a fhorbairt. Is é is aidhm leis an achoimre seo gníomhú mar threoir mhearthagartha d'fhoirne tosaigh in údaráis áitiúla; agus

4. Láithreán gréasáin housingforall.ie a fhorbairt, trína gcuirtear conaire agus naisc chuig eolas atá ag teastáil a chuirfidh ar chumas an léitheora teacht a bheith aige ar chaighdeáin uilíocha agus iad a thuiscint i ndáil le teaghais a leagan amach a bhaineann le riachtanais chuí gach aon duine.

## Forbairt agus Bainistíocht Talún

Bhí 83 suíomh faoi úinéireacht na Gníomhaireachta ar fud na tíre faoi dheireadh mhí na Nollag 2018. Tá an Ghníomhaireacht freagrach as na láithreáin sin a bhainistiú, ach níos tábhachtaí fós, tá sí freagrach as láithreáin iomchuí a shainaithint ar a bhféadfaí tithíocht a fhorbairt.

### Dul Chun Cinn

Go dtí seo, tá trí cinn de na suíomhanna faoin Scéim Chomhiomlánaithe Talún aistrithe go hiomlán. Ar an iomlán, tá 40 suíomh gníomhach maidir le tithíocht a chur ar fáil amach anseo, de réir mar a leagtar amach i bPlean Straitéiseach Forbartha agus Bainistíochta na Gníomhaireachta.

I ndiaidh próiseas Léirithe Spéise i mí Dheireadh Fómhair 2018, fuarthas léirithe spéise ó AHBanna i leith 9 suíomh a aithníodh a bheith Oiriúnach d'Fhorbairt Láithreach. Chomh maith leis sin léirigh AHBanna spéis i leith 10 suíomh tánaisteacha eile sa Phlean Straitéiseach Forbartha agus Bainistíochta.

**Diúscairtí a cuireadh i gcrích i leith forbartha**

| Aistriú/diúscairt | Talamh |
|---|---|
| Diúscairt chuig an Roinn Oideachais agus Scileanna | Scoil |
| Aistriú chuig Comhairle Contae Dhún Laoghaire-Ráth an Dúin | 155 teaghais (cíos costais a bheidh i gceist le 50 díobh sin) |
| Aistriú chuig Comhlacht Tithíochta Faofa | Teaghaisí do Dhaoine Scothaosta |

**Aistrithe amach anseo atá ag dul ar aghaidh**

| Modhanna forbartha | Talamh |
|---|---|
| Áirítear ceithre shuíomh i gCórais Mhaoinithe Chomhpháirtíochtaí Poiblí Príobháideacha | 227 teaghais |
| Tá naoi suíomh á bhforbairt ag Údaráis Áitiúla | 146 teaghais |
| Faomhadh faighte ag trí shuíomh ina gcuimsítear 11.5ha faoin gCiste Bonneagair Áitiúil um Sheachadadh Tithíochta a Ghníomhachtú | Líon na dteaghaisí fós le cinneadh |
| Sé shuíomh déag eile le tabhairt ar aghaidh le haistriú | 373 teaghais ar a laghad le cur ar fáil |

# 962

teaghais a d'fhéadfaí a chur ar fáil trí thacaíocht agus comhairle soláthair na Gníomhaireachta Tithíochta

# 250

teaghais modúlach iniompartha a d'fhéadfaí a chur ar fáil le linn na ceithre bliana amach romhainn

"I ndiaidh aonad soláthair a bhunú in 2016, **lean an Ghníomhaireacht Tithíochta de shainchomhairle chomhairleach i leith soláthair a chur ar fáil** don Roinn, d'údaráis áitiúla, do Chomhairle na hÉireann um Thithíocht Shóisialta (ICSH) agus d'AHBanna in 2018"

## Tionscadail Tithíochta agus Soláthar

Cuireann an Ghníomhaireacht Tithíochta chomhairle theicniúil agus bainistíochta tionscadal ar fáil d'údaráis áitiúla agus d'AHBanna. Cuimsíonn an cúnamh a thugtar gach céim d'fhorbairt tionscadail, ó staidéar féidearthachta, an dearadh, tairiscint, tógáil agus aistriú.

### Soláthar

I ndiaidh aonad soláthair a bhunú in 2016, lean an Ghníomhaireacht Tithíochta de shainchomhairle chomhairleach i leith soláthair a chur ar fáil don Roinn, d'údaráis áitiúla, do Chomhairle na hÉireann um Thithíocht Shóisialta (ICSH) agus d'AHBanna in 2018.

### Dul Chun Cinn

Rannpháirtíocht leanúnach leis an Roinn, leis an ICSH agus le húdaráis áitiúla maidir le roghanna soláthair agus comhairle agus seirbhísí a chur ar fáil.

I ndiaidh iarraidh a fháil ón Roinn, bhunaigh an Ghníomhaireacht Tithíochta, i gcomhairle leis an Roinn, creat chun teaghaisí modúlacha iniompartha sealadacha a chur ar fáil, lena n-úsáid ag údaráis áitiúla agus ag AHBanna ar fud na tíre. Chomh maith leis sin d'ullmhaigh an Ghníomhaireacht Tithíochta treoirdhoiciméad maidir le mionchomórtais a reáchtáil lena n-úsáid ag na páirtithe leasmhara. Tá d'acmhainn suas le 250 teaghais a chur ar fáil le linn na gceithre bliana amach anseo faoin gcreat.

| An cineál tacaíochta agus comhairle | Cur ar fáil |
|---|---|
| Tairiscintí a bhainistiú agus foirne dearaidh sainchomhairleacha iomlána a cheapadh ar gach leibhéal laistigh d'AHBanna do 7 dtionscadal tithíochta | 45 teaghais a chur ar fáil |
| Tairiscint a bhainistiú agus foireann shainchomhairleach a cheapadh le haghaidh staidéar féidearthachta maidir le coimpléasc lár na cathrach | Acmhainneacht chun 60 árasán AHB a chur ar fáil |
| Sainchúnamh soláthair a chur ar fáil d'údaráis áitiúla maidir le comhairleoirí gairmiúla agus teicniúla atá riachtanach chun an tionscadal a chur i gcrích a cheapadh | 75 teaghais a chur ar fáil |
| Sainchúnamh soláthair a chur ar fáil d'údaráis áitiúla maidir le triúr conraitheoirí oibre atá riachtanach chun an tionscadal a chur i gcrích a cheapadh | 82 teaghais |
| Cúnamh leanúnach a chur ar fáil do Chomhairle Cathrach Chorcaí i gcéim 2 de phróiseas leanúnach soláthair a bhaineann le Plé Iomaíoch | Acmhainneacht chun 700 teaghais a chur ar fáil |

**247**

AHB a ndearnadh breithmheas orthu le linn an timthrialla measúnaithe 2017/18,

**83%**

d'AHBanna a léirigh leibhéal ard maidir le rialacháin a chomhlíonadh

## Tionscadail

### Dul Chun Cinn

Chuir an Ghníomhaireacht Tithíochta bainistiú tionscadail, dearadh agus riarachán conarthaí ar fáil do na tionscadail tógála seo a leanas:

- 15 teaghais críochnaithe agus aistrithe ag Athghiniúint Mitchel, Trá Lí, Co. Chiarraí
- Tús curtha le 10 dteaghais a thógáil agus leis an obair ghaolmhar ar shuíomh sa Bhrí, Baile na Lorgan, Co. Mhuineacháin.

Chuir an Ghníomhaireacht sainchomhairleacht costais, suirbhéireacht chainníochta agus riarachán conarthaí ar fáil do roinnt tionscadal tógála do Chomhairle Cathrach Chorcaí.

Chomh maith leis sin, chuir an Ghníomhaireacht suirbhéanna suímh réamhléasaithe agus tuarascálacha measúnachta ar bhail foirgnimh i gcrích.

## Rialáil na gComhlachtaí Tithíochta Faofa

Tá an Oifig Rialála dírithe go fóill ar a príomhsprioc, is é sin oibriú chun sócmhainní AHB a chosaint agus leas tionóntaí reatha agus amach anseo a chaomhnú. Leanann AHBanna dá Rialachas, Inmharthanacht Airgeadais agus Bainistiú Feidhmíochta a neartú agus a fheabhsú. Is í seo an cúigiú bliain den rialáil, atá ina dlúthchuid den earnáil anois. Tá an Oifig Rialála do Chomhlachtaí Tithíochta Faofa á rialú ag Coiste Rialála eatramhach a cheap an tAire Tithíochta, Pleanála agus Rialtais Áitiúil agus tá sí tiomanta do na caighdeáin is airde feidhmíochta agus rialachais.

### Dul Chun Cinn

Rinneadh breithmheas ar 247 AHB le linn an timthrialla measúnaithe 2017/18, inar léirigh 83% d'AHBanna leibhéil arda comhlíontachta. Déanann na AHBanna a ndearnadh measúnú orthu ionadaíocht ar 31,080 teaghais faoin gcreat rialála. Lean an Earnáil AHB de thiomantas láidir a léiriú chun a chinntiú go bhfuil dea-bhainistiú agus dea-rialú á dhéanamh uirthi agus go bhfuil sí inmharthana ó thaobh airgeadais de.

Leanadh leis an dul chun cinn sa Chreat Rialála, agus seoladh an Caighdeán Feidhmíochta i mí na Nollag 2018, arbh é an caighdeán deireanach é sa tsraith. Leanadh den Chaighdeán Airgeadais a leabú, agus léirigh AHBanna Leibhéal 3 tiomantas suntasach i ndáil leis an riachtanas leathan seo. Chomh maith leis sin, ghlac deich AHB Leibhéal 2 páirt sa Chaighdeán Airgeadais píolótach, ónar fhoghlaim an Oifig Rialála nithe tábhachtacha mar gheall ar a bheith páirteach ann.

Tháinig dhá bhuncheist chun cinn in 2017/18:

1. Tá sé de ríthábhacht foilsiú an Bhille (Comhlachtaí Tithíochta Faofa a Rialú) Tithíochta a chur chun cinn. Bhíothas ag súil le haistriú ó Chreat Rialála Deonach chuig Creat Reachtúil d'fhonn gealltanais a chur ar fáil d'infheisteoirí, do thionóntaí, don Rialtas agus don earnáil féin go n-oibríonn AHBanna i dtimpeallacht dea-rialaithe agus cobhsaí
2. Tá éiginnteacht san earnáil mar gheall ar chinneadh Eurostat agus an CSO i mí na Nollag 2017 inar rangaíodh AHBanna Leibhéal 3 a bheith 'laistigh den chlár comhardaithe'. Tá athbhreithniú fós á dhéanamh ar na himpleachtaí a bheidh ag an gcinneadh sin agus ag an rangú sin ar an earnáil.



# 137 líon tí

a bhain leas as an Scéim Morgáiste go Cíos in 2018, agus b'ionann sin agus 445 líon tí ar an iomlán

# 987

cás a bhí gníomhach i Scéim MTR ag deireadh na bliana 2018

# Cuspóir

Réimse seirbhísí réitigh a sholáthar chun aghaidh a thabhairt ar chúrsaí náisiúnta tithíochta.

## Próiseas Réitigh na Riaráistí Morgáiste

Mar chuid de Phróiseas Réitigh na Riaráistí Morgáiste (MARP), iarrtar ar gach iasachtóir (bainc agus cistí) cloí le próiseas i leith iasachtaithe a bhfuil riaráistí morgáiste orthu. Tá sé leagtha amach chun cuidiú le hiasachtaithe idirbheartaíocht a dhéanamh lena n-iasachtóir maidir lena gcuid riaráistí.

Réiteach eile is ea Morgáiste go Cíos na nÚdarás Áitiúil (LAMTR) nuair nach féidir aon socrú a chur i bhfeidhm faoi MARP agus tá sé i bhfeidhm laistigh de na húdaráis áitiúla ar fad.

### Dul Chun Cinn

Chabhraigh an Ghníomhaireacht Tithíochta leis an Roinn ciorclán a dhréachtú do na húdaráis áitiúla faoin bpróiseas LAMTR atá le leanúint.

Le linn na bliana, chuir an Ghníomhaireacht comhairle agus tacaíocht ar fáil d'fhoirne údarás áitiúil ar ghnéithe a bhain le Próiseas Réitigh na Riaráistí Morgáiste (MARP), lena n-áirítear Morgáiste go Cíos na nÚdarás Áitiúil agus Iasachtaí Úinéireachta Comhroinnte a Athstruchtúrú. D'eagraigh an Ghníomhaireacht oiliúint d'údaráis áitiúla i ndáil le MARP. Leanann sí de chomhairle agus tacaíocht a chur ar fáil do líonraí atá bunaithe ar bhonn réigiúnach chun taithí agus dea-chleachtas a roinnt.


## Morgáiste go Cíos

Gníomhaíonn an Ghníomhaireacht Tithíochta ina comhordaitheoir náisiúnta le haghaidh na Scéime Morgáiste go Cíos (MTR); tionscnamh Rialtais chun cabhrú le húinéirí tí atá i gcontúirt a dteaghais a chailleadh.

### Dul Chun Cinn

Bhain 137 líon tí leas as Scéim MTR in 2018, agus b'ionann sin agus go dtí 445 líon tí ar an iomlán. Chomh maith leis sin, bhí 987 cás gníomhach ag deireadh na bliana. Tugadh cead do *Home For Life*, cuideachta phríobháideach, an scéim Morgáiste go Cíos a thairiscint agus bhí an chuideachta i mbun oibre le 2 iasachtóir faoi dheireadh 2018.

**Morgáiste go Cíos 2018**



# €30m

an maoiniú a leithdháileadh ar an Scéim um Leasúchán Piríte do 2018

# 1,378

teach a raibh an obair leasúcháin piríte curtha i gcrích ina leith faoi dheireadh 2018

## An Scéim um Leasúchán Piríte

Cuireann an Ghníomhaireacht Tithíochta an Scéim um Leasúchán Piríte i bhfeidhm thar ceann an Bhoird um Réiteach Piríte. Tá clár oibreacha ag an nGníomhaireacht Tithíochta faoi láthair go dtí 2020. Tá sé sin bunaithe ar an líon iarratas a faomhadh agus uainiú na n-iarratas sin. €30m an maoiniú a bhí ar fáil don bhliain 2018.


### Dul Chun Cinn

Go deireadh mhí na Nollag 2018, fuarthas 2,256 iarratas faoin Scéim um Leasúchán Piríte, agus ceadaíodh 1,900 díobh sin lena n-áireamh faoin scéim.

I mí an Mhárta 2018, baineadh amach an garsprioc 1,000 teaghais a athchóiriú faoin scéim. Faoi dheireadh 2018, cuireadh obair athchóirithe i gcrích maidir le 1,378 teaghais, lena n-áirítear 434 teaghais le linn 2018. Tá sin 34 theaghais chun cinn ar sprioc na bliana.

Chomh maith leis an monatóireacht a rinne na gairmithe dearthóireachta comhairleoireachta a ceapadh, chuir pearsanra teicniúla de chuid na Gníomhaireachta Tithíochta níos mó ná 3,000 cigireacht dhoiciméadaithe i gcrích lena chinntiú gur chomhlíon an obair dheisiúcháin na caighdeáin riachtanacha.

**An Scéim um Leasúchán Piríte – Soláthar**




"Chuir pearsanra teicniúla de chuid na Gníomhaireachta Tithíochta **níos mó ná 3,000 cigireacht dhoiciméadaithe** i gcrích lena chinntiú gur chomhlíon an obair dheisiúcháin na caighdeáin riachtanacha"






# 1,200

sealbhóir tí a ndearnadh staidéar orthu mar chuid den Staidéar Náisiúnta ar Thaithí, Meonta agus Mianta i leith Tithíochta in Éirinn

**10**

dtuarascáil a foilsíodh in 2018 atá ar fáil anois ar láithreán gréasáin na Gníomhaireachta

## Cuspóir

A bheith ina lárionad eolais do bheartas agus cleachtas Tithíochta.

### Taighde agus Foilseacháin

#### Dul Chun Cinn

Bhí clár taighde an-ghníomhach ag an nGníomhaireacht Tithíochta in 2018.

Foilsíodh na tuarascálacha seo a leanas le linn na bliana agus tá siad ar fáil ar láithreán gréasáin na Gníomhaireachta.

| Tionscadal | Dul chun cinn |
|---|---|
| Achoimre ar Mheasúnuithe ar Thithíocht Shóisialta | **Tacaíocht agus Comhairle:** I rith 2018, thug an Ghníomhaireacht comhairle leanúnach ar rialacháin mheasúnaithe d'údaráis áitiúla agus don Roinn. Chomh maith leis sin, thiomsaigh an Ghníomhaireacht na sonraí maidir le tithíocht shóisialta, rinne sí measúnú orthu agus chuir sí an tuarascáil deiridh i dtoll a chéile.<br><br>**Anailís a dhéanamh ar an Sonraí:** Tugtar le chéile san Achoimre ar Mheasúnaithe ar Thithíocht Shóisialta 2018 an fhaisnéis a chuir údaráis áitiúla ar fáil maidir le líonta tí atá incháilithe le haghaidh tacaíocht tithíochta sóisialta ach nach bhfuil an riachtanas tithíochta sóisialta sin á chomhlíonadh. Déantar é seo a chur i gcrích ar bhonn bliantúil faoi láthair, agus cuireadh an measúnú do 2018 i gcrích ar an 11 Meitheamh. Rinne an Ghníomhaireacht anailís ar na sonraí agus cuireadh na torthaí ar aghaidh chuig an Aire. Foilsíodh an tuarascáil deiridh i mí Mheán Fómhair 2018. |
| Ráiteas Náisiúnta ar Sholáthar agus Éileamh Tithíochta | Tríd an Ráiteas Náisiúnta ar Sholáthar agus Éileamh Tithíochta cuirtear faisnéis cothrom le dáta ar fáil ar threochtaí tithíochta agus féachtar chun cinn ar an éileamh a bheidh ann amach anseo ag an am céanna. Dírítear ar: tógáil as an nua, díolachán, an earnáil chíosa, éileamh reatha agus éileamh amach anseo ar thithíocht agus beartas agus reachtaíocht. Ullmhaíonn an Ghníomhaireacht an tuarascáil mar chuid de Ghníomh 1 d'Fhoirgníocht 2020. Ullmhaíodh ráiteas in 2018 agus tá sé beartaithe é a fhoilsiú in 2019. |
| Suirbhé Náisiúnta ar Thithíocht | Sa Staidéar Náisiúnta seo ar Thaithí, Meonta agus Mianta daoine, díríodh ar shástacht mhuintir na tíre seo maidir le tithíocht agus comharsanachtaí agus ar dhearcthaí i leith tionachtaí difriúla agus inacmhainneacht. Bunaíodh é ar shuirbhé a rinneadh ar an náisiún a bhí ionadaíoch agus bunaithe ar agallaimh duine le duine a chur ar 1,200 sealbhóirí tí. Tá sraith tuairiscí mar thoradh ar an taighde seo, agus foilsíodh Tuairisc 1 (Drivers of Residential Satisfaction in Ireland) agus Tuairisc 2 (Irish Residential Satisfaction) i mí na Samhna 2018. Áireofar i dtuairiscí eile: Ag Glacadh ar cíos in Éirinn: Taithí agus Meonta; Úinéireacht Teaghaise in Éirinn: Taithí agus Meonta agus Mianta Tithíochta Amach Anseo. |
| Caighdeáin in Árasáin – treoir dearaidh | Is lámhleabhar atá in Quality Apartments and Urban Housing, a foilsíodh i mí Aibreán 2018 trína gcuirtear buneolas ar fáil d'ailtirí, pleanálaithe, forbróirí agus lucht gairme eile tithíochta san earnáil phríobháideach agus phoiblí maidir leis na gnéithe a chuireann le hárasáin agus tithíocht uirbeach a dhearadh atá ar ardchaighdeán. Trí réimse leagan amach agus típeolaíochtaí a chur san áireamh agus trí tharraingt ar shamplaí ó ar fud na hEorpa, dírítear sa treoir ar léiriú a tabhairt ar an acmhainneacht a bhaineann le dearadh maith le go mbeidh árasáin ar an rogha is fearr ó thaobh teaghaise de. |
| Cuideachtaí Bainistíochta Úinéirí (CUID A) | Ba í an Ghníomhaireacht a choimisiúnaigh agus a rinne bainistiú ar an tionscadal taighde seo agus ba é PwC a chuir i gcrích é. San Eolaire, a cuireadh i gcrích i mí Bealtaine 2018, cuirtear liosta cothrom le dáta ar fáil ar Chuideachtaí Bainistíochta Úinéirí in Éirinn. Chomh maith leis sin, cuirtear anailís ar fáil ar na cuntais is déanaí na gcuideachtaí agus ar thuarascálacha stiúrthóirí i leith sampla de Chuideachtaí Bainistíochta Úinéirí, inar cuireadh eolas ar fáil maidir le: na cistí fiachmhúchta a bhí ar fáil, leibhéil fiachais agus an t-airgead atá ar fáil. |

| Tionscadal | Dul chun cinn |
|---|---|
| Cuideachtaí Bainistíochta Úinéirí (CUID B) | Scrúdaítear feidhmíocht Chuideachtaí Bainistíochta Úinéirí in Éirinn, athbhreithniú ar chomparáidí idirnáisiúnta agus cuirtear moltaí ar fáil sa taighde seo a coimisiúnaíodh i gcomhpháirt le Clúid. Pléadh dréachtmholtaí le linn ceardlainne a reáchtáladh i mí na Samhna 2018, agus tá tuarascáil deiridh á cur i dtoll a chéile ag an taighdeoir. |
| Comhpháirtíocht Taighde le Comhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath | Cuireann an Ghníomhaireacht tacaíocht ar fáil do Chomhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath (DCC) maidir le tionscadail taighde a choimisiúnú agus a bhainistiú. Sampla amháin is ea Measúnú ar Mhúnla Tithíochta Chomhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath atá Báúil le hAois, in Inse Chór. Ba é aidhm fhoriomlán an tionscadail seo múnla nua i leith tithíochta a fhorbairt do dhaoine scothaosta ina gcuirfí cúram, tacaíocht agus gnéithe pobail ar fáil ar an láthair atá comhcheangailte leis an bpobal agus atá leagtha amach bunaithe ar dhaoine scothaosta. Choimisiúnaigh DCC agus an Ghníomhaireacht athbhreithniú ar an gcéad chéim den tionscadal seo i gcomhpháirt. Chomh maith leis sin forbraíodh foireann uirlisí chun treoir a chur ar fáil do sholáthróirí tithíochta sóisialta a bhfuil spéis acu tionscadail Tithíochta agus Tacaíochta a fhorbairt do dhaoine scothaosta. Cuireadh an measúnú agus an fhoireann uirlisí i gcrích agus sheol an tArd-Mhéara Mícheál Mac Donncha agus an tAire Stáit do Thithíocht agus Forbairt Uirbeach, an tUasal Damien English,T.D. i gcomhpháirt iad i mí Bealtaine 2018. |
| Taighde ar Thithe Folmha: Cás-Staidéir | Choimisiúnaigh an Ghníomhaireacht Tithíochta taighde inar scrúdaíodh conas mar a aithnítear tithe folmha i gcathracha agus i dtíortha eile. Chuir Space Engagers an tionscadal i gcrích, inar úsáideadh Albain, an Danmhairg agus Filideilfia (SAM) mar shamplaí cás-staidéir agus ina ndearnadh iniúchadh ar bhunachair sonraí a chruthú agus a úsáid maidir le tithe folmha. Cuireadh an taighde i gcrích i mí Dheireadh Fómhair 2018. |
| ALONE – Tithíocht do Dhaoine Scothaosta in Éirinn | Chuir an Ghníomhaireacht Tithíochta tacaíocht ar fáil do ALONE chun tuarascáil a chur i dtoll a chéile: "Housing Choices for Older People in Ireland – Supply and Demand". Sa tuarascáil seo, féachtar ar na roghanna tithíochta éagsúla ar cheart a áireamh ar "speictream tithíochta" do dhaoine scothaosta. Leagtar amach inti na roghanna atá ar fáil faoi láthair maidir le soláthar agus éileamh, an t-éileamh a bheidh ar na roghanna amach anseo, agus an infheistíocht ar cheart a dhéanamh sna deich mbliana atá romhainn. |
| Tithíocht do Chách | Tá láithreán gréasáin 'Housing for All' leagtha amach ag an nGníomhaireacht, a chuaigh beo i mí Mheán Fómhair 2018. Sa láithreán gréasáin, cuirtear treochlár ar fáil i leith reacht-aíocht bharrthábhachtach chomh maith le treoir maidir le tithíocht a leagan amach chun riachtanais an uile dhuine a bhaint amach. Áirítear leis seo treoir i ndáil le leagan amach: tithíocht atá oiriúnach do chathaoireacha rothaí, tithíocht atá oiriúnach do dhaoine scothaosta, daoine a bhfuil néaltrú ag dul dóibh, daoine a bhfuil míchumas céadfach orthu, daoine a bhfuil galar meabhrach orthu agus daoine a bhfuil uathachas orthu. |
| Tithíocht do Dhaoine Scothaosta | Sheol an tAire English an tuarascáil "Thinking Ahead: Independent and Supported Housing Models for an Ageing Population" i mí na Samhna 2018. Sa tuarascáil seo, tugtar mionsonraí ar 19 cás-staidéar a rinneadh ar thithíocht do dhaoine scothaosta ar fud na hÉireann ag a bhfuil leibhéil éagsúla seirbhísí tacaíochta. Tugtar léiriú inti ar shamplaí den dea-chleachtas i leith tionscadal tithíochta a forbraíodh nó atá á bhforbairt. Áirítear sa tuarascáil ceachtanna atá foghlamtha ó scéimeanna a d'fhorbair agus a bhainistigh údaráis áitiúla, cumainn tithíochta agus an earnáil phríobháideach.<br><br>Chomh maith leis sin chuir an Ghníomhaireacht Aighneacht faoi bhráid Chomhchoiste an Oireachtais um Thithíocht, Pleanáil agus Rialtais Áitiúil, Roghanna Tithíochta do Dhaoine Scothaosta. |
| Foréigean Baile agus Easpa Dídine Teaghlach | Tá an Ghníomhaireacht ag déanamh urraíocht ar an taighde seo i gcomhpháirt le Focus Ireland. Bronnadh an conradh taighde ar Choláiste na Tríonóide i ndeireadh 2018 i ndiaidh soláthar oscailte. Mar chuid den taighde déantar iniúchadh ar an gceangal idir foréigean baile agus easpa dídine, agus dírítear ar sheirbhís a chur ar fáil agus a chomhordú. Tá Grúpa Comhairleach Taighde bunaithe. |

| Tionscadal | Dul chun cinn |
|---|---|
| Sainghrúpa Taighde maidir le Cóiríocht don Lucht Siúil | Bhunaigh an tAire English an Sainghrúpa chun athbhreithniú a dhéanamh ar Acht na dTithe (Cóiríocht don Lucht Siúil) 1998 agus ar reachtaíocht eile a imríonn tionchar ar chóiríocht a chur ar fáil agus a sholáthar don Lucht Siúil. Tá an Ghníomhaireacht ag cur tacaíocht Rúnaíochta ar fáil don Shainghrúpa. Áirítear leis seo próisis chomhairliúcháin, tacaíocht taighde, dréachtú tuarascálacha agus tacaíochtaí ginearálta rúnaíochta a bhainistiú. |
| Tionchar an Bhreatimeachta ar Chúrsaí Tithíochta | Choimisiúnaigh an Ghníomhaireacht EY/DKM chun athbhreithniú a dhéanamh ar a tionchair a d'fhéadfadh a bheith ar mhargadh tithíochta na hÉireann 2019–2022 mar gheall ar an mBreatimeacht. Cé go raibh go leor neamhchinnteachta fós ann maidir leis an mBreatimeacht ag am an choimisiúnaithe, measadh go mbeadh tionchar ar an éileamh ar thithíocht mar gheall ar áiteanna ina mbeadh poist á bhfáil nó á gcailleadh. Áireofar an tionchar a d'fhéadfadh a bheith ar threochtaí riaráistí morgáiste, naisc i slabhraí soláthair d'ábhair thógála agus riachtanais cóiríochta bhreise d'oibreoirí custaiméara barrthábhachtacha sa tuarascáil chomh maith. Tá an t-athbhreithniú le cur i gcrích in 2019. |
| Criosanna Brú Cíosa | Tugann an Ghníomhaireacht faoi anailís leanúnach a dhéanamh ar na margaí cíosa áitiúla de réir mar is gá i gcomhthéacs na reachtaíochta maidir le criosanna brú cíosa. Tá ról lárnach ag an nGníomhaireacht faoin reachtaíocht maidir le Criosanna Brú Cíosa a ainmniú agus a dhí-ainmniú. A luaithe is a bhaineann ceantar atá molta ag an nGníomhaireacht amach na critéir atá leagtha amach sa reachtaíocht, ainmnítear é ina Chrios Brú Cíosa. Chomh maith leis sin, nuair a mholann an Ghníomhaireacht ceantar a dhí-ainmniú déanfaidh an tAire an t-ainmniú mar Chrios Brú Cíosa i leith an cheantair sin a aisghairm. |

## Tacaíocht Beartas Tithíochta don Roinn agus Údaráis Áitiúla

In 2018, chuidigh an Ghníomhaireacht Tithíochta leis an Roinn agus le húdaráis áitiúla maidir le réimse leathan ceisteanna beartais, lena n-áirítear nósanna imeachta Measúnaithe agus Leithdháilte agus a n-athbhreithniú, chomh maith le Foirmeacha Iarratais, HAP agus RAS. Tá an fhoirm iarratais HAP tugtha chun críche agus tá dhá údarás áitiúil á dtástáil faoi láthair. Déanfar an fhoirm iarratais ar chúnamh tithíochta sóisialta a thabhairt chun críche in R1 2019.

### Léasú Caighdeánach

Tugadh isteach socruithe maidir le léasú caighdeánach ar dtús in 2009 faoina dtugtar cead d'údaráis áitiúla agus d'AHBanna réadmhaoine oiriúnacha a ligean ar léas ar feadh tréimhse idir 10 agus 15 bliana lena n-úsáid le haghaidh tithíocht shóisialta. I gcomhar leis an Roinn, rinne an Ghníomhaireacht maoirsiú ar an athbhreithniú a rinneadh ar théarmaí na gcomhaontuithe maidir le ligean ar léas caighdeánach. Tugadh an obair chun críche agus eisíodh comhaontuithe i dteimpléid nua sa ráithe deiridh de 2018. Cuireann an Ghníomhaireacht eolas ginearálta ar fáil faoin scéim d'úinéirí réadmhaoine agus d'infheisteoirí ionchasacha agus ag an am céanna, cuidíonn sí le húdaráis áitiúla nósanna imeachta a fhorbairt trína gcuidítear le tithíocht shóisialta a chur ar fáil trí bhíthin léasú fadtéarmach.

### An Scéim um Léasú níos Fearr

Tugadh isteach léasú níos fearr in 2018 chun díriú ar theaghais agus árasáin nuathógtha agus atá fós le tógáil. Bhí dhá Ghlao ar Thograí (CFP) go dtí seo faoin Scéim um Léasú níos Fearr. Faoin Scéim, teastaíonn ar a laghad 20 aonad laistigh de cheantar údaráis áitiúil. Cuireadh tús leis an gcéad CFP i mí Eanáir 2018 agus fuair an Ghníomhaireacht Tithíochta 33 aighneacht, a bhfuil trí cinn díobh fós gníomhach, (ní raibh cead pleanála faighte ag an bhformhór) agus táthar

**1,700**

cleachtóir tithíochta atá cláraithe ina n-úsáideoirí maidir le housingmanual.ie

ag súil go síneofar na léasanna seo ag tús na bliana 2019.

Cuireadh tús leis an dara CFP i mí Lúnasa 2018, agus fuair an Ghníomhaireacht Tithíochta ocht n-aighneacht agus fuarthas trí cinn déag d'aighneachtaí maidir le Measúnú Oiriúnachta Réamh-phleanála. Tugadh isteach an Measúnú Oiriúnachta Réamh-Phleanála d'fhonn oiriúnacht aighneacht fhéideartha a dheimhniú sula bhfaighfí cead pleanála.

Táthar ag súil go n-osclófar an CFP arís ag tús na bliana 2019 gan aon dáta deiridh i gceist, ós rud é gur tionscadal leanúnach a bheidh ann.

### Beartas Cíosanna Difreálacha

Rinne an Ghníomhaireacht Tithíochta anailís ar an tionchar atá ag roghanna éagsúla atá á mbreithniú ag an Roinn maidir le cíos a ghearradh ar thionóntaí údarás áitiúil atá i gceantar údarás áitiúil cheana féin. Cuireadh anailís a rinneadh ar an toradh ar aghaidh chuig an Roinn chun cuidiú léi ina cuid athbhreithnithe maidir le beartas a fhorbairt.

### Cuid V de na hAchtanna um Pleanáil agus Forbairt — Nuashonrú 2018

Foráiltear faoi Chuid V den Acht um Pleanáil agus Forbairt 2000 (Cuid V) do cheanglas i leith forbróirí i ndáil le tithíocht shóisialta agus tithíocht inacmhainne.

Rinneadh roinnt leasuithe ar Chuid V faoin Acht um Athbheochan Uirbeach agus Tithe 2015 (Acht 2015) agus é mar aidhm leis tuilleadh tithíochta sóisialta a chur ar fáil agus foráil a dhéanamh do thrédhearcacht i bpróiseas Chuid V. Ós rud é go bhfuil méadú ag teacht ar thógáil sa mhargadh réadmhaoine, tá sé níos tábhachtaí ná riamh go mbeadh tuiscint ag forbróirí agus údaráis áitiúla ar na hoibleagáidí seo agus ar na roghanna éagsúla atá ann chun Cuid V a chomhlíonadh.

In 2018, lean an Ghníomhaireacht ag tacú leis an Roinn, le húdaráis áitiúla agus le forbróirí aonair maidir le Cuid V de na hAchtanna um Pleanáil agus Forbairt. Cuireadh oiliúint ar an láthair ar fáil go sonrach do Chomhairle Chontae na Gaillimhe agus do Chomhairle Chontae Bhaile Átha Cliath Theas.

### An Scéim Cóiríochta Cíosa

Ghlac an Ghníomhaireacht Tithíochta ceannas ar an athbhreithniú a rinneadh ar Chonarthaí RAS. Cuireadh an t-athbhreithniú i gcrích, agus eisíodh conarthaí nua chuig údaráis áitiúla trí bhíthin Ciorcláin Roinne i mí na Nollag 2018. Lean an Ghníomhaireacht Tithíochta de thacú leis an dá údarás áitiúil agus leis an Roinn maidir le ceisteanna agus fadhbanna de réir mar a tháinig siad chun cinn.

### Lámhleabhar Tithíochta

Is acmhainn thábhachtaí i gcónaí é an láithreán gréasáin housingmanual.ie ón Lámhleabhar Tithíochta, do thuairim is 1,700 úsáideoir ar cleachtóirí tithíochta cláraithe iad. Tá na ciorcláin is déanaí agus is tábhachtaí sa lámhleabhar, tugtar faisnéis forléargais ar bheartais agus scéimeanna éagsúla a bhaineann le tithíocht, agus is féidir teacht ar dhoiciméid bharrthábhachtacha air. Ar na hábhair atá ann tá ábhair a bhaineann le tithíocht a bhainistiú, a sholáthar agus bealaí i dtreo úinéireacht a fháil ar theaghais. Le linn 2018, rinneadh an t-ábhar a nuashonrú agus cuireadh feabhas ar fheidhmiúlacht an láithreáin.

## Oiliúint do Chleachtóirí Tithíochta

Féachann an Ghníomhaireacht le tacaíocht a thabhairt don lucht gairme tithíochta, lena n-áirítear iadsan atá ag obair in údaráis áitiúla agus i gComhlachtaí Tithíochta Faofa. Oibrímid i gcomhar agus cuirimid deiseanna oiliúna ar fáil chomh maith chun cláir oideachais tithíochta a chur chun cinn.

### Dul Chun Cinn

Le linn 2018 rinneamar dul chun cinn sna príomhréimsí seo a leanas:

# 25

údarás áitiúil a ghlac páirt san oiliúint maidir le hlasacht Tithíochta Atógáil Éireann agus is ionann sin agus 95% de na hiarratais

# 31

gairmí tithíochta a fuair tairiscint ar sparánacht oiliúna

- Rinneamar bainistiú ar **www.housingtraining.ie,** a fheidhmíonn mar acmhainn phoiblí d'oiliúint, oideachas agus imeachtaí tithíochta
- Rinneamar éascaíocht ar **ghrúpa Líonra um Oiliúint Tithíochta**, lena n-áirítear brandáil a chruthú don líonra. Faoi láthair, cuimsítear ionadaithe ón mBord um Thionóntachtaí Cónaithe (RTB), an Foras Riaracháin (IPA), an Institiúid Chairte um Thithíocht (CIH) agus Comhairle na hÉireann um Thithíocht Shóisialta (ICSH) sa líonra.
- Chuireamar anailís ar **Riachtanais maidir le hOiliúint Tithíochta** i gcrích le stiúrthóirí tithíochta Údarás Áitiúil. Arna cur i dtoll a chéile i gcomhpháirt leis an IPA, leanann an anailís d'eolas a chur ar fáil i ndáil le himeachtaí oiliúna a fhorbairt
- D'fhorbraíomar **Sparánacht Oideachais Tithíochta na Gníomhaireachta Tithíochta.** In 2018, tairgeadh maoiniú sparánachta (a chuireann méid áirithe le táillí cúrsa) do 31 gairmí tithíochta ó roinnt eagraíochtaí, lena n-áirítear cúig údarás áitiúil agus naoi gComhlacht Tithíochta Faofa. Faoin sparánacht, bhí an dream a fuair sparánacht ábalta áiteanna a bhaint amach ar Dhioplóma Gairmiúil i Staidéar Tithíochta Leibhéal 8 agus Teastas i dTithíocht Leibhéal 6, chomh maith le Teastas i dTithíocht (UK) Leibhéal 4 creidiúnaithe ag CIH arna reáchtáil ag ICSH.

Chomh maith leis sin chuir an Ghníomhaireacht tacaíocht ar fáil do na cláir seo a leanas:

| Clár | Nuashonrú |
|---|---|
| Smaointeoireacht nua i leith Tithíochta | Tá clár ceardlainne IPA dírithe ar bhainisteoirí tithíochta. |
| Seisiúin oiliúna atá bunaithe ar údaráis áitiúla de chuid Aoisbhá Éireann maidir le 'Tithíocht agus an Réimse Poiblí' | Reáchtáladh seimineáir réigiúnacha sa Tulach Mhór agus i mBaile Átha Cliath chun tacú le leathadh amach leanúnach beartas sa réimse seo. |
| Oiliúint iHouse arna heagrú ag an nGníomhaireacht Bainistíochta Rialtais Áitiúil (LGMA) | Is é iHouse an córas IT i leith tithíochta a úsáideann formhór na n-údarás áitiúil ar fud na tíre agus tá ríthábhacht ag baint le hoiliúint chun caighdeán na sonraí atá ar fáil maidir le tithíocht a fheabhsú. |
| Cén fáth a bhfuil tábhacht ag baint le Bainistíocht Sócmhainní?' | Eagraíodh an seimineár seo i gcomhpháirt le CIH. San imeacht seo, díríodh ar an dea-chleachtas i ndáil le bainistíocht sócmhainní ar fud na hÉireann agus na Ríochta Aontaithe – d'óstálamar thart ar 60 lucht freastail ó gach cearn de na húdaráis áitiúla agus d'earnáil na gcomhlachtaí tithíochta ceadaithe. |
| 'Gairm Bheatha a Fhorbairt i dTithíocht' | D'eagraigh an Ghníomhaireacht Tithíochta an t-imeacht seo i gcomhpháirt leis an Líonra um Oiliúint Tithíochta. Bhí an t-imeacht dírithe ar ghairmithe nach raibh mórán cur amach acu ar thithíocht go dtí seo, agus cuireadh léargais ar fáil ar ghairmeacha lucht gairme tithíochta seanbhunaithe agus ar dheiseanna atá ann maidir le forbairt ghairmiúil leanúnach. D'fhreastail thart ar 50 toscaire ar an oíche. |

# 5

imeacht a eagraíodh in 2018 chun teagmháil a dhéanamh leis an earnáil tithíochta

| Clár | Nuashonrú |
|---|---|
| Oiliúint i leith Iasacht Tithíochta de chuid Atógáil Éireann | Cuireann an Ghníomhaireacht Tithíochta oiliúint ar fáil d'údaráis áitiúla maidir leis an Scéim Iasachta Tithíochta de chuid Atógáil Éireann. Déanann an Ceann um Fhrithghealladh agus an Frithgheallaí Sinsearach an oiliúint seo a éascú laistigh den Ghníomhaireacht Tithíochta. Tugann sé seo forléargas ar an scéim d'fhoirne údarás áitiúil, chomh maith le sonraí ar an bpróiseas cinnteoireachta i leith iarratas agus ar bheartas creidmheasa. Go dtí seo, ghlac 25 údarás áitiúil páirt san oiliúint agus is ionann sin agus 95% de na hiarratais. |

## Rannpháirtíocht leis an Earnáil Tithíochta

Bíonn an Ghníomhaireacht rannpháirteach lena cuid páirtithe leasmhara ar go leor bealaí, lena n-áirítear trí theagmháil a dhéanamh go laethúil le linn a cuid oibre ginearálta. Déanann Ionadaithe na Gníomhaireachta ionadaíocht ar an nGníomhaireacht ar fhóraim agus coistí stiúrtha éagsúla a bhaineann le cúrsaí tithíochta. Áirítear ina measc siúd Fóram na gCleachtóirí Tithíochta, an Grúpa Anailísíochta Tithíochta, an Creat Náisiúnta Pleanála agus tuilleadh nach iad. Ina theannta sin, déantar ionadaíocht ar an nGníomhaireacht ag imeachtaí labhartha ar nós comhdhálacha agus seimineár ar fud na hearnála. Reáchtálann an Ghníomhaireacht imeachtaí tábhachtacha freisin chun na páirtithe ábhartha a thabhairt le chéile; cinntíonn sé sin rannpháirtíocht ghníomhach ar bhonn níos foirmiúla.


### Dul Chun Cinn

D'eagraigh an Ghníomhaireacht na himeachtaí seo a leanas in 2018:

| Imeacht | Achoimre |
|---|---|
| Comhdháil na gCleachtóirí Tithíochta | Ba é téama Chomhdháil na gCleachtóirí Tithíochta ná 'Tuilleadh Teaghaisí a Sholáthar' a eagraíodh i gcomhar leis an bhForas Riaracháin. Áiríodh mar chuid di cuir i láthair ar na Príomhdhúshláin i leith Tithíochta agus i leith Tithíocht Shóisialta agus Inacmhainne. Bhí réimse leathan cainteoirí ón Roinn, ó údaráis áitiúla, ó AHBanna agus ón saol acadúil ag an imeacht a bhí ar siúl ar an 17 agus an 18 Bealtaine 2018 in Óstán an Royal Marine i nDún Laoghaire. |
| Seimineár maidir le Sonraí Tithíochta | San imeacht seo a d'eagraigh an Ghníomhaireacht Tithíochta, díríodh ar Shonraí Tithíochta agus ar dheiseanna atá bunaithe ar shonraí i dtithíocht a scaoileadh. Pléadh foinsí agus naisc ionchasacha ag an imeacht chomh maith le Dinimicí sa Mhargadh Tithíochta. Bhí an seimineár ar siúl idir an 4 Iúil 2018 in Ionad Wood Quay laistigh d'oifig Chomhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath. |

| Imeacht | Achoimre |
|---|---|
| Comhdháil Bhliantúil | Reáchtáil an Ghníomhaireacht a Comhdháil Bhliantúil an 21 Samhain 2018 i mBaile Átha Cliath, ina raibh 'Dúthshraith Daingean do Thithíocht Inbhuanaithe' mar théama. D'oscail an tAire Eoghan Murphy an chomhdháil, atá dírithe ar an earnáil tithíochta i gcoitinne. |
| Seimineár maidir le Tithíocht Inacmhainne | D'óstáil an Ghníomhaireacht Tithíochta cainteoirí ón Líonra Eorpach do Thaighde Tithíochta chun a gcuid taithí a roinnt le cleachtóirí tithíochta a mBaile Átha Cliath. Bhí an seimineár ar siúl an 7 Nollaig 2018 i mBaile Átha Cliath. |
| Seimineár maidir le Tionacht Mheasctha | Sheol an Ghníomhaireacht Tithíochta tuarascáil an 12 Nollaig 2018 in Óstán Alex, Baile Átha Cliath, dar teideal 'An Chomharsanacht a Atógáil in Éirinn: Conas is féidir linn pobail tionachta measctha a chur ar bun?'. Choimisiúnaigh Tomar Trust an tuarascáil le cuidiú ó Chomhairle Contae agus Cathrach Chorcaí. Chuir an Dr Aideen Hayden agus Bob Jordan, údair na tuarascála, an méid a bhí faighte amach acu i láthair in éineacht le cur i láthair ón Dr Tony Manzi ó Ollscoil Hallam, Sheffield. |





# Ráiteas Rialachais agus Tuarascáil na gComhaltaí Boird

Aithníonn an Ghníomhaireacht Tithíochta an tábhacht a bhaineann le dea-rialachas agus féachann sí le hoibriú de réir an dea-chleachtais. Cuimsítear sa mhír seo an Ráiteas Rialachais agus Tuarascáil na gComhaltaí Boird.

## Rialachas

Bunaíodh Bord na Gníomhaireachta Tithíochta faoin Ordú Bunaithe, Ionstraim Reachtúil 264 de 2012. Leagtar amach feidhmeanna an Bhoird in alt 5 den Ordú. Tá an Bord freagrach don Aire Tithíochta, Pleanála agus Rialtais Áitiúil agus tá sé freagrach as dea-rialachas a chinntiú. Tugann an Bord faoin tasc sin trí chuspóirí agus spriocanna straitéiseacha a shocrú agus cinntí straitéiseacha a dhéanamh ar na príomhcheisteanna gnó. Tá gnáthbhainistíocht, rialú agus treo na Gníomhaireachta Tithíochta faoi chúram an Phríomhoifigigh Feidhmiúcháin (CEO) agus na foirne ardbhainistíochta. Caithfidh an CEO agus an fhoireann ardbhainistíochta an treo straitéiseach leathan a shocraíonn an Bord a leanúint, agus caithfidh siad a chinntiú go bhfuil tuiscint shoiléir ag comhaltaí uile an Choimisiúin ar na príomhghníomhaíochtaí agus príomhchinntí a bhaineann leis an aonán, agus ar aon rioscaí suntasacha ar dóigh go dtarlóidh siad. Feidhmíonn an CEO ina idirghabhálaí díreach idir an Bord agus lucht bainistíochta na Gníomhaireachta Tithíochta.

## Freagrachtaí an Bhoird

Leagtar amach obair agus freagrachtaí an Bhoird i dTéarmaí Tagartha an Bhoird, chomh maith leis na hábhair a gcaithfidh an Bord cinntí a dhéanamh ina leith go sonrach. Áirítear leis na míreanna seasta a bhreithníonn an Bord:

- Dearbhú leasanna
- Riosca
- Tuairiscí ó choistí
- Tuairiscí ar fheidhmíocht
- Ábhair fhorchoimeádta; agus
- Tuairiscí airgeadais/cuntais bainistíochta.

Éilíonn Alt 11 den Ordú ar Bhord na Gníomhaireachta Tithíochta gach cuntas cuí agus gnásúil ar airgead a fuair agus a chaith sí a choinneáil i cibé formáid a fhaomhfaidh an tAire Tithíochta, Pleanála agus Rialtais Áitiúil, le cead an Aire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe.

Éilítear faoi Alt 25 den Acht um Réiteach Piríte, 2013 ar an nGníomhaireacht Tithíochta ráitis airgeadais a ullmhú gach bliain agus iad a chur faoi bhráid an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste lena n-iniúchadh.

Agus na ráitis airgeadais seo á n-ullmhú, éilítear ar Bhord na Gníomhaireachta Tithíochta:

- Beartais oiriúnacha chuntasaíochta a roghnú agus iad a chur i bhfeidhm go seasta
- Breithiúnais agus meastacháin a dhéanamh atá réasúnach agus ciallmhar
- Na ráitis airgeadais a ullmhú ar bhonn an ghnóthais leantaigh, ach amháin sa chás nach cuí glacadh leis go leanfaidh sí de bheith i bhfeidhm; agus
- A chur in iúl ar leanadh caighdeáin chuntasaíochta is infheidhme, faoi réir ag aon athruithe ábhartha a nochtar agus a mhínítear sna ráitis airgeadais.

Tá an Bord freagrach as a chinntiú go gcoinníonn an Ghníomhaireacht Tithíochta taifid leordhóthanacha chuntasaíochta, nó go gcuirtear faoi deara go gcoinnítear taifid leordhóthanacha chuntasaíochta, a mhíníonn agus a thaifeadann i gceart

"Tá an Bord freagrach don Aire Tithíochta, Pleanála agus Rialtais Áitiúil agus **tá sé freagrach as dea-rialachas a chinntiú.** Tugann an Bord faoin tasc sin trí chuspóirí agus spriocanna straitéiseacha a shocrú agus cinntí straitéiseacha a dhéanamh ar na príomhcheisteanna gnó"

"Tá an Bord freagrach **as a chinntiú go gcoinníonn an Ghníomhaireacht Tithíochta taifid leordhóthanacha chuntasaíochta,** nó go gcuirtear faoi deara go gcoinnítear taifid leordhóthanacha chuntasaíochta, a mhíníonn agus a thaifeadann i gceart idirbhearta na Gníomhaireachta Tithíochta"

idirbhearta na Gníomhaireachta Tithíochta, a chumasaíonn gur féidir sócmhainní, dliteanais, staid airgeadais agus ioncam agus caiteachas na Gníomhaireachta Tithíochta a chinneadh ag am ar bith le cruinneas réasúnta, a chuireann ar chumas an Bhoird a chinntiú go gcomhlíonann na ráitis airgeadais Alt 11(1) den Ordú Bunaithe, 2012 agus Alt 25(1) den Acht um Réiteach Piríte, 2013.

Tá an Bord freagrach as cothabháil agus ionracas na faisnéise airgeadais agus corparáidí atá ar shuíomh gréasáin na Gníomhaireachta Tithíochta.

Tá an Bord freagrach as an bPlean Gnó agus buiséad bliantúil a cheadú agus rinneadh sin in 2018. I mí na Nollag 2018, rinne an Bord athbhreithniú ar fheidhmíocht na Gníomhaireachta in aghaidh an Phlean Gnó. Cuireadh tuairiscí airgeadais i láthair go rialta ar feadh na bliana inar léiríodh athbhreithniú in aghaidh an bhuiséid bhliantúil.

Tá an Bord freagrach freisin as a sócmhainní a chosaint agus dá bhrí sin as céimeanna réasúnacha a ghlacadh chun calaois agus neamhrialtachtaí eile a chosc agus a bhrath.

Measann an Bord go dtugann ráitis airgeadais na Gníomhaireachta Tithíochta léargas fírinneach cóir ar fheidhmíocht airgeadais agus ar staid airgeadais na Gníomhaireachta Tithíochta amhail an 31 Nollaig 2018.

## Struchtúr an Bhoird

Tá Cathaoirleach agus seachtar comhaltaí a cheapann an tAire Tithíochta, Pleanála

**Struchtúr an bhoird**

| Comhalta boird | Eagraíocht | Téarma ceapacháin |
|---|---|---|
| Conor Skehan | An Cathaoirleach | Ceaptha Iúil 2013 go dtí an 31 Nollaig 2017<br>Athcheaptha an 1 Eanáir 2018 go dtí an 31 Nollaig 2018 d'fhonn Cathaoirleach nua a cheapadh.<br>D'éirigh as i mí Aibreáin 2018 |
| Michael Carey | An Cathaoirleach | Ceaptha an 27 Aibreán 2018 go dtí an 26 Aibreán 2023 |
| Donal McManus | Comhairle na hÉireann um Thithíocht Shóisialta | Ceaptha Eanáir 2013 go dtí an 31 Nollaig 2017<br>Athcheaptha an 1 Eanáir 2018 go dtí an 31 Nollaig 2022 |
| Mary Hurley | An Roinn Tithíochta, Pleanála agus Rialtais Áitiúil (DHPLG) | Ceaptha Deireadh Fómhair 2017 go dtí an 31 Nollaig 2017<br>Athcheaptha an 1 Eanáir 2018 go dtí an 31 Nollaig 2022 |
| Tony O'Brien | Sainchomhairleoir Bainistíochta | Ceaptha Iúil 2013 go dtí an 31 Nollaig 2017<br>Athcheaptha an 1 Eanáir 2018 go dtí an 31 Nollaig 2020 |
| John Burke | An Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe (DPER) | Ceaptha Bealtaine 2016 go dtí an 31 Nollaig 2017<br>Athcheaptha an 1 Eanáir 2018 go dtí an 31 Nollaig 2022 |
| John O'Connor | An Príomhoifigeach Feidhmiúcháin, an Ghníomhaireacht Tithíochta | Ceaptha Eanáir 2013 go dtí an 31 Nollaig 2017<br>Athcheaptha an 1 Eanáir 2018 go dtí an 31 Nollaig 2022 |
| Conn Murray | Comhairle Cathrach agus Contae Luimnigh | Ceaptha an 1 Samhain 2018 go dtí an 31 Deireadh Fómhair 2020 |
| Fiona Lawless | Comhairle Contae na Mí | Ceaptha Eanáir 2018 go dtí an 31 Nollaig 2022 |
| Michael Walsh | Comhairle Cathrach agus Contae Phort Láirge | Ceaptha Eanáir 2018 go dtí an 31 Deireadh Fómhair 2018 |

"An Coiste go háirithe go ndéantar **monatóireacht ghníomhach agus neamhspleách ar na córais rialaithe inmheánaigh, gníomhaíochtaí iniúchta ina measc.** Tuairiscíonn an Coiste don Bhord i ndiaidh gach cruinnithe, agus go foirmiúil i scríbhinn uair sa bhliain"

agus Rialtais Áitiúil ar an mbord. Tagann na comhaltaí Boird le chéile uair sa mhí. Chuaigh téarmaí an Chathaoirligh agus na gcomhaltaí ar fad in éag an 31 Nollaig 2017.

Chuir an Bord tús le measúnú féin-mheastóireachta i mí na Nollag 2018, agus tabharfaidh sé faoi Athbhreithniú seachtrach ar Éifeachtacht agus Meastóireacht an Bhoird in 2019, a chuirfear i gcrích in 2019.

## Fochoistí an Bhoird

Tá dhá choiste bunaithe ag an mBord:

- An Coiste Iniúchóireachta agus Riosca, agus
- Coiste Straitéise.

Tá triúr comhaltaí Boird agus comhalta neamhspleách amháin ar an gCoiste Iniúchóireachta agus Riosca. Is é ról an Choiste Iniúchóireachta agus Riosca (ARC) tacú leis an mBord maidir lena fhreagrachtaí as cúrsaí riosca, rialaithe agus rialachais agus cúrsaí dearbhaithe lena mbaineann. Tá an Coiste neamh-spleách ar bhainistíocht airgeadais na heagraíochta.

Cinntíonn an Coiste go háirithe go ndéantar monatóireacht ghníomhach agus neamhspleách ar na córais rialaithe

**Sceideal freastail, táillí agus speansais in 2018 – Bord na Gníomhaireachta Tithíochta**

| | Cruinnithe Boird Ceaptha freastal | Cruinnithe Boird ar ar freastalaíodh 9 | An Coiste Iniúchóireachta & Riosca 4 | Táillí 2018 | Speansais 2018 |
|---|---|---|---|---|---|
| Conor Skehan (d'éirigh as in Aibreán '18) | 4 | 4 | n/b | Nialas | Nialas |
| Michael Carey (ceaptha in Aibreán '18) | 5 | 5 | n/b | Nialas | Nialas |
| Donal McManus* | 9 | 8 | 4 | Nialas | Nialas |
| Mary Hurley* | 9 | 7 | n/b | Nialas | Nialas |
| Tony O'Brien | 9 | 9 | 4 | Nialas | Nialas |
| John Burke* | 9 | 7 | n/b | Nialas | Nialas |
| John O'Connor* | 9 | 9 | n/b | Nialas | Nialas |
| Michael Walsh (d'éirigh as D. Fómhair '18)* | 8 | 4 | n/b | Nialas | Nialas |
| Fiona Lawless* | 9 | 9 | 3 | Nialas | Nialas |
| Conn Murray (ceaptha i Samhain '18)* | 1 | 1 | n/b | Nialas | Nialas |

* Ní bhfuair seachtar comhaltaí táille Boird faoin bprionsabal 'Duine Amháin, Tuarastal Amháin' (OPOS).
Ní bhfuair comhaltaí Boird eile táille. B'ionann costais na gcruinnithe Boird don tréimhse agus €718.

"I mí Aibreáin 2018, **ceapadh Michael Carey mar Chathaoirleach, agus** tháinig sé i gcomharbacht ar Conor Skehan"

inmheánaigh, gníomhaíochtaí iniúchta ina measc. Tuairiscíonn an Coiste don Bhord i ndiaidh gach cruinnithe, agus go foirmiúil i scríbhinn uair sa bhliain.

Is iad comhaltaí an Choiste Iniúchóireachta agus Riosca: Tony O'Brien (an Cathaoirleach), Donal McManus, Fiona Lawless, agus Caroline Gill. Bhí ceithre chruinniú ag an gCoiste in 2018. Níor íocadh aon táillí le comhaltaí an Choiste Iniúchóireachta agus Riosca.

Bunaíodh an Coiste Straitéise i mí an Mheithimh 2018 agus cuimsítear seisear comhaltaí Boird agus beirt bhall foirne de chuid na Gníomhaireachta air. Tháinig an Coiste Straitéise le chéile faoi dhó le linn 2018. Is iad Michael Carey (Cathaoirleach), John O'Connor, Mary Hurley, John Burke, Donal McManus, Tony O'Brien, David Silke agus Ciara Galvin comhaltaí an Choiste Straitéise.

## Athruithe ar an bPríomhphearsanra

D'éirigh comhalta amháin Boird as i rith na bliana ag deireadh a cheapacháin. De réir an Orduithe Bunaithe, 2012 cheap an tAire comhalta nua amháin. I mí Aibreáin 2018, ceapadh Michael Carey mar Chathaoirleach, agus tháinig sé i gcomharbacht ar Conor Skehan.

## Nochtadh a Éilítear faoin gCód Cleachtais um Rialachas Comhlachtaí Stáit (2016)

Tá an Bord freagrach as a chinntiú gur chomhlíon an Ghníomhaireacht Tithíochta ceanglais an Chóid Cleachtais nua le haghaidh Rialachas Comhlachtaí Stáit ("an Cód), mar a d'fhoilsigh an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe é i mí Lúnasa 2016. Éilítear an nochtadh seo a leanas de réir an Chóid.

### Miondealú ar Shochair Ghearrthéarmacha Fostaithe

Tugtar breac-chuntas thíos ar shochair ghearrthéarmacha fostaithe ar fiú níos mó ná €60,000 iad.

## Costais Dlí agus Socruithe

Níor íocadh aon socrú i rith na tréimhse tuairiscithe.

Foráiltear i Reachtaíocht an Bhoird Leasúchán Piríte (PRB) go bhféadfaidh an PRB na costais ar fad, nó cuid díobh, a bhaineann le teaghais a leasú faoin Scéim a aisghabháil ó aon pháirtí ag a bhfuil dliteanas, agus an cumas íoctha. Tá an PRB ag gníomhú nuair a mheastar

**Shochair ghearrthéarmacha fostaithe**

| Tuarastal (€) | Líon Comhaltaí Foirne 2018 | Líon Comhaltaí Foirne 2017 |
|---|---|---|
| Faoi 60,000 | 40 | 35 |
| 60,000-70,000 | 9 | 7 |
| 70,000-80,000 | 8 | 5 |
| 80,000-90,000 | 4 | 4 |
| 90,000-100,000 | 1 | 2 |
| 100,000-110,000 | 2 | 1 |
| 110,000-120,000 | 0 | 1 |
| 120,000-130,000 | 1 | 0 |

**Costais sainchomhairleoireachta**

| | 2018 € | 2017 € |
|---|---|---|
| Feabhsú Gnó | 194,978 | 101,025 |
| Comhairle Dlí | 30,907 | 39,121 |
| Comhairle Pinsean | 7,319 | 27,656 |
| Eile | 19,565 | 155,590 |
| | **252,796** | **323,392** |

"Thug an Ghníomh-aireacht Tithíochta faoi **anailís bearna agus comhlíontachta agus chuir sí na moltaí** a d'eascair as seo i bhfeidhm. Chomh maith leis sin, cheap an Ghníomhaireacht Oifigeach Cosanta Sonraí"

go bhfuil sé iomchuí chun ranníocaíocht i dtreo chostas na n-oibreacha a lorg ó thógálaithe agus/nó ó fhorbróirí. Toisc go gcuirtear an maoiniú Státchiste a chuirtear ar fáil chun críche leasúcháin piríte tríd an nGníomhaireacht Tithíochta, íocadh táillí Dlí dar luach €12,345 leis an nGníomhaireacht Tithíochta in 2018 maidir le costais a thabhaigh an Bord um Réiteach Piríte thar ceann triúr cosantóirí i ndáil le cásanna faoin straitéis chomhaontaithe chun costais a aisghabháil ó pháirtithe faoi dhliteanas.

## Fáilteachas

Sa tréimhse tuairiscithe, caitheadh €1,654 ar chúrsaí fáilteachais, lena n-áirítear siamsaíocht. Caitheadh €7,539 ar chostais a bhain leis an gceaintín i rith na tréimhse tuairiscithe.

## Taisteal agus Cothabháil

Déantar catagóiriú ar chaiteachas taistil agus cothabhála na foirne mar seo a leanas.

Áirítear é sin sna costais fostaíochta mar chuid de Thaisteal agus Costais Foirne Eile (Nóta 6). Ní raibh aon chaiteachas taistil ná cothabhála i gceist maidir le comhaltaí Boird.

## Ráiteas ar Chomhlíonadh

Ghlac an Bord leis an gCód Cleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú (2016). Chuir sé gnáthaimh i bhfeidhm chun a chinntiú go gcomhlíontar an Cód agus is féidir leis a dhearbhú gur chomhlíon.

**Taisteal agus cothabháil**

| | 2018<br>€ | 2017<br>€ |
|---|---|---|
| Taisteal Intíre | 85,433 | 70,198 |
| Taisteal Idirnáisiúnta | 6,009 | 5,061 |
| **Iomlán** | **91,442** | **75,259** |

## Coimhlintí Leasa agus an tAcht um Eitic in Oifigí Poiblí, 1995

D'fhorbair an Ghníomhaireacht Beartas Coimhlint Leasa in 2016, toisc go bhfuil feidhm ag an Acht um Eitic in Oifigí Poiblí, 1995 ar an nGníomhaireacht. Cuimsíodh é sin sa bheartas agus nós imeachta foriomlán ar glacadh leo chun Coimhlintí Leasa a bhainistiú. De réir an Achta um Eitic in Oifigí Poiblí, 1995, nuair a éilítear é, chomhlánaigh comhaltaí Boird agus lucht Ardbhainistíochta ráitis leasa de réir fhorálacha an Achta. Tá nósanna imeachta i bhfeidhm ionas gur féidir le comhaltaí Boird leasanna a nochtadh nuair is gá.

## An tAcht um Shaoráil Faisnéise, 2014

Tháinig an Ghníomhaireacht faoi fhorálacha an Achta um Shaoráil Faisnéise 2014 an 14 Aibreán 2015. Fuaireamar 5 iarratas um Shaoráil Faisnéise in 2018. Tháinig ár Scéim Foilsithe i bhfeidhm in 2016 agus tá sí ar fáil ar ár suíomh gréasáin. Ní bhfuarthas aon iarratas in 2018 faoi na rialacháin maidir le Rochtain ar Fhaisnéis faoin gComhshaol.

## Na hAchtanna um Chosaint Sonraí, 1988 agus 2003

Is rialaitheoir sonraí agus próiseálaí sonraí cláraithe í an Ghníomhaireacht faoi na hAchtanna um Chosaint Sonraí. Feidhmíonn an Ghníomhaireacht de réir Beartas Cosanta Sonraí foirmiúil. Tháinig an Rialachán Ginearálta maidir le Cosaint Sonraí i bhfeidhm an 25 Bealtaine 2018, in áit an chreata reatha um chosaint sonraí faoi Threoir an Aontais Eorpaigh um Chosaint Sonraí. Thug an Ghníomhaireacht Tithíochta faoi anailís bearna agus comhlíontachta agus chuir sí na moltaí a d'eascair as seo i bhfeidhm.

Chomh maith leis sin, cheap an Ghníomhaireacht Oifigeach Cosanta Sonraí.

## An tAcht um Nochtadh Cosanta, 2014

Éilítear faoin Acht um Nochtadh Cosanta, 2014, ar gach comhlacht poiblí nósanna imeachta a bhunú agus a chothabháil chun dul i ngleic le nochtadh cosanta agus faisnéis a thabhairt d'fhostaithe i scríbhinn faoi na nósanna imeachta sin. Tá na nósanna imeachta sin i bhfeidhm ag an nGníomhaireacht. I rith 2018, ní dhearna aon fhostaí de chuid na Gníomhaireachta aon nochtadh cosanta de réir théarmaí na reachtaíochta.

## Cánachas

Deimhníonn an Ghníomhaireacht go bhfuil sí ag comhlíonadh na ndlíthe cánachais. Tá nósanna imeachta i bhfeidhm chun a chinntiú go gcomhlíonann an Bord go sármhaith a oibleagáidí faoi dhlíthe cánach agus go n-íoctar na dliteanais chánach ar fad faoi na dátaí dlite ábhartha.

"Forordaíonn an tAcht um Réiteach Piríte, 2013 don Ghníomhaireacht Tithíochta **an scéim leasúcháin a chur i bhfeidhm thar ceann an Bhoird Réitigh Piríte.** Is í an Ghníomhaireacht Tithíochta an comhlacht a sholáthraíonn feidhmiúchán don Bhord trí bhainistíocht airgeadais, agus roinnt acmhainní"

**Ballraíocht agus táillí boird**

| Táillí | Boird 2018 € | Speansais 2018 € |
|---|---|---|
| Jack Keyes | 12,478 | 6,436 |
| Caroline Gill | 1,600 | Nialas |
| Alex Flood | 4,200 | Nialas |
| Sean Balfe* | Nialas | Nialas |
| Derek Sinnott* | Nialas | Nialas |

* Ní bhfuair beirt chomhaltaí táille Boird faoin bprionsabal 'Duine Amháin, Tuarastal Amháin' (OPOS).

## An Bord um Réiteach Piríte

Is é an Bord um Réiteach Piríte (PRB) struchtúr rialaithe na Scéime Leasúcháin Piríte agus feidhmíonn sé go neamhspleách ar Bhord na Gníomhaireachta Tithíochta. Ceapann an tAire Tithíochta, Pleanála agus Rialtais Áitiúil an PRB. Bunaíodh an Bord i ndiaidh thosach feidhme an Achta um Réiteach Piríte, 2013 an 10 Eanáir 2014, chun scéim a dhéanamh le haghaidh damáiste ar theaghaisí áirithe a leasú, damáiste a tharla de bharr aistriú cothrománach piríteach, agus chun maoirsiú a dhéanamh ar chur i bhfeidhm éifeachtach chlár na n-oibreacha leasacháin le haghaidh teaghaisí a bhfuil pirít iontu. Stiúrann an Cathaoirleach Jack Keyes an Bord, i gcomhar leis na feidhmeanna feidhmiúcháin a dhéanann an Bainisteoir Ginearálta Aidan O'Connor.

Forordaíonn an tAcht um Réiteach Piríte, 2013 don Ghníomhaireacht Tithíochta an scéim leasúcháin a chur i bhfeidhm thar ceann an Bhoird Réitigh Piríte. Is í an Ghníomhaireacht Tithíochta an comhlacht a sholáthraíonn feidhmiúchán don Bhord trí bhainistíocht airgeadais, agus roinnt acmhainní. Tá an Ghníomhaireacht Tithíochta freagrach as an Scéim Leasúcháin Piríte a chur i bhfeidhm.

Faoin Acht um Réiteach Piríte, 2013, forordaítear don PRB tuarascáil bhliantúil a chur faoi bhráid an Aire tráth nach déanaí ná an 30 Meitheamh gach bliain, ina dtugtar breac-chuntas ar fheidhmíocht a fheidhmeanna faoin Acht. Tá gnéithe airgeadais an PRB san áireamh go foirmiúil i ráitis airgeadais bhliantúla na Gníomhaireachta Tithíochta.



# Ráitis Airgeadais


| | |
|---|---|
| Deimhniú Iniúchta | 40 |
| Ráiteas ar Rialú Inmheánach 2018 | 43 |
| Ráiteas Ar Ioncam Agus Caiteachas | 46 |
| Ráiteas ar Ioncam Cuimsitheach Eile | 48 |
| Ráiteas ar an Staid Airgeadais | 49 |
| Ráiteas ar Athruithe ar Chothromas | 51 |
| Ráiteas ar Shreabhadh Airgid | 52 |
| Nótaí leis na Ráitis Airgeadais | 54 |

# Deimhniú Iniúchta

## Ard Reachtaire Cuntas agus Ciste
## Comptroller and Auditor General

### Tuarascáil arna tíolacadh ar Thithe an Oireachtais

**An Ghníomhaireacht um Thithíocht agus Pobail Inbhuanaithe**
**Tuairim ar na ráitis airgeadais**

Rinne mé iniúchadh ar ráitis airgeadais na Gníomhaireachta um Thithíocht agus Pobail Inbhuanaithe don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2018 mar a éilítear faoi alt 11 den Ordú fán nGníomhaireacht um Thithíocht agus Pobail Inbhuanaithe (Bunú), 2012 agus faoi Alt 25 den Acht um Réiteach Piríte, 2013. Tá na ráitis airgeadais comhdhéanta de

- An ráiteas ar ioncam agus caiteachas
- An ráiteas ar ioncam cuimsitheach eile
- An ráiteas ar an staid airgeadais
- An ráiteas ar athruithe ar chothromas
- An ráiteas maidir le sreabhadh airgid agus
- Na nótaí gaolmhara, lena n-áirítear achoimre ar na beartais chuntasaíochta shuntasacha.

Is é mo thuairim go dtugann na ráitis airgeadais léargas fíor agus cothrom ar shócmhainní, ar dhliteanais agus ar staid airgeadais na Gníomhaireachta amhail an 31 Nollaig 2018 agus ar ioncam agus ar chaiteachas don bhliain 2018 de réir an Chaighdeáin Tuairiscithe Airgeadais (FRS) 102 – An Caighdeán um Thuairisciú Airgeadais a bhfuil feidhm leis sa RA agus in Éirinn.

**An bonn atá leis an tuairim**

Thug mé faoi m'iniúchadh ar na ráitis airgeadais de réir Chaighdeáin Idirnáisiúnta Iniúchóireachta (ISAnna) faoi mar atá fógartha ag Eagraíocht Idirnáisiúnta na nInstitiúidí Náisiúnta Iniúchóireachta. Déantar cur síos ar na freagrachtaí atá orm faoi na caighdeáin sin i bhfoscríbhinn na tuarascála seo. Táim neamhspleách ar an nGníomhaireacht agus tá mo chuid freagrachtaí eiticiúla comhlíonta agam de réir na gcaighdeán sin. Measaim go bhfuil an fhianaise iniúchta atá aimsithe agam leordhóthanach agus ábhartha chun bunús a chur le mo thuairim.

**Tuairisc ar nithe eile seachas na ráitis airgeadais agus ar nithe eile**

Tá faisnéis áirithe eile chomh maith leis na ráitis airgeadais curtha i láthair ag an nGníomhaireacht. Cuimsítear leis sin an tuarascáil bhliantúil, lena n-áirítear an ráiteas rialachais agus tuarascáil chomhaltaí an Bhoird agus an ráiteas maidir le rialú inmheánach. Déantar cur síos ar na freagrachtaí atá orm maidir le tuairisc a thabhairt ar an eolas sin, agus ar ábhair áirithe eile lena dtuairiscím trí eisceacht, i bhfoscríbhinn na tuarascála seo.

**Soláthar Neamhchomhlíontach**

Tarraingím aird ar an ráiteas maidir le rialú inmheánach ina nochtar líon cásanna nuair nach raibh treoirlínte soláthair poiblí á gcomhlíonadh agus na céimeanna a ghlac an Ghníomhaireacht chun dul i ngleic leis an ábhar.

Seamus McCarthy

Seamus McCarthy
An tArd-Reachtaire Cuntas agus Ciste

30 Meitheamh 2019

## Freagrachtaí chomhaltaí an Bhoird

Mar a shonraítear sa ráiteas rialachais agus i dtuarascáil chomhaltaí an Bhoird, tá comhaltaí an Bhoird freagrach as

- Ráitis airgeadais a ullmhú ar an mbealach a fhorordaítear faoi alt 11 den Ordú fán nGníomhaireacht um Thithíocht agus Pobail Inbhuanaithe (Bunú), 2012 agus faoi Alt 25 den Acht um Réiteach Piríte 2013.
- A chinntiú go dtugann na ráitis airgeadais léargas fíor agus cothrom de réir FRS102
- Rialtacht na n-idirbheart a chinntiú
- Oiriúnacht úsáid a bhaint as bonn cuntasaíochta an ghnóthais leantaigh a mheas, agus
- Rialú inmheánach dá leithéid a chinneann siad atá riachtanach d'fhonn ráitis airgeadais a ullmhú atá saor ó mhíráiteas ábhartha, cibé mar thoradh ar chalaois nó earráid.

## Freagrachtaí an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste

Éilítear orm faoi alt 11 den Ordú fán nGníomhaireacht um Thithíocht agus Pobail Inbhuanaithe (Bunú), 2012 agus faoi Alt 25 den Acht um Réiteach Piríte 2013 ráitis airgeadais na Gníomhaireachta a iniúchadh agus tuairisciú ina leith chuig Tithe an Oireachtais.

Is é an cuspóir atá agam agus an t-iniúchadh á chur i gcrích agam ná teacht ar dhearbhú réasúnach ar cibé an bhfuil na ráitis airgeadais tríd is tríd saor ó aon mhíráiteas ábhartha mar thoradh ar chalaois nó earráid. Is ionann dearbhú réasúnach agus leibhéal ard dearbhaithe ach ní hionann é is barántas go dtiocfar i gcónaí, le linn iniúchadh a dtugtar faoi de réir na ISAnna ar mhíráitis ábhartha nuair is ann dóibh. D'fhéadfadh míráitis eascairt ó chalaois nó ó earráid agus meastar iad a bheith ábhartha má tá ionchas réasúnach ann go n-imreoidh siad, astu féin nó le chéile, tionchar ar chinntí eacnamaíochta úsáideoirí a dhéantar bunaithe ar na ráitis airgeadais seo.

Mar chuid d'iniúchadh de réir na ISAnna, cuirim breithiúnas gairmiúil i bhfeidhm agus cloím le sceipteachas gairmiúil i rith an iniúchta. Lena linn sin déanaim,

- Na rioscaí a bhaineann le míráiteas ábhartha ar na ráitis airgeadais, cibé acu atá sé mar thoradh ar chalaois nó earráid a shainaithint agus a mheas; nósanna imeachta iniúchta a leagan amach agus a chur i gcrích atá freagrúil do na rioscaí sin; fianaise iniúchóireachta a fháil atá leordhóthanach agus ábhartha chun bonn a chur faoi mo thuairim. Tá riosca níos mó ann nach dtiocfar ar mhíráiteas ábhartha mar gheall ar chalaois seachas mar gheall ar earráid, ós rud é go bhféadfadh claonpháirteachas, brionnú, easnaimh d'aon turas, mífhaisnéis nó rialú inmheánach a shárú a bheith i gceist.
- Tuiscint a fháil ar rialú inmheánach a bhaineann leis an iniúchadh d'fhonn nósanna imeachta iniúchta a leagan amach atá oiriúnach sna himthosca, ach gan chun críche tuairim a chur in iúl maidir le héifeachtúlacht na rialuithe inmheánacha.
- Oiriúnacht na mbeartas cuntasaíochta a úsáidtear agus réasúnacht na meastachán cuntasaíochta agus na nochtuithe ábhartha a mheas.
- Oiriúnacht maidir le húsáid a bhaint as bonn cuntasaíochta a chinneadh, bunaithe ar an bhfianaise iniúchóireachta a fuarthas, maidir le cibé acu a bhfuil éiginnteacht ábhartha ann nó nach bhfuil a bhaineann le himeachtaí nó coinníollacha a d'fhéadfadh amhras suntasach a chaitheamh ar chumas na Gníomhaireachta leanúint mar ghnóthas leantach. Má chinnim go bhfuil éiginnteacht ábhartha ann, tá sé de cheanglas orm aird a tharraingt i mo thuarascáil ar na nochtuithe ábhartha atá sna ráitis airgeadais, nó mura leor nochtuithe dá leithéid, mo thuairim a mhionathrú. Tá mo chonclúidí bunaithe ar an bhfianaise iniúchóireachta a fuarthas suas go dtí dáta mo thuarascála. Ach mar sin féin, d'fhéadfadh imeachtaí nó coinníollacha amach anseo a bheith mar chúis leis an nGníomhaireacht scor de bheith ag feidhmiú mar ghnóthas leantach.
- Cur i láthair, struchtúr agus ábhar ginearálta na ráiteas airgeadais a mheas, lena n-áirítear nochtuithe, agus cibé an léiríonn nó nach léiríonn na ráitis airgeadais na hidirbhearta bunúsacha agus na himeachtaí ar bhealach trína mbaintear amach cur i láthair atá cothrom.

Déanaim teagmháil leosan a leagtar de chúram orthu rialachas maidir le – i measc ábhair eile – scóip agus tráthúlacht an iniúchta agus fionnachtana suntasacha an iniúchta, lena n-áirítear aon easnaimh shuntasacha sa rialú inmheánach a shainaithním le linn m'iniúchta.

### Faisnéis seachas na ráitis airgeadais

Ní bhaineann mo thuairim a thugaim ar na ráitis airgeadais le haon fhaisnéis eile a ndéantar a chur i láthair sna ráitis sin, agus ní thugaim aon dheimhniú conclúideach de chineál ar bith ina leith.

Maidir le m'iniúchadh ar na ráitis airgeadais, tá sé de cheanglas orm faoi na ISAnna an fhaisnéis eile a chuirtear i láthair a léamh agus lena linn sin a bhreithniú cibé an bhfuil an fhaisnéis eile ag teacht go hábhartha leis na ráitis airgeadais nó le heolas a fuarthas le linn an iniúchta nó sin an léir go bhfuil míráiteas ábhartha i gceist. Má shocraím, bunaithe ar an obair atá déanta agam, go bhfuil míráiteas ábhartha i gceist san fhaisnéis eile seo, éilítear orm tuairisciú ina leith sin.

### Tuairisciú ar ábhair eile

Déanaim m'iniúchadh trí thagairt a dhéanamh do bhreithnithe speisialta a ghabhann le comhlachtaí Stáit maidir

lena mbainistíocht agus lena n-oibríocht. Tuairiscím má fhaighim nithe ábhartha ann a bhaineann leis an tslí a ndearnadh gnó poiblí.

Lorgaím fianaise faoi rialtacht na n-idirbheart airgeadais le linn an iniúchta. Tuairiscím ar aon chás ábhartha nach bhfeidhmítear airgead poiblí chun na gcríoch dá bhfuil sé beartaithe, nó sa chás nach mbíonn na hidirbhearta ag teacht leis na húdaráis a dhéanann rialú orthu.

Tuairiscím trí eisceacht chomh maith más rud é, de réir mo thuairime,

- Nach bhfaighim an fhaisnéis agus na mínithe go léir a theastaíonn uaim chun m'iniúchadh a dhéanamh, nó
- Nach raibh taifid chuntasaíochta leordhóthanach ann chun go bhféadfaí na ráitis airgeadais a iniúchadh go hiomchuí agus go réidh, nó
- Nach bhfuil na ráitis airgeadais ag teacht leis na taifid chuntasaíochta.

# Ráiteas ar Rialú Inmheánach 2018

## Raon Freagrachta

Thar ceann na Gníomhaireachta Tithíochta, aithním an fhreagracht atá ar an mBord as a chinntiú go ndéantar córas éifeachtach rialaithe inmheánaigh a chothabháil agus a oibriú. Cuireann an fhreagracht sin ceanglais an Chóid Cleachtais um Rialachas Comhlachtaí Stáit (2016) san áireamh.

## Cuspóir an Chórais Rialaithe Inmheánaigh

Ceaptar an córas rialaithe inmheánaigh chun riosca a bhainistiú ar leibhéal inghlactha, seachas deireadh a chur leis ar fad. Mar sin, is féidir leis an gcóras deimhniú réasúnta agus ní deimhniú iomlán a sholáthar go gcosnaítear sócmhainní, go n-údaraítear agus go ndéantar taifeadadh ceart ar idirbhearta, agus go seachnaítear earráidí ábhartha nó neamhrialtachtaí nó go n-aimsítear iad laistigh de thréimhse thráthúil.

Tá an córas rialaithe inmheánaigh, a thagann leis an treoir a d'eisigh an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe, i bhfeidhm sa Ghníomhaireacht Tithíochta don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2018 agus suas go dtí an dáta ar ceadaíodh na ráitis airgeadais.

## An Cumas Dul i nGleic le Riosca

Tá Coiste Iniúchóireachta agus Riosca (ARC) ag an nGníomhaireacht Tithíochta ar a bhfuil triúr comhaltaí Boird agus comhalta seachtrach amháin, a bhfuil saineolas airgeadais agus iniúchóireachta acu, agus feidhmíonn duine acu ina Chathaoirleach. Tháinig an Coiste le chéile cúig huaire in 2018.

Bhunaigh an Ghníomhaireacht Tithíochta feidhm iniúchta inmheánaigh freisin ag a bhfuil dóthain acmhainní agus a thugann faoi chlár oibre a chomhaontaítear leis an gCoiste.

D'fhorbair an Coiste beartas bainistíochta riosca ina leagtar amach a fhonn riosca, na próisis bainistíochta riosca atá i bhfeidhm agus sonraí faoi róil agus freagrachtaí na foirne a bhaineann le cúrsaí riosca. Eisíodh an beartas don fhoireann ar fad a chaithfidh oibriú laistigh de raon feidhme bheartais bainistíochta riosca na Gníomhaireachta Tithíochta, chun an lucht bainistíochta a chur ar an airdeall faoi rioscaí agus laigí rialaithe atá ag teacht chun cinn agus freagracht a ghlacadh as rioscaí agus rialuithe ina réimse oibre féin.

## Creat Riosca agus Rialaithe

Chuir an Ghníomhaireacht Tithíochta córas bainistíochta riosca i bhfeidhm ina sainaithnítear agus ina dtuairiscítear na príomhrioscaí agus na gníomhartha bainistíochta atá ar bun chun aghaidh a thabhairt ar na rioscaí sin agus, a mhéad is indéanta, na rioscaí a mhaolú.

Tá clár riosca in úsáid ina sainaithnítear na príomhrioscaí atá os comhair na Gníomhaireachta Tithíochta agus rinneadh na rioscaí sin a shainaithint, a mheas agus a ghrádú de réir a suntasachta. Athbhreithníonn agus nuashonraíonn an Coiste an clár go bliantúil agus nuair a athraíonn rioscaí. Úsáidtear torthaí na measúnuithe sin chun acmhainní a phleanáil agus a leithdháileadh chun a chinntiú go mbainistítear rioscaí go leibhéal inghlactha.

Tugtar mionsonraí sa chlár rioscaí faoi na rialuithe agus gníomhartha a theastaíonn chun rioscaí a mhaolú agus faoi na comhaltaí foirne sonracha atá freagrach as na rialuithe a oibriú. Deimhním go bhfuil timpeallacht rialaithe i bhfeidhm a bhfuil na gnéithe seo a leanas mar chuid di:

- Tuairiscíodh na gnáthaimh le haghaidh na bpríomhphróiseas gnó ar fad
- Annadh freagrachtaí airgeadais ag leibhéal bainistíochta le cuntasacht chomhfhreagrach
- Tá córas buiséadaithe iomchuí le buiséad bliantúil ann a choinníonn an lucht bainistithe sinsearach (agus an Bord) faoi athbhreithniú
- Tá córais ann atá dírithe ar shlándáil na gcóras teicneolaíochta faisnéise agus cumarsáide a chinntiú.

## Monatóireacht agus Athbhreithniú Leanúnach

Bunaíodh nósanna imeachta foirmiúla chun monatóireacht a dhéanamh ar phróisis rialaithe agus cuireadh easnaimh rialuithe in iúl dóibh siúd atá freagrach as gníomh ceartaitheach a dhéanamh agus don lucht bainistíochta agus don Bhord, nuair is ábhartha, go tráthúil. Deimhním go bhfuil na córais leanúnacha mhonatóireachta seo a leanas i bhfeidhm:

- Sainaithníodh príomhrioscaí agus rialuithe lena mbaineann agus cuireadh próisis i bhfeidhm chun monatóireacht a dhéanamh ar oibriú na bpríomhrialuithe sin agus aon easnamh a shainaithnítear a thuairisciú
- Bunaíodh socruithe tuairiscithe ag gach leibhéal mar ar sannadh an fhreagracht as bainistiú airgeadais, agus
- Déanann an lucht ardbhainistíochta athbhreithnithe rialta ar thuarascálacha bliantúla agus tréimhsiúla feidhmíochta agus airgeadais a léiríonn feidhmíocht

i gcomparáid le buiséid/réamh-mheastacháin.

Sainaithníodh i dtuarascálacha leis an Iniúchóireacht Inmheánach in 2018 go raibh laigí i rialuithe a bhain leis an teicneolaíocht faisnéise. Cuireadh tuarascáil iniúchóireachta inmheánaí i gcrích in 2018 inar tarraingíodh anuas ábhar imní maidir le prótacail glantéacs ar thrí láithreán gréasáin a riarann an Ghníomhaireacht Tithíochta. Nuair a tuairiscíodh na fadhbanna, réitíodh ar an toirt iad.

## Soláthar

Deimhním go bhfuil nósanna imeachta i bhfeidhm ag an nGníomhaireacht Tithíochta chun comhlíonadh na rialacha agus na dtreoirlínte reatha soláthair a chinntiú. Tarraingítear aird faoi fhadhbanna rialaithe inmheánaigh thíos ar ábhar a tháinig chun cinn maidir le rialuithe ar sholáthar.

## Athbhreithniú ar Éifeachtacht

Deimhním go bhfuil nósanna imeachta i bhfeidhm ag an nGníomhaireacht Tithíochta chun monatóireacht a dhéanamh ar éifeachtacht a nósanna imeachta bainistíochta riosca agus rialaithe. Maidir le monatóireacht agus athbhreithniú na Gníomhaireachta Tithíochta ar éifeachtacht an chórais rialaithe inmheánaigh, tarraingíonn sé ar obair na n-iniúchóirí inmheánacha agus seachtracha, ar obair an Choiste

Iniúchóireachta agus Riosca a dhéanann maoirseacht ar obair na n-iniúchóirí, agus an ardbhainistíocht laistigh den Ghníomhaireacht Tithíochta atá freagrach as an gcreat rialaithe inmheánaigh a fhorbairt agus a chothabháil.

Deimhním gur thug an Bord faoi athbhreithniú bliantúil ar éifeachtacht na rialuithe inmheánacha don bhliain 2018.

## Fadhbanna Rialaithe Inmheánaigh

Sa Ráiteas ar Rialú Inmheánach 2017, aithníodh caiteachas a tabhaíodh maidir le hearraí agus seirbhísí nach raibh ag comhlíonadh nósanna imeachta na dtreoirlínte soláthair. De bharr na gcineálacha seirbhísí a bhí iontu, tugadh ar aghaidh iad chuig 2018.

Maidir le 2018, tabhaíodh caiteachas iomlán €1,112,524 maidir le hearraí agus seirbhísí nach raibh ag comhlíonadh nósanna imeachta na dtreoirlínte soláthair. Bhain na seirbhísí a úsáideadh le seirbhísí dlí, árachas, soláthairtí IT, seirbhísí deartha, seirbhísí comhairleoireachta agus troscán oifige. Maidir leis na costais €1,112,524, bhain €824,474 le conarthaí faoin gClár Fála a tugadh ar aghaidh ó 2017, agus bhain an iarmhéid €288,050 le costais oibriúcháin ghinearálta.

Maidir leis na Seirbhísí Dlí, de réir mar a tugadh faoi deara i dTuarascáil Bhliantúil 2017, shainaithin an Ghníomhaireacht gur theastaigh seirbhísí tíolactha a fháil i lár na bliana 2015. Theastaigh sin chun réadmhaoine a cheannach lena húsáid mar thithíocht shóisialta, a cheannódh Údaráis Áitiúla go díreach nó a cheannódh an Ghníomhaireacht le díol ansin le Comhlachtaí Tithíochta Faofa. Phléigh an Ghníomhaireacht é sin leis an OGP, agus deimhníodh go raibh an OGP le creat seirbhísí dlí a bhunú. Dheimhnigh an Ghníomhaireacht go n-úsáidfeadh sí an creat sin nuair a bhunófaí é. Ach níor bunaíodh an creat faoin am ar theastaigh na seirbhísí ón nGníomhaireacht agus ní raibh sé i bhfeidhm go dtí mí na Nollag 2016. Mar bheart eatramhach, thug an Ghníomhaireacht faoi phróiseas tairisceana srianta a raibh sé i gceist leis bheith ina bheart eatramhach ach a úsáideadh go dtí go raibh an creat OGP ar fáil. Tá seirbhísí dlí faighte ag an nGníomhaireacht ó Chreat OGP ó shin. Chuathas i mbun conarthaí sula raibh an painéal OGP ar fáil agus tugadh caiteachas de shuim €658,433 a bhain le dhá ghnólacht dlí ar aghaidh chuig 2018. Inár dTuarascáil bhliantúil do 2016, thugamar ar aird i leith dheireadh na bliana sin, go raibh tairiscintí ag an nGníomhaireacht ar glacadh leo maidir le

288 teaghais, ach nár tugadh ach 29 gcinn de na ceannacháin sin chun críche. Chomh maith leis sin, bhí tairiscintí fós amuigh ag an am ar 106 theaghais breise. Baineann costais dlí a tugadh ar aghaidh chuig 2017 agus 2018 leis na ceannacháin seo a chur i gcrích agus iad a chur ar aghaidh chuig Comhlachtaí Tithíochta Ceadaithe.

Maidir le costais árachais, bhain sé sin go príomha le hárachas ar réadmhaoine a ceannaíodh faoin gClár Fála Tithíochta. Ní raibh sé i gceist go mbeadh na réadmhaoine sin faoi úinéireacht na Gníomhaireachta ar feadh tréimhsí fada. Bhí moilleanna suntasacha i gceist ó thaobh na réadmhaoine seo a athdhíol le Comhlachtaí Tithíochta Ceadaithe, agus thabhaigh an Ghníomhaireacht Tithíochta costais nach rabhthas ag súil leo dá réir sin. Thabhaigh an Ghníomhaireacht costais €336,114 in 2018 sular cuireadh an próiseas soláthair i gcrích. Áiríodh air seo €67,229 i dtáillí coimisiúnaithe. In 2018, chuir an ghníomhaireacht seirbhísí bróicéireachta árachais ar fáil tríd an gCreat OGP.

Maidir le soláthairtí IT, tabhaíodh costais de shuim €103,085 le soláthraí amháin. Níor chuir an Ghníomhaireacht soláthar i gcrích maidir leis seo. Tá an soláthraí ar an gCreat OGP, áfach. Tá sé beartaithe earraí IT a cheannach do R1 2019 faoi Phlean Soláthair na Gníomhaireachta Tithíochta.

Bhain seirbhísí eile le seirbhísí soláthair agus meastacháin réadmhaoine don Chlár Fála, ar bhain costas €98,812 leis in 2018, roimh na seirbhísí a chur ar fáil. Cuireadh tairiscint isteach ar an tseirbhís seo, agus rinneadh conarthaí le linn 2018.

Maidir le seirbhísí deartha grafaice, thabhaigh an ghníomhaireacht costais €67,504 le soláthraí amháin, ach tugadh faoi sholáthar i mBealtaine 2018, áfach, agus chuathas i mbun conartha i Meán Fómhair 2018.

Ar na réimsí eile inar tabhaíodh caiteachas bhí troscán oifige a cheannach €44,689, seirbhísí agus comhairle baincéireachta €40,614 maidir le Scéim Pinsin na Gníomhaireachta Náisiúnta Foirgníochta a aistriú chuig an nGníomhaireacht Tithíochta €32,158. Is mar chuid de Phlean Soláthair Corparáidigh na Gníomhaireachta Tithíochta do 2019 na seirbhísí agus ceannacháin uile.

Ar deireadh, bhí sainchomhairle ag teastáil go práinneach maidir le ciste pinsin na Gníomhaireachta Náisiúnta Foirgníochta a aistriú. Measadh go mbeadh sé seo níos lú ná €25,000; ach ba é €32,158 an tsuim ar deireadh áfach.

Maidir leis na feabhsúcháin foriomlána ar an soláthar sa Ghníomhaireacht, tugadh faoi na bearta seo a leanas chun na míreanna sin a fheabhsú agus a chinntiú go gcomhlíontar na treoirlínte soláthair níos fearr:

- Dréachtaíodh Plean Soláthair Chorparáidigh ina bhfuil plean soláthair oibríochta bliantúil. Nuashonraigh an Ghníomhaireacht Tithíochta na beartais agus nósanna imeachta soláthair ar fad de réir na treorach is deireanaí ón Roinn Airgeadais.
- Ina dhiaidh sin, tugadh faoi oiliúint foirne chun tuiscint agus feasacht ar cheanglais soláthair ar fud na Gníomhaireachta Tithíochta a fheabhsú
- Rinneadh Teimpléid Chaighdeánacha a lárú le haghaidh gach céime de na próisis soláthair
- D'aithin an Ghníomhaireacht go bhfuil gá le ról lánaimseartha chun díriú ar sholáthar corparáideach laistigh den Ghníomhaireacht.

**Michael Carey**
**Cathaoirleach**

25 Meitheamh 2019


# Ráiteas Ar Ioncam Agus Caiteachas

**Don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2018**

| | Nótaí | 2018 € | 2017 € |
|---|---|---|---|
| **Ioncam** | | | |
| An Deontas Tithíochta & Pobal Inbhuanaithe | 4.1 | 7,046,919 | 5,158,529 |
| An Ciste Piríte | 4.1 | 30,000,000 | 25,547,798 |
| Leasúchán Piríte – Ioncam Eile | 4.6 | – | 678,572 |
| Foireann agus seirbhísí atá á soláthar ag Homebond | 4.8 | 370,752 | 347,636 |
| Ioncam ó Tháillí | 4.2 | 253,729 | 554,876 |
| Aisghabháil Fhine Gall | 4.3 | 185,404 | 233,497 |
| Aisghabháil Speansas ó Chomhlachtaí Stáit | 4.3 | 602,977 | 401,991 |
| Ioncam Cíosa | 4.4 | 137,535 | 32,139 |
| Díol láithreáin Chomhiomlánaithe Talún | 4.5 | – | 25,000 |
| Ioncam Eile | 4.7 | 491,338 | 52,625 |
| Ús Taisce | | 91 | – |
| Maoiniú Iarchurtha le haghaidh Sochar Scoir | 14(c) | 1,222,162 | 874,000 |
| **Ioncam Iomlán** | | **40,310,907** | **33,906,663** |
| **Aistriú ó / (chuig) Cúlchistí Caipitil** | | **138,310** | **65,911** |
| **Aistriú ó / (chuig) Cúlchistí Fála** | | **(497,833)** | **–** |
| | | **39,951,384** | **33,972,574** |


| | Nótaí | 2018 € | 2017 € |
|---|---|---|---|
| **Chaiteachas** | | | |
| Costais Fostaíochta | 5 | 3,945,000 | 3,527,633 |
| Costais Riaracháin Oifige | 6 | 1,263,704 | 973,487 |
| Táillí Dlí agus Gairmiúla | 7 | 1,666,686 | 971,770 |
| An Scéim um Leasúchán Piríte | 8 | 29,671,690 | 25,274,708 |
| Táillí Dlí agus Gairmiúla – Údaráis Áitiúla | 16 | 151,556 | 325,844 |
| Díol láithreáin Chomhiomlánaithe Talún | 4.5 | 2 | – |
| Costais Fhine Gall | 16 | 166,127 | 278,337 |
| Íocaíocht leis an Státchiste | 4.6 | – | 678,572 |
| Foireann agus Seirbhísí Homebond | 4.8 | 370,752 | 347,636 |
| Dímheas | 9 | 159,057 | 137,965 |
| Costais Sochair Scoir | 14(a/e) | 1,050,328 | 686,688 |
| Costais na Gníomhaireachta Náisiúnta Foirgníochta | 19 | 15,597 | 13,580 |
| **Caiteachas Iomlán** | | **38,460,499** | **33,216,220** |
| | | | |
| **Barrachas don bhliain** | | **1,490,885** | **756,354** |

Is cuid de na Ráitis Airgeadais seo iad na Nótaí 1 go 22. Cheadaigh an bord na ráitis airgeadais agus shínigh an bheirt thíosluaite thar ceann an Bhoird iad:



**Michael Carey**
**Príomhoifigeach Feidhmiúcháin**

25 Meitheamh 2019



**John O' Connor**
**Cathaoirleach**

25 Meitheamh 2019

# Ráiteas ar Ioncam Cuimsitheach Eile

**Don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2018**

| | Nótaí | 2018 € | 2017 € |
|---|---|---|---|
| Barrachas don bhliain | | 1,490,885 | 756,354 |
| Gnóthachan / (Caillteanas) achtúireach na príomhscéime agus scéime aonair maidir le dliteanais Sochair Scoir | 14(b) | 614,000 | (6,280,000) |
| Maoiniú Sochair Scoir Iarchurtha i leith na príomhscéime agus scéime aonair | 14(c) | (614,000) | 6,280,000 |
| Athrú i dtoimhdí achtúireacha na scéime NBA | 14(e) | 369,000 | – |
| Eispéireas (Gnóthachan)/Caillteanas na scéime NBA | 14(e) | 30,000 | – |
| Tuairisceáin na scéime NBA ar shócmhainní an phlean gan ús | 14(e) | (445,000) | – |
| Gnóthachan/(Caillteanas) sa Chúlchiste Athluachála Talún | 9 | 55,069,272 | – |
| **Ioncam Cuimsitheach Iomlán don bhliain** | | **56,514,157** | **756,354** |

Is cuid de na Ráitis Airgeadais seo iad na Nótaí 1 go 22. Cheadaigh an bord na ráitis airgeadais agus shínigh an bheirt thíosluaite thar ceann an Bhoird iad:

**Michael Carey**
**Príomhoifigeach Feidhmiúcháin**

25 Meitheamh 2019

**John O' Connor**
**Cathaoirleach**

25 Meitheamh 2019

# Ráiteas ar an Staid Airgeadais

**Don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2018**


| | Nótaí | € | 2018<br>€ | € | 2017<br>€ |
|---|---|---|---|---|---|
| **Sócmhainní Neamhreatha** | | | | | |
| Sócmhainní Seasta Inláimhsithe | | | 61,415,817 | | 6,484,857 |
| **Sócmhainní reatha** | | | | | |
| Obair idir lámha | 10 | 166,322 | | 75,437 | |
| Tithíocht a fháil – Taiscí agus an Stoc Tithíochta le hAthdhíol | 17 | 60,732,431 | | 64,844,915 | |
| Suimeanna Infhaighte | 11 | 393,691 | | 580,541 | |
| Airgead sa Bhanc agus ar Láimh | 12 | 40,528,012 | | 14,837,337 | |
| | | 101,820,456 | | 80,338,230 | |
| **Dliteanais Reatha** | | | | | |
| Suimeanna Iníoctha | 13 | (25,946,621) | | (4,944,630) | |
| Glansócmhainní Reatha | | | 75,873,835 | | 75,393,600 |
| **Sócmhainní Iomlána lúide Dliteanais roimh Shochair Scoir** | | | **137,289,652** | | **81,878,457** |
| Sócmhainn Shochair Scoir NBA | 14(e) | 12,312,000 | | – | |
| Dliteanas Sochair Scoir NBA | 14(e) | (7,929,000) | | – | |
| Maoiniú Sochair Scoir Iarchurtha | 14(c) | 10,532,000 | | 9,867,000 | |
| Dliteanais Sochair Scoir | 14(b) | (10,532,000) | | (9,867,000) | |
| | | | 4,383,000 | | – |
| **Glansócmhainní** | | | **141,672,652** | | **81,878,457** |

# Ráiteas ar an Staid Airgeadais (ar lean)

## Don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2018


| | Nótaí | € | 2018 € | € | 2017 € |
|---|---|---|---|---|---|
| **Caipiteal agus Cúlchistí** | | | | | |
| Ranníocaíocht Chaipitil | 1.15 | | 1,944,145 | | 1,944,145 |
| Cúlchiste Fála Tithíochta | 17 | | 70,941,198 | | 71,940,850 |
| Cúlchiste Caipitil | 1.13 | | 4,905,228 | | 5,043,538 |
| Cúlchistí Ioncaim | | | 4,429,809 | | 2,949,924 |
| Cúlchiste Athluachála | | | 55,069,272 | | – |
| Cúlchiste Sochair Scoir NBA | 14(e) | | 4,383,000 | | – |
| | | | **141,672,652** | | **81,878,457** |

Is cuid de na Ráitis Airgeadais seo iad na Nótaí 1 go 22. Cheadaigh an bord na ráitis airgeadais agus shínigh an bheirt thíosluaite thar ceann an Bhoird iad:



**Michael Carey**
**Príomhoifigeach Feidhmiúcháin**

25 Meitheamh 2019



**John O' Connor**
**Cathaoirleach**

25 Meitheamh 2019

# Ráiteas ar Athruithe ar Chothromas

**Don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2018**

| Cúlchistí | Coinnithe Tuilleamh € | Éadáil Cúlchiste € | Caipiteal Ranníocaíocht Cúlchiste € | Caipiteal Cúlchiste € | Athluacháil Cúlchiste € | NBA Scoir Sochair Cúlchiste € | Iomlán € |
|---|---|---|---|---|---|---|---|
| Amhail an 1 Eanáir 2018 | 2,949,924 | 71,940,850 | 1,944,145 | 5,043,538 | – | – | 81,878,457 |
| Barrachas don bhliain | 56,514,157 | – | – | – | – | – | 56,514,157 |
| Aistriú chuig/(ó) Ioncam | – | 497,833 | – | – | – | – | 497,833 |
| Barrachas/Easnamh Fála (Nóta 17) | – | (1,497,485) | – | – | – | – | (1,497,485) |
| Aistriú chuig Cúlchiste Athluachála | (55,069,272) | – | – | – | 55,069,272 | – | – |
| Aistriú chuig/(ó) Ioncam | 35,000 | – | – | (138,310) | – | (35,000) | (138,310) |
| Iarmhéid Aistrithe Sochair Scoir NBA | – | – | – | – | – | 4,418,000 | 4,418,000 |
| **Amhail an 31 Nollaig 2018** | **4,429,809** | **70,941,198** | **1,944,145** | **4,905,228** | **55,069,272** | **4,383,000** | **141,672,652** |
| Amhail an 1 Eanáir 2017 | 2,193,570 | 9,952,025 | 1,944,145 | 409,449 | – | – | 14,499,189 |
| Barrachas don bhliain | 756,354 | 61,988,825 | – | – | – | – | 62,745,179 |
| Réadmhaoin a Fháil | – | – | – | 4,700,000 | – | – | 4,700,000 |
| Aistriú (chuig)/ó Ioncam | – | – | – | (65,911) | – | – | (65,911) |
| **Amhail an 31 Nollaig 2017*** | **2,949,924** | **71,940,850** | **1,944,145** | **5,043,538** | **–** | **–** | **81,878,457** |

* Mar gheall go bhfuil athaicmiú déanta ar chostais (féach nóta 3) tá leasú déanta ar na hiarmhéideanna tosaigh sa Chúlchiste Ioncaim agus sa Chúlchiste Fála ach ní raibh aon athrú ar na cúlchistí tosaigh iomlána.

Is cuid de na Ráitis Airgeadais seo iad na Nótaí 1 go 22. Cheadaigh an bord na ráitis airgeadais agus shínigh an bheirt thíosluaite thar ceann an Bhoird iad:

**Michael Carey**
**Príomhoifigeach Feidhmiúcháin**

25 Meitheamh 2019

**John O' Connor**
**Cathaoirleach**

25 Meitheamh 2019

# Ráiteas ar Shreabhadh Airgid

**Don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2018**

| | Nótaí | 2018 € | 2017 € |
|---|---|---|---|
| **Réiteach Glanghluaiseachta don Bhliain chuig Glan-insreabhadh Airgid ó Ghníomhaíochtaí** | | | |
| Ioncam Cuimsitheach Iomlán don bhliain | | 56,514,157 | 756,354 |
| Dímheas | 9 | 159,057 | 137,965 |
| Athluacháil ar Thalamh atá Coinnithe | 9 | (55,069,272) | – |
| Aistriú (ó) / chuig Cúlchiste Caipitil | | (138,310) | (65,911) |
| Aistriú (ó) / chuig Cúlchiste Sochair Scoir NBA | | 35,000 | – |
| Ús Taisce | | (91) | – |
| Deontais Faighte don Chiste Imrothlach Tithíochta | 17 | 497,833 | 66,788,975 |
| Suimeanna Íoctha as Fáil Réadmhaoine | 17 | (53,211,087) | (68,958,803) |
| Suim Faighte as Díolacháin, Cíos agus Aisíocaíocht Réadmhaoine | 17 | 55,826,085 | 9,265,763 |
| (Méadú) / Laghdú ar Shuimeanna Infhaighte | | 95,965 | 3,011,972 |
| (Méadú) / Laghdú ar Shuimeanna Iníoctha | | 21,001,992 | 1,603,598 |
| (Gnóthachan)/Caillteanas ar Dhíolacháin Talún | 4.5 | 2 | (25,000) |
| **Glan-airgid a gineadh ó Ghníomhaíochtaí Oibriúcháin** | | **25,711,331** | **12,514,913** |
| **Ráiteas ar Shreabhadh Airgid** | | | |
| Glan-Insreabhadh / (Ais-sreabhadh) Airgid ó Ghníomhaíochtaí Oibriúcháin | | 25,711,331 | 12,514,913 |
| **Sreafaí airgid ó Ghníomhaíochtaí Infheistíochta** | | | |
| Ceannach Sócmhainní Seasta Inláimhsithe | 9 | (20,747) | (72,054) |
| Díol Láithreán Comhiomlánaithe Talún | 4.5 | – | 25,000 |
| **Sreafaí airgid ó Ghníomhaíochtaí Airgeadais** | | | |
| Ús Taisce Faighte | | 91 | – |
| **(Méadú) / Laghdú ar Airgead** | | **25,690,675** | **12,467,859** |

| | Nótaí | 2018<br>€ | 2017<br>€ |
|---|---|---|---|
| **Réiteach an Ghlansreabhaidh Airgid chuig Gluaiseachtaí inGlanchistí** | | | |
| Glanchistí amhail an 1 Eanáir 2018 | | 14,837,337 | 2,369,478 |
| Glanchistí amhail an 31 Nollaig 2018 | | 40,528,012 | 14,837,337 |
| **(Méadú) / Laghdú ar Airgead** | | **25,690,675** | **12,467,859** |

Is cuid de na Ráitis Airgeadais seo iad na Nótaí 1 go 22. Cheadaigh an bord na ráitis airgeadais agus shínigh an bheirt thíosluaite thar ceann an Bhoird iad:

**Michael Carey**
**Príomhoifigeach Feidhmiúcháin**

25 Meitheamh 2019

**John O' Connor**
**Cathaoirleach**

25 Meitheamh 2019

# Nótaí leis na Ráitis Airgeadais

**Don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2018**

## 1 Beartais Chuntasaíochta

Leagtar amach thíos an bunús cuntasaíochta agus na beartais shuntasacha chuntasaíochta ar ghlac an Ghníomhaireacht leo. Cuireadh i bhfeidhm go seasmhach iad i rith na bliana agus don bhliain roimhe sin.

### Eolas Ginearálta

### 1.1 An Ghníomhaireacht Tithíochta a Bhunú

Bunaíodh an Ghníomhaireacht Tithíochta ar bhonn reachtúil an 1 Lúnasa 2012 faoin Ordú fán nGníomhaireacht um Thithíocht agus Pobail Inbhuanaithe (Bunú), 2012.
Is iad feidhmeanna na Gníomhaireachta:

- Seirbhísí roinnte agus lárnacha; seirbhísí taighde, comhairliúcháin, faisnéise agus oiliúna; seirbhísí sainchomhairliúcháin, seirbhísí teicniúla agus pleanála straitéisí; seirbhísí fála agus gníomhaireachta
- Ar iarratas an Aire, innéacsanna réadmhaoine cónaithe a ullmhú, a shealbhú, a bhainistiú agus a fhoilsiú, lena n-áirítear innéacsanna maidir le díolacháin tithíochta cónaithe agus cíosanna réadmhaoine cónaithe;
- Athnuachan shóisialta agus gheilleagrach a eagrú, a chomhordú agus a sholáthar, lena n-áirítear talamh agus bonneagar a fhorbairt agus a fheabhsú; agus
- Réiteach fadhbanna a bhaineann le forbairtí tithíochta neamhchríochnaithe a chomhordú, agus cur leis.

D'oibrigh an Ghníomhaireacht Tithíochta tríd an nGníomhaireacht um Thithíocht agus Pobail Inbhuanaithe (HSC Ltd) ar feitheamh a bunaithe ar bhonn reachtúil. Aistríodh sócmhainní agus dliteanais HSC Limited chuig an nGníomhaireacht Tithíochta in 2013. Áiríodh sna sócmhainní a aistríodh tailte forbartha agus tailte atá coinnithe faoin Scéim Chomhiomlánaithe Talún (Nóta 9)

#### Feidhmeanna breise

**An Bord um Réiteach Piríte** – Bunaíodh an Bord seo an 10 Eanáir 2014 faoin Acht um Réiteach Piríte, 2013. Is iad príomhfheidhmeanna na scéime scéim a bhunú le haghaidh leasúchán piríte agus an scéim a chur i bhfeidhm agus a mhaoirsiú. Faoin Acht, is é ról na Gníomhaireachta Tithíochta an scéim a riaradh agus íocaíochtaí a dhéanamh thar ceann an Bhoird Réitigh Piríte. Aithnítear sna ráitis airgeadais seo maoiniú a fuarthas ón Roinn Tithíochta, Pleanála agus Rialtais Áitiúil agus Caiteachas a tabhaíodh mar gheall ar an leasúchán piríte.

**An Oifig Rialála le haghaidh Comhlachtaí Tithíochta Ceadaithe** – Ó 2014 i leith, tá an Ghníomhaireacht Tithíochta freagrach, ar bhonn eatramhach, as Comhlachtaí Tithíochta Faofa (AHBanna) a rialáil. Bhunaigh an Ghníomhaireacht Tithíochta Oifig Rialála chun tacú leis an obair sin agus tuairiscíonn sí do Choiste Rialála eatramhach a cheapann an tAire. Tá rialáil na hearnála bunaithe ar Chód Rialála Deonaí: Building for the Future, A Voluntary Regulation Code for Approved Housing Bodies in Ireland.

**Cabhrú le hÚdaráis Áitiúla tithíocht a cheannach** – Ó mhí Iúil 2015, ceannaíonn an Ghníomhaireacht Tithíochta tithe ó ghlacadóirí/leachtaitheoirí freisin thar ceann Údaráis Áitiúla. Ní leis an nGníomhaireacht Tithíochta an stoc tithíochta atá coinnithe. Áirítear an iarmhéid deiridh de mhaoiniú a fuarthas faoi shuimeanna iníoctha sa Ráiteas ar an Staid Airgeadais. Féach Nóta 13 agus 16 agus beartas cuntasaíochta 1.16.

**An Ghníomhaireacht Náisiúnta Foirgníochta** – Ón 1 Deireadh Fómhair, agus le comhaontú na Roinne Tithíochta, Pleanála agus Rialtais Áitiúil, ba é an Ghníomhaireacht Tithíochta príomhfhostóir Scéim Aoisliúntais na Gníomhaireachta Náisiúnta Foirgníochta (NBA). Ceapadh leachtaitheoir chuig an NBA an 16 Eanáir 2019. Táthar ag súil go mairfidh an próiseas leachtaithe 1 bhliain.

### Plean Gníomhaíochta maidir le Tithíocht agus Easpa Dídine

In 2016 cuireadh faoi chúram na Gníomhaireachta dul i mbun plé le bainc, infheisteoirí agus úinéirí féideartha eile roinnt punann réadmhaoine ar bhonn náisiúnta trí bhíthin deontais imrothlaigh €76 milliún, agus na réadmhaoine seo a dhíol le comhlachtaí tithíochta agus Údaráis Áitiúla. Tá sé i gceist ag an nGníomhaireacht gan brabús ná caillteanas a dhéanamh ar na hidirbhearta seo. Gearrtar táillí a thabhaíonn an Ghníomhaireacht in aghaidh an chiste. Féach Nóta 17, beartas cuntasaíochta 1.7.

## 1.2 Ráiteas ar Chomhlíonadh

Ullmhaíodh ráitis airgeadais na Gníomhaireachta don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2018 de réir FRS 102, an Caighdeán Tuairiscithe Airgeadais atá i bhfeidhm sa Ríocht Aontaithe agus i bPoblacht na hÉirinn, a eisíonn an Chomhairle um Thuairisciú Airgeadais (FRC).

## 1.3 Bunús an Ullmhúcháin

Ullmhaíodh na ráitis airgeadais de réir Chaighdeán Tuairiscithe Airgeadais 102, an Caighdeán Tuairiscithe Airgeadais atá i bhfeidhm in Éirinn agus de réir an Chóid Cleachtais um Rialachas Comhlachtaí Stáit. Tá na ráitis i bhfoirm a cheadaíonn an tAire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe, agus an tAire Tithíochta, Pleanála agus Rialtais Áitiúil.

Éilítear go n-úsáidfear meastacháin chuntasaíochta chriticiúla áirithe nuair atá ráitis airgeadais á n-ullmhú de réir FRS102. Éilítear freisin go n-úsáidfeadh an lucht bainistíochta breithiúnas agus na beartais chuntasaíochta á gcur i bhfeidhm.

## 1.4 Gnóthas Leantach

Ullmhaítear na ráitis airgeadais ar bhonn an ghnóthais leantaigh.

## 1.5 Beartas Ioncaim

Léiríonn ioncam deontais na Roinne Tithíochta, Pleanála agus Rialtais Áitiúil (DHPLG), táillí, ioncam ó chíos agus aisghabhálacha eile a úsáidtear chun gníomhaíochtaí na Gníomhaireachta Tithíochta a mhaoiniú agus í ag cabhrú leis an Roinn agus le hÚdaráis Áitiúla beartais tithíochta a chur i bhfeidhm. Aithnítear Ioncam Deontais a fhaightear chun gníomhaíochtaí na Gníomhaireachta Tithíochta a mhaoiniú ar bhonn admhálacha airgid.

Airleacann an Roinn Tithíochta, Pleanála agus Rialtais Áitiúil (DHPLG) maoiniú don Ghníomhaireacht Tithíochta le haghaidh costas a thabhaíonn sí mar gheall ar an Scéim Leasúcháin Piríte. Aithnítear ioncam sna Ráitis Airgeadais nuair a fhaightear é ón Roinn.

Baineann ioncam eile le hioncam ó tháillí, costais a aisghabháil agus Sochair Scoir NBA. Aithnítear ioncam nuair a eisítear sonrasc chuig an eagraíocht ábhartha.

## 1.6 Sócmhainní Seasta Inláimhsithe

Luaitear Sócmhainní Seasta Inláimhsithe ar a gcostas lúide dímheas carntha. Áirítear le costas na costais ar fad atá inchurtha go díreach chun an tsócmhainn a chur i mbail oibrithe dá húsáid bheartaithe.

Foráiltear do dhímheas ar gach sócmhainn sheasta inláimhsithe go córasach, ar rátaí a ríomhtar chun na costais lúide luach measta iarmharach a dhíscríobh, le haghaidh gach sócmhainne thar a saolré mheasta úsáideach, mar seo a leanas:

- Foirgnimh – 2% de réir Méid Chothroim
- Daingneáin, fearais agus trealamh – 12.5% de réir Méid Chothroim
- Trealamh Ríomhaireachta – 20% de réir Méid Chothroim

### Talamh Forbartha

Cheannaigh an Ghníomhaireacht Náisiúnta Foirgníochta Teoranta (NBA) agus an Ghníomhaireacht um Thithíocht agus Pobail Inbhuanaithe (HSC Ltd) an talamh forbartha atá ag an nGníomhaireacht Tithíochta an chéad lá riamh le haghaidh cuspóirí forbartha amach anseo. Mar chuid den phróiseas cuíchóirithe, aistríodh na sócmhainní sin chuig an nGníomhaireacht Tithíochta in 2013 ar a luach ar an margadh oscailte. Ba é a luach iomlán tráth an aistrithe €1,441,248 (Nóta 9). Is ar a chostas a dhéantar cuntas ar thalamh forbartha.

Níl aon fhorbairt á déanamh ar an talamh faoi láthair. Táthar ag súil, sa chás go bhfuil an talamh sin feiliúnach do thithíocht, bíodh tithíocht shóisialta nó cuspóirí tithíochta eile i gceist, go n-úsáidfear chuige sin é, má theastaíonn a leithéid sa cheantar. Chinnfí úsáid fhéideartha aon cheann de na láithreáin sin i gcomhar leis an Roinn Tithíochta, Pleanála agus Rialtais Áitiúil.

### Talamh atá Coinnithe faoin Scéim Chomhiomlánaithe Talún

Faoin Scéim Chomhiomlánaithe Talún (2010-2013), d'aistrigh Údaráis Áitiúla talamh forbartha cónaithe áirithe lenar bhain iasachtaí ón nGníomhaireacht Airgeadais do Thithe a bhí fós le híoc, ar tháille ainmniúil. D'fhaomh an Roinn 73 láithreán a aistriú lenar bhain 247 heicteár chuig an nGníomhaireacht Tithíochta. Ba ag luach ainmniúil €1 in aghaidh gach láithreán a aithníodh an talamh ar dtús. Glacadh le beartas athluachála in 2018 agus aithnítear an talamh ag luach cothrom anois. Aithnítear luachanna atá athraithe sa Ráiteas ar Ioncam Cuimsitheach Eile agus sa chúlchiste athluachála.

## 1.7 Plean Gníomhaíochta maidir le hEaspa Dídine

### 1.7a Ceannacháin agus Díolacháin

Aithnítear Díolacháin Réadmhaoine ar chistí a fháil. Aithnítear Ceannacháin Réadmhaoine ar chistí a íoc. Aithnítear caiteachas a thabhaítear chun foirgnimh a fheabhsú nuair a íoctar é. Déantar taiscí a íoctar ar réadmhaoine a áireamh i Sócmhainní Reatha. Déantar réadmhaoine a cheannaítear ach nach ndíoltar nó nach n-aistrítear a áireamh i Stoc tithíochta tithe atá le hathdhíol. Iompaíonn an ciste aon bharrachas nó easnamh (Féach Nóta 17).

### 1.7b Fardal an Chláir Fála Tithíochta

Léiríonn an fardal Fála Tithíochta costas na réadmhaoine atá faighte, móide aon oibreacha uasghrádaithe caipitil a chuirtear i bhfeidhm ar na réadmhaoine agus aon taiscí a íoctar ar réadmhaoine atá le fáil.

### 1.7c Ceannacháin an Chúlchiste Fála Tithíochta

Is é an cúlchiste Fála Tithíochta an maoiniú atá fanta ón gClár Fála Tithíochta. Léirítear gníomhaíocht an Chláir Fála Tithíochta i Nóta 17 gach bliain.

## 1.8 Suimeanna Infhaighte

Aithnítear suimeanna infhaighte ag a luach cothrom, lúide foráil d'fhiacha amhrasacha. Is foráil shainiúil an fhoráil d'fhiacha amhrasacha, agus cuirtear ar bun é nuair atá fianaise oibiachtúil ann nach mbeidh an Ghníomhaireacht in ann gach a bhfuil dlite di a bhailiú. Aithnítear gach gluaiseacht i leith foráil a dhéanamh d'fhiacha amhrasacha sa Ráiteas ar Ioncam agus Caiteachas agus sna Cúlchistí Ioncaim Coinnithe

## 1.9 Airgead agus Coibhéisí Airgid

Léirítear airgead le taiscí le hinstitiúidí airgeadais.

## 1.10 Idirbhearta neamhairgid

Mar chuid de na comhaontuithe a rinneadh le tríú páirtithe faoi chúrsaí piríte, d'fhéadfadh an Ghníomhaireacht seirbhísí nach n-íocfadh an Ghníomhaireacht astu a fháil ó pháirtithe dá leithéid. Aithníonn an Ghníomhaireacht seirbhísí dá leithéid nuair a fhaightear iad mar ioncam agus mar speansas.

## 1.11 Suimeanna Iníoctha

Tomhaistear suimeanna iníoctha gearrthéarmacha de réir chostas an idirbhirt. Chomh maith leis sin coinníonn an Ghníomhaireacht airgead a réamhíocann Údaráis Áitiúla d'fhonn stoc Tithíochta a cheannach. Aistríonn Údaráis Áitiúla airgead chuig an nGníomhaireacht Tithíochta i leith réadmhaoine ar mian leo a fháil. Coinníonn an Ghníomhaireacht Tithíochta an t-airgead go dtí go gceannaítear na réadmhaoine. Léirítear na suimeanna seo ina suimeanna iníoctha (Féach Nóta 13)

## 1.12 (a) Sochair Scoir

Foráladh in Alt 7 (8) d'Ionstraim Reachtúil Uimhir 264 de 2012 do bhunú scéim aoisliúntais le haghaidh na Gníomhaireachta. Feidhmíonn an Ghníomhaireacht scéim sochair shainithe (an phríomhscéim) a mhaoinítear ar bhonn íoc mar a úsáidtear ó airgead a thugann an Roinn Tithíochta, Pleanála agus Rialtais Áitiúil agus ó ranníocaíochtaí a bhaintear as tuarastal foirne agus comhaltaí. Tá an scéim á feidhmiú ar bhonn riaracháin ar feitheamh cead a fháil ón Aire Tithíochta, Pleanála agus Rialtais Áitiúil, agus toiliú an Aire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe.

Léiríonn costais sochair scoir an sochar scoir a thuileann fostaithe, agus léirítear iad glan ar ranníocaíochtaí sochair scoir foirne a choinníonn an Ghníomhaireacht. Aithnítear suim a chomhfhreagraíonn don mhuirear sochair scoir mar ioncam sa mhéid is gur féidir é a aisghabháil, agus déantar é a fhritháireamh le deontais a fhaightear sa bhliain chun íocaíochtaí sochair scoir a íoc.

Feidhmíonn an Ghníomhaireacht Tithíochta Scéim Aonair Pinsean na Seirbhísí Poiblí ("an Scéim Aonair") freisin, scéim sochair shainithe do státseirbhísigh inphinsin a ceapadh ar an 1 Eanáir 2013 nó ina dhiaidh sin. Íoctar ranníocaíochtaí bhaill na scéime aonair leis an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe.

Léirítear gnóthachain nó caillteanais achtúireacha don dá scéim ar dhliteanais na scéime sa Ráiteas ar Ioncam Cuimsitheach Eile, agus aithnítear coigeartú comhfhreagrach sa tsuim atá in-aisghabhála ón Roinn Tithíochta, Pleanála agus Rialtais Áitiúil.

Léiríonn na ráitis airgeadais, ar luach cóir, sócmhainní agus dliteanais a eascraíonn as oibleagáidí sochair scoir na Gníomhaireachta Tithíochta agus aon mhaoiniú lena mbaineann, agus aithnítear na costais a bhaineann le sochair a bhaineann le sochar scoir a sholáthar sna tréimhsí cuntasaíochta a dtuilleann fostaithe iad. Tomhaistear dliteanais na scéime sochair scoir ar bhonn achtúireach leis an modh creidmheasa aonaid measta.

## 1.12 (b) Sochair Scoir NBA

D'fheidhmigh an Ghníomhaireacht Náisiúnta Foirgníochta (NBA) scéim shainithe sochair scoir maoinithe. De réir threoracha ón Aire Tithíochta, Pleanála agus Rialtais Áitiúil, ceapadh an Ghníomhaireacht Tithíochta ina príomhfhostóir do scéim pinsin an NBA le héifeacht ón 1 Deireadh Fómhair 2018.

Tá an scéim d'iarfhostaithe an NBA dúnta anois d'iontrálaithe nua. Léiríonn na toimhdí agus meastacháin a úsáidtear chun costas na bliana airgeadais a ríomh, an oibleagáid

sochair shainithe agus luach cothrom sócmhainní an phlean ag deireadh na bliana airgeadais taithí stairiúil agus treochtaí reatha.

Aithníonn an Ghníomhaireacht Tithíochta costais ioncaim agus costais sochair scoir don bhliain sa Ráiteas ar Ioncam agus Caiteachas agus aithnítear gluaiseachtaí achtúireacha sa ráiteas ar ioncam cuimsitheach eile. Déantar íocaíochtaí scoir a dhéanann an Ghníomhaireacht Tithíochta do bhaill na scéime a aisíoc ón gciste pinsin. (féach Nóta 14).

Léiríonn sócmhainn NBA luach cothrom an chiste fostaíochta atá coinnithe ag iontaobhaithe agus léiríonn an dliteanas scoir glanluach reatha theidlíochtaí bhaill na scéime de réir mar atá ríofa ag achtúire neamhspleách. Cuireadh luach €12,784,000 ar shócmhainní na scéime an 1 Deireadh Fómhair agus cuireadh luach €8,366,000 ar an dliteanas. Sa Ráiteas ar an Staid Airgeadais amhail an 31 Nollaig 2018, léirítear an tsócmhainn ag €12,312,000 agus an dliteanas ag €7,929,000.

## 1.13 Cúlchiste Caipitil

Léiríonn an Cúlchiste Caipitil an sciar ioncaim gan amúchadh a chuirtear i bhfeidhm chun críocha caipitiúla. Maoinítear sócmhainní seasta as ioncam deontais agus amúchtar iad de réir dímheasa.

## 1.14 Airgeadra

Is é an t-aonad airgeadra ina n-ainmnítear na ráitis airgeadais an Euro.

## 1.15 Cúlchiste na Ranníocaíochta Caipitil

Baineann an ranníocaíocht chaipitil le haistriú na nglansócmhainní ón nGníomhaireacht um Thithíocht agus Pobail Inbhuanaithe (HSC Ltd), an Ghníomhaireacht Náisiúnta Foirgníochta Teoranta (NBA) agus Comhairle Contae Fhine Gall chuig an nGníomhaireacht Tithíochta ar chomaoin Nialais in 2013. Is mar seo a leanas luachanna na sócmhainní a aistríodh:

- NBA €741,501
- HSC Ltd €1,202,607, agus
- Údaráis Áitiúla €37.

Rinneadh é sin ar threoir na Roinne Comhshaoil, Pobail agus Rialtais Áitiúil (DECLG), an Roinn Tithíochta, Pleanála agus Rialtais Áitiúil (DHPLG) anois.

## 1.16 Cabhrú le hÚdaráis Áitiúla tithíocht a cheannach

Gníomhaíonn an Ghníomhaireacht Tithíochta mar lárionad le haghaidh eagraíochtaí éagsúla chun réadmhaoine a cheannach ó ghlacadóirí/iasachtóirí. Sainaithníodh réadmhaoine oiriúnacha ó na punanna agus cheadaigh údaráis áitiúla ceannach na réadmhaoine ábhartha. Chuir na húdaráis áitiúla na cistí ar aghaidh chuig an nGníomhaireacht Tithíochta agus íocadh na cistí ábhartha ansin ar na réadmhaoine sna punanna ábhartha.

## 2 Breithiúnais agus Meastacháin na Cuntasaíochta Criticiúla ar bheartais chuntasaíochta a chur i bhfeidhm agus príomhfhoinsí na héiginnteachta réamh-mheasta

Éilítear ar an lucht bainistíochta, nuair atá na ráitis airgeadais á n-ullmhú, breithiúnais, meastacháin agus toimhdí a dhéanamh a théann i bhfeidhm ar na suimeanna a thuairiscítear le haghaidh sócmhainní agus dliteanas amhail dáta an ráitis ar an staid airgeadais agus na suimeanna a thuairiscítear maidir le hioncam agus caiteachas i rith na bliana. Ach mar gheall ar an gcineál meastacháin atá ann, d'fhéadfadh go mbeadh an-difríocht idir na torthaí iarbhír agus na meastacháin sin. Bhí an tionchar is suntasaí ar na suimeanna a aithnítear sna ráitis airgeadais ag na breithiúnais seo a leanas.

### Saolré Úsáideach Sócmhainní Seasta Inláimhsithe:

Cuimsíonn sócmhainní fadréimseacha foirgnimh, daingneáin, fearais agus trealamh ríomhaireachta go príomha. Braitheann an táille bhliantúil dímheasa go príomha ar shaolré mheasta gach cineáil sócmhainne agus, i gcúinsí áirithe, ar mheastacháin ar luachanna iarmharacha. Athbhreithníonn an bord na saolréanna úsáideacha sin go rialta agus athraítear iad más gá chun cúinsí reatha a léiriú. Nuair atá saolré úsáideach á cinneadh, cuimhníonn an bhainistíocht ar athrú teicneolaíochta, patrúin tomhaltóra, bail fhisiciúil agus úsáid gheilleagrach mheasta na sócmhainní. D'fhéadfadh athruithe ar shaolréanna úsáideacha tionchar suntasach a imirt ar an táille dímheasa don bhliain airgeadais.

### Lagú Sócmhainní Seasta Inláimhsithe

Déantar athbhreithniú ar shócmhainní a bhíonn faoi réir amúchadh le haghaidh lagú nuair a thugann imeachtaí nó athruithe ar chúinsí le fios go bhféadfadh nach mbeadh an tsuim ghlanluacha in-aisghabhála. Aithnítear caillteanas lagaithe don tsuim dá sáraíonn suim ghlanluacha na sócmhainne a méid in-aisghabhála. Is ionann méid in-aisghabhála agus luach cóir sócmhainne lúide costais lena díol agus a luach úsáide, pé acu is mó. Ar mhaithe le bearnú a mheasúnú, cuirtear sócmhainní i ngrúpaí ag na leibhéil is ísle dá bhfuil sreafaí airgid inaitheanta ar leith (aonaid giniúna airgid). Athbhreithnítear sócmhainní neamhairgeadais ar tharla bearnú orthu le haghaidh aisiompú féideartha an bhearnaithe ar gach dáta tuairiscithe.

### An Scéim um Leasúchán Piríte

Meastar an gealltanas €111 milliún don Scéim um Leasúchán Piríte a bheith ina bhreithiúnas suntasach agus tá sé bunaithe ar réamh-mheastachán mionsonraithe cúig bliana don scéim a cuireadh faoi bhráid Bhord na Gníomhaireachta Tithíochta an 23 Deireadh Fómhair 2018.

## Oibleagáid Sochar Scoir

Déantar athbhreithniú bliantúil, bunaithe ar na dálaí reatha geilleagracha agus ar aon athruithe ábhartha ar théarmaí agus coinníollacha na bpleananna sochair scoir agus iarscoir, ar na toimhdí is bonn taca do na luachálacha achtúireacha dá gcinntítear na suimeanna a aithnítear sna ráitis airgeadais (lena n-áirítear rátaí lascaine, rátaí méadaithe ar leibhéil chúitimh amach anseo, rátaí mortlaíochta agus rátaí threochtaí na gcostas cúram sláinte). D'fhéadfadh siad seo a leanas tionchar a imirt ar na toimhdí:

(i) an ráta lascaine, athruithe ar an ráta toraidh ar bhannaí corparáideacha d'ardchaighdeán

(ii) leibhéil cúitimh sa todhchaí, dálaí mhargadh an tsaothair sa todhchaí.

# 3 Athaicmiú na Bliana Roimhe Seo

I rith na bliana rinneadh líon iarmhéideanna don bhliain roimhe sin a athaicmiú chun léiriú níos cruinne a thabhairt ar an bhfaisnéis chun críocha comparáide. Chomh maith leis sin, bhí suim €145,690 a rinneadh a athaicmiú ón gcúlchiste Fála chuig ráiteas ar bhrabús agus caillteanas na Gníomhaireachta Tithíochta toisc nár bhain na costais leis an maoiniú Fála. Is mar seo a leanas an t-athaicmiú a rinneadh:

| | 2017 (Athaicmithe) € | 2017 (Mar a luadh roimhe seo) € |
|---|---|---|
| Costais fostaíochta | 3,527,633 | 3,670,317 |
| Costais Riaracháin Oifige | 973,487 | 765,393 |
| Costais Dlí & Gairmiúla | 971,770 | 891,490 |
| An Deontas Tithíochta & Pobal Inbhuanaithe | (5,158,529) | (5,200,000) |
| Cúlchiste Fála | (71,940,850) | (71,795,160) |
| Costais Sochair Scoir | 686,688 | 728,159 |
| | **(70,939,801)** | **(70,939,801)** |

# 4 Ioncam

## 4.1 Deontas ón Oireachtas

Bunaíodh an Ghníomhaireacht Tithíochta go foirmiúil ar bhonn reachtúil i mí Lúnasa 2012 (Lá a Bunaithe) faoin Ordú fán nGníomhaireacht um Thithíocht agus Pobail Inbhuanaithe (Bunú), 2012 (Ionstraim Reachtúil Uimhir 264 de 2012), agus faigheann an Ghníomhaireacht Tithíochta maoiniú ón Roinn Tithíochta, Pleanála agus Rialtais Áitiúil. Soláthraíonn an Roinn Tithíochta, Pleanála agus Rialtais Áitiúil deontas stáit bliantúil don Ghníomhaireacht Tithíochta chun tacú leis an obair a dhéanann sí. Faigheann an Ghníomhaireacht Tithíochta maoiniú ón Roinn Tithíochta, Pleanála agus Rialtais Áitiúil mar seo a leanas:

(i) Deontas stáit bliantúil don Ghníomhaireacht Tithíochta chun tacú leis an obair a dhéanann sí

(ii) Maoiniú mar go riarann an Ghníomhaireacht an Scéim Leasúcháin Piríte thar ceann an Bhoird um Réiteach Piríte (Nóta 1.1)

(iii) Taighde.

Chomh maith leis sin, d'iarr an Roinn Tithíochta, Pleanála agus Rialtais Áitiúil ar an nGníomhaireacht Tithíochta tabhairt faoi obair a bhí taobh amuigh den chomhaontú seirbhíse. Nuair a thabhaítear costais bhreise lorgaíonn an Ghníomhaireacht Tithíochta forchúiteamh.

**Deontais a fuarthas ón Roinn Tithíochta, Pleanála agus Rialtais Áitiúil Vóta 34**

| | 2018<br>€ | 2017<br>€ |
|---|---|---|
| Deontas (Fo-cheannteideal A.10.3), | 7,174,000 | 5,200,000 |
| Deontas (Fo-cheannteideal A.10.3), Lúide ranníocaíochtaí fostaithe faoin Scéim Earnála Poiblí Aonair a íoctar leis an DEPR | (127,081) | (41,471) |
| Pirít - an Bord um Réiteach Piríte (Fo-cheannteideal A.10.5) | 30,000,000 | 25,547,798 |
| | **37,046,919** | **30,706,327** |

## 4.2 Ioncam ó Tháille

Léiríonn ioncam ó tháillí muirir ar chliaint (údaráis áitiúla nó comhlachtaí stáit eile) maidir le seirbhísí ar thug an Ghníomhaireacht Tithíochta fúthu, lena n-áirítear seirbhísí taighde, seirbhísí ailtireachta, seirbhísí suirbhéireachta cainníochta agus seirbhísí cigireachta. Lena n-áirítear freisin Obair idir Lámha amhail an 31 Nollaig. (Nóta 10).

| | 2018<br>€ | 2017<br>€ |
|---|---|---|
| Ioncam ó Tháillí | 253,729 | 554,876 |

## 4.3 Aisghabháil Speansas ó Chomhlachtaí Stáit

Baineann sé seo le míreanna éagsúla ar nós costais phá foirne a bhí ar iasacht le comhlachtaí stáit eile a aisghabháil agus costais oibre a rinneadh thar ceann comhlacht stáit eile a aisghabháil.

| | 2018<br>€ | 2017<br>€ |
|---|---|---|
| Aisghabháil Speansas ó Chomhlachtaí Stáit Eile | 602,977 | 401,991 |
| Costais a Aisghabháil ó Chomhairle Contae Fhine Gall | 185,404 | 233,497 |
| | **788,381** | **635,488** |

## 4.4 Ioncam Cíosa

Cuimsítear san Ioncam Cíosa cíos a fuarthas mar gheall ar Thalamh Forbartha atá coinnithe ag an nGníomhaireacht Tithíochta. (Féach Nóta 9).

| | 2018<br>€ | 2017<br>€ |
|---|---|---|
| Ioncam Cíosa | 137,535 | 32,139 |

## 4.5 Díolachán Tailte

Léiríonn figiúr 2018 luach ainmniúil an 2 láithreán a aistríodh chuig Údaráis Áitiúla ar chomaoin nialais. Is iad an 2 láithreán a aistríodh ná tailte ag Bóthar Áth na Sceire, in Áth an Ghainimh, agus Bóthar Dhún Táithín, Mainistir Fhear Maí a coinníodh roimhe seo ag €1 in aghaidh an láithreán.

| | 2018<br>€ | 2017<br>€ |
|---|---|---|
| Díolachán Tailte | (2) | 25,000 |

## 4.6 Pirít Eile

Faoin Acht um Réiteach Piríte, 2013, tá sé d'oibleagáid ag an mBord Leasúcháin Piríte na costais ar fad, nó cuid díobh, a bhaineann le teaghaisí a leasú a aisghabháil ó aon pháirtí ag a bhfuil dliteanas agus an cumas íoctha. In 2018, ní bhfuair an Ghníomhaireacht aon airgead ó na tríú páirtithe sin mar ranníocaíocht le costais phiríte (2017: €678,572). In 2017 íocadh an t-airgead sin díreach leis an Roinn Tithíochta, Pleanála agus Rialtais Áitiúil

## 4.7 Ioncam Eile

Chomh maith leis sin faigheann an Ghníomhaireacht Tithíochta ioncam ó ghníomhaíochtaí agus ó scéimeanna eile ar tugadh fúthu i rith na bliana, féach mionsonraí thíos.

| Vóta 34 | 2018<br>€ | 2017<br>€ |
|---|---|---|
| A.3 Tithíocht Údaráis Áitiúil | 418,142 | 19,527 |
| A.12 / A.17 Costais a Aisghabháil | 21,787 | – |
| A.4 Tithíocht Dheonach agus Comhar-thithíocht | 23,458 | 10,456 |
| A.5 Tacaíochtaí Cuimsithe Tithíochta | 27,951 | 10,070 |
| Eile – Ranníocaíocht ó rannpháirtí na Scéime um Leasúchán Piríte | – | 12,572 |
| | **491,338** | **52,625** |

## 4.8 Homebond

Cuireann Homebond clúdach ar fáil i leith lochtanna struchtúracha i dtithe nua agus tá comhaontú aige leis an nGníomhaireacht Tithíochta chun foireann agus seirbhísí a chur ar fáil don Ghníomhaireacht dar luach suas le €2m. In 2018, sholáthair Homebond seirbhísí bainisteoir tionscadal chun roinnt tionscadail leasúcháin piríte a bhainistiú. Is cuid de chomhaontú é sin ina soláthraíonn Homebond foireann agus seirbhísí dar luach €2 mhilliún don Ghníomhaireacht. In 2018, measadh go raibh luach na foirne agus seirbhísí sin a soláthraíodh ag €370,752 (2017: €347,636).

# 5 Fostaithe agus Comhaltaí Boird

## (a) Líon fostaithe

| | 2018 | 2017 |
|---|---|---|
| An meánlíon fostaithe | 67 | 55 |

## (b) Costais fostaíochta

| | 2018<br>€ | 2017<br>€ |
|---|---|---|
| Pá agus tuarastail – foireann na Gníomhaireachta Tithíochta | 3,457,322 | 2,851,567 |
| Pá agus tuarastail – Foireann Piríte | 487,678 | 676,066 |
| | **3,945,000** | **3,527,633** |

## (c) Asbhaint a Bhaineann le Pinsean

I rith na bliana baineadh asbhaintí €151,301 a bhaineann le pinsean ón bhfoireann agus íocadh iad leis an Roinn Tithíochta, Pleanála agus Rialtais Áitiúil.(2017: €145,841)

## (d) Luach Saothair na gComhaltaí Boird

Ní fhaigheann na comhaltaí boird táillí as a bheith ar Bhord na Gníomhaireachta Tithíochta. Ba cheart a thabhairt faoi deara gur íocadh €1,600, €4,200, agus €8,978 le Caroline Gill, Alex Flood agus Jack Keyes faoi seach, comhaltaí ar an mBord um Leasúchán Piríte, as speansais in 2018.

## (e) Luach Saothair an Phríomhfheidhmeannaigh

Ba é €120,287 tuarastal an Phríomhfheidhmeannaigh agus méadaíodh é go €124,228 an 1 Deireadh Fómhair 2018 faoi athbhunú na gciorruithe pá sealadacha a tugadh isteach faoi Chomhaontú Bhóthar Haddington. Tá pinsean an Phríomhfheidhmeannaigh ina chuid de scéim eiseamláireach aoisliúntais shainithe na hearnála poiblí atá ag an nGníomhaireacht Tithíochta.

## (f) Sochair Foirceanta

Níor íocadh aon íocaíochtaí foirceanta i rith na bliana.

## (g) Sochair Ghearrthéarmacha

Níor íocadh aon sochair ghearrthéarmacha ar nós ragoibre nó liúntas i rith na bliana.

### (h) An Príomhphearsanra Bainistíochta

Cuimsítear ar an bpríomhphearsanra bainistíochta sa Ghníomhaireacht Tithíochta na hoifigigh shinsearacha, an Príomhoifigeach Feidhmiúcháin, na Príomhoifigigh, an Príomhoifigeach Cúnta agus Oifigigh Feidhmiúcháin Shinsearacha. Leagtar amach thíos luach iomlán na sochar fostaithe le haghaidh an phríomhphearsanra bainistíochta:

| | 2018 € | 2017 € |
|---|---:|---:|
| Tuarastal | 563,088 | 537,360 |
| Liúntais | – | – |
| Árachas Sláinte | – | – |
| | **563,088** | **537,360** |

Níl luach na sochar pinsean a tuilleadh sa tréimhse sin san áireamh. Is baill iad an príomhphearsanra bainistíochta de scéim pinsean na Gníomhaireachta Tithíochta agus ní leathnaíonn a dteidlíochtaí ina leith sin thar théarmaí na scéime eiseamláirí pinsean seirbhíse.

## 6 Costais Riaracháin

| | 2018 € | 2017 € |
|---|---:|---:|
| Cíos Iníoctha | 61,500 | – |
| Rátaí | 492 | 35,243 |
| Árachas | 52,957 | 44,437 |
| Solas agus Teas | 20,412 | 18,225 |
| Costais Áitribh agus Chothabhála | 115,142 | 84,080 |
| Teicneolaíocht Faisnéise Cumarsáide | 258,646 | 196,166 |
| Priontáil, Postas agus Stáiseanóireacht | 117,581 | 52,396 |
| Cumarsáid | 162,070 | 188,577 |
| Comhdhálacha, Cruinnithe agus Seimineáir | 62,262 | 69,735 |
| Muirir Bhainc | 936 | 943 |
| Speansais Ghinearálta | 38,407 | 3,683 |
| Oiliúint agus Earcaíocht | 158,549 | 38,263 |
| Taisteal agus cothabháil | 91,442 | 206,652 |
| Síntiúis | 42,308 | 35,087 |
| Drochfhiacha* | 81,000 | – |
| | **1,263,704** | **973,487** |

* Cuireadh iasacht €81,000 ar aghaidh chuig an NBA i Márta 2018. D'iarr an leachtaitheoir deimhniú ón nGníomhaireacht Tithíochta nach raibh aon iarmhéid dlite ó NBA a ndíscríobhfaí drochfhiach mar thoradh air.

# 7 Táillí Dlí agus Gairmiúla

| | 2018<br>€ | 2017<br>€ |
|---|---|---|
| Éadálacha - Táillí Gairmiúla | 117,678 | 82,822 |
| Táillí Gairmiúla | 133,330 | 8,552 |
| Costais Rialála agus Forbartha | 169,643 | 125,399 |
| Costais Dlí | 30,907 | – |
| Caiteachas Taighde | 209,455 | 320,516 |
| Cuntasaíocht | 33,028 | 24,592 |
| Iniúchóireacht Inmheánach | 64,921 | 18,734 |
| Iniúchóireacht | 35,000 | 34,000 |
| Luachálacha Talún agus Táillí Dlí le haghaidh Bainistíocht Sócmhainní | 129,702 | 52,548 |
| Seirbhísí Gairmiúla agus Dlí le haghaidh Údaráis Áitiúla | 29,735 | 16,616 |
| Frithghealladh le haghaidh Iasachtaí Soláthair Tithíochta | 385,790 | 189,886 |
| Tionscadail | 109,391 | 43,456 |
| Pleanáil Straitéiseach agus Cur i bhFeidhm | 55,102 | 15,006 |
| An Coiste Iniúchóireachta agus Riosca agus Athbhreithniú Rialachais | 9,410 | 39,643 |
| Mapáil Próisis agus Nósanna Imeachta | 91,723 | – |
| Seirbhísí Soláthair | 61,871 | – |
| | **1,666,686** | **971,770** |

## 8 Costais na Scéime Leasúcháin Piríte

Riarann an Ghníomhaireacht an Scéim um Leasúchán Piríte a tháinig i bhfeidhm an 13 Feabhra 2014. Fuair an Ghníomhaireacht Tithíochta maoiniú €120,796,170 ón Roinn Tithíochta, Pleanála agus Rialtais Áitiúil chun an scéim a riar go dtí seo. Suas go dtí Dé Luain an 31 Nollaig 2018, rinne an Ghníomhaireacht íocaíochtaí €93.9 milliún faoin scéim. Leagtar amach thíos sonraí na n-íocaíochtaí in 2018 agus in 2017. Leagtar amach i Nóta 18 sonraí na gceanglas amach anseo faoin scéim. Chomh maith leis sin, tá costais párolla tabhaithe ag an nGníomhaireacht maidir le baill foirne ar sannadh riarachán na scéime orthu dar luach €487,676 (2017: €676,066) féach nóta 5b.

| | 2018<br>€ | 2017<br>€ |
|---|---|---|
| Gairmithe Comhairleacha Dearaidh | 1,473,348 | 1,207,256 |
| Conraitheoirí Oibre | 25,912,180 | 22,051,523 |
| Íocaíochtaí le hÚinéirí Tí | 2,232,492 | 1,988,270 |
| Dlí agus Gairmiúil | 46,994 | 25,373 |
| Costais Riaracháin Eile | 6,676 | 2,286 |
| | **29,671,690** | **25,274,708** |

# 9 Sócmhainní Seasta Inláimhsithe

| | Talamh Forbartha € | Talamh faoi Chomh-iomlánú Scéim € | Foirgnimh € | Daingneáin, Fearais & Trealamh € | Trealamh Ríomhair-eachta € | Iomlán € |
|---|---|---|---|---|---|---|
| **Costas** | | | | | | |
| Iarmhéid tosaigh amhail an 1 Eanáir 2018 | 1,441,247 | 72 | 4,973,255 | 117,887 | 219,678 | 6,752,139 |
| Breiseanna ag Costas | – | – | – | 3,242 | 17,505 | 20,747 |
| Athluachálacha | – | 55,069,272 | – | – | – | 55,069,272 |
| Diúscairtí | – | (2) | – | – | – | (2) |
| **Iarmhéid amhail an 31 Nollaig 2018** | **1,441,247** | **55,069,342** | **4,973,255** | **121,129** | **237,183** | **61,842,156** |
| **Dímheas** | | | | | | |
| Iarmhéid tosaigh amhail an 1 Eanáir 2018 | – | – | 113,222 | 47,530 | 106,530 | 267,282 |
| Dímheas don Tréimhse | – | – | 103,277 | 15,141 | 40,639 | 159,057 |
| **Iarmhéid amhail an 31 Nollaig 2018** | **–** | **–** | **216,499** | **62,671** | **147,169** | **426,339** |
| **Glanluach de réir na Leabhar** | | | | | | |
| Amhail an 31 Nollaig 2018 | 1,441,247 | 55,069,342 | 4,756,756 | 58,458 | 90,014 | 61,415,817 |
| Amhail an 31 Nollaig 2017 | 1,441,247 | 72 | 4,860,033 | 70,357 | 113,148 | 6,484,857 |
| **Costas** | | | | | | |
| Iarmhéid tosaigh amhail an 1 Eanáir 2017 | – | – | 273,255 | 117,887 | 147,624 | 538,766 |
| Breiseanna ag Costas | 1,441,247 | 73 | 4,700,000 | – | 72,054 | 6,213,374 |
| Diúscairtí | – | (1) | – | – | – | (1) |
| **Iarmhéid amhail an 31 Nollaig 2017** | **1,441,247** | **72** | **4,973,255** | **117,887** | **219,678** | **6,752,139** |
| **Dímheas** | | | | | | |
| Iarmhéid tosaigh amhail an 1 Eanáir 2017 | – | – | 13,757 | 32,794 | 82,766 | 129,317 |
| Dímheas don Tréimhse | – | – | 99,465 | 14,736 | 23,764 | 137,965 |
| **Iarmhéid amhail an 31 Nollaig 2017** | **–** | **–** | **113,222** | **47,530** | **106,530** | **267,282** |

| | Talamh Forbartha € | Talamh faoi Chomh-iomlánú Scéim € | Foirgnimh € | Daingneáin, Fearais & Trealamh € | Trealamh Ríomhair-eachta € | Iomlán € |
|---|---|---|---|---|---|---|
| **Glanluach de réir na Leabhar** | | | | | | |
| Amhail an 31 Nollaig 2017 | 1,441,247 | 72 | 4,860,033 | 70,357 | 113,148 | 6,484,857 |
| Amhail an 31 Nollaig 2016 | – | – | 259,498 | 85,093 | 64,858 | 409,449 |

* Roinneadh Talamh Forbartha ina dhá chatagóir mar atá luaite thuas, athshonraíodh figiúirí comparáideacha freisin.

## Talamh Forbartha

| | 2018 € | 2017 € |
|---|---|---|
| Talamh Forbartha | 1,441,247 | 1,441,247 |
| | **1,441,247** | **1,441,247** |

Cuimsítear i dtalamh forbartha eile ocht láithreán a aistríodh ón nGníomhaireacht um Thithíocht agus Pobail Inbhuanaithe Teoranta agus cúig láithreán a aistríodh ón nGníomhaireacht Náisiúnta Foirgníochta Teoranta in 2013. Coinnítear na tailte seo de réir a luach margaidh ag dáta an aistrithe lúide costais diúscartha a tabhaíodh roimh an aistriú. Níl sé i gceist ag an nGníomhaireacht Tithíochta athluacháil a dhéanamh ar na sócmhainní seo Níl aon fhorbairt á déanamh ar an talamh faoi láthair. Táthar ag súil, sa chás go bhfuil an talamh sin feiliúnach do thithíocht, bíodh tithíocht shóisialta nó cuspóirí tithíochta eile i gceist, go n-úsáidfear chuige sin é, má theastaíonn a leithéid sa cheantar. Chinnfí úsáid fhéideartha aon cheann de na láithreáin sin i gcomhar leis an Roinn Tithíochta, Pleanála agus Rialtais Áitiúil.

| | | |
|---|---|---|
| Láithreáin oscailte | 13 | 13 |
| (Aistrithe/Diúscartha) | – | – |
| **Láithreáin Dúnta** | **13** | **13** |

## Talamh atá Coinnithe faoin Scéim

| | 2018 € | 2017 € |
|---|---|---|
| Talamh atá coinnithe faoin Scéim Chomhiomlánaithe Talún | 55,069,342 | 72 |
| | **55,069,342** | **72** |

I rith na bliana rinne gníomhairí tríú páirtí athluacháil ar thalamh arna coinneáil faoin Scéim Chomhiomlánaithe Talún inar cuireadh luach €55,069,270 leis an talamh arna coinneáil. Léiríodh é seo sa Ráiteas ar Ioncam Cuimsitheach Eile agus sa chúlchiste athluachála. Aistríodh 2 shuíomh chuig na hÚdaráis Áitiúla ar chomaoin Nialais.

| | | |
|---|---|---|
| Láithreáin oscailte | 72 | 73 |
| (Aistrithe/Diúscartha) | (2) | (1) |
| **Láithreáin Dúnta** | **70** | **72** |

## Nuashonrú maidir le Gníomhaíocht

Éilítear ar an nGníomhaireacht Tithíochta tuarascáil a ullmhú agus straitéis maidir le bainistiú, úsáid agus forbairt ar deireadh thiar ar láithreáin a chur i bhfeidhm. Dréachtaíodh an straitéis in 2014 agus tháinig Plean Straitéiseach Forbartha agus Bainistíochta Chomhiomlánaithe Talún ina háit a ullmhaíodh in 2017 agus a cuireadh ar aghaidh chuig an Aire an 16 Meitheamh 2017 agus a foilsíodh i mí Dheireadh Fómhair 2017. Faoi Láthair:

- Tá 4 cinn leagtha amach le haghaidh tionscadail faoin gComhpháirtíocht Phríobháideach Phoiblí. Cuireadh tús le tógáil ar an láithreán mar chuid de Bheartán 1. Táthar ag súil go gcuirfear tús leis an obair thógála ar na trí láithreán eile faoi cheann 6 mhí
- Tá léiriú spéise ag dul le naoi gcinn déag. Tá cainteanna ar siúl leis na Comhlachtaí Tithíochta Ceadaithe agus tá cruinnithe á sceidealú leis na húdaráis áitiúla chun Eolanna a thabhairt chun cinn
- Tá 9 láithreán ann a bhfuil baint ag údaráis áitiúla leo. Tá trí láithreán ann a bhfuil an obair thógála tugtha chun críche – tá ceithre láithreán ar a bhfuil tithe fós á dtógáil – tá dhá láithreán ann atá ag an gcéim tosaigh maidir le ceadú a fháil ón Roinn
- Tá 6 láithreán ann a bhfuil baint ag comhlacht tithíochta ceadaithe leo. Tá dhá láithreán ann inar cuireadh tús leis an obair thógála. Tá 3 láithreán ann atá ag an gcéim pleanála nó réamhphleanála. Rinneadh suíomh amháin a dhiúscairt do chomhlacht tithíochta ceadaithe d'fhonn an scéim foriomlán a bhí acu a chur i gcrích
- Tá 3 cinn á bhforbairt ag an Údarás Forbartha Talún, níl aon dul chun cinn déanta ar an láithreán go dtí seo
- Tá 3 cinn ceadaithe faoin gCiste Bonneagair Áitiúil um Sheachadadh Tithíochta a Ghníomhachtú. Tá dul chun cinn mór déanta ar láithreán amháin agus tá tailte le haistriú chuig an údarás áitiúil, níl an oiread céanna dul chun cinn déanta ar na láithreáin eile ar cheadaigh an Roinn maoiniú LIHAF ina leith.

Níl aon phleananna ann faoi láthair chun forbairt a dhéanamh ar na láithreáin eile, ach mar a tugadh ar aird thuas, déanfar monatóireacht agus athbhreithniú orthu ar bhonn leanúnach i ndáil le haon deiseanna forbartha a d'fhéadfadh a bheith ann.

## 10 Obair idir Lámha

| | 2018<br>€ | 2017<br>€ |
|---|---:|---:|
| Obair idir Lámha amhail an 01 Eanáir | 75,437 | 120,412 |
| Ioncam ar cuireadh sonraisc ina leith go dtí an 31 Nollaig | (162,843) | (599,851) |
| Ioncam ó Tháillí Nóta 4.2 | 253,728 | 554,876 |
| **Obair idir Lámha amhail an 31 Nollaig** | **166,322** | **75,437** |

## 11 Suimeanna Infhaighte

| | 2018<br>€ | 2017<br>€ |
|---|---:|---:|
| Suimeanna Infhaighte Trádála | 193,721 | 489,536 |
| Suimeanna Infhaighte Eile | 121,278 | 31,022 |
| Réamhíocaíochtaí | 78,692 | 59,983 |
| | **393,691** | **580,541** |

# 12 Airgead agus Coibhéisí Airgid

| | 2018<br>€ | 2017<br>€ |
|---|---|---|
| Airgead sa bhanc | 39,667,159 | 14,834,597 |
| Cuntas Taisce | 860,853 | 2,740 |
| | **40,528,012** | **14,837,337** |

## Anailís ar Airgead agus Coibhéisí Airgid

| | 2018<br>€ | 2017<br>€ |
|---|---|---|
| Cistí Fála | 10,206,061 | 6,858,935 |
| Dliteanas Fhearchair (Nóta 13(b)) | 196,406 | 196,406 |
| An Scéim um Leasúchán Piríte | 1,785,153 | 1,484,216 |
| Airgead arna choinneáil thar ceann Údaráis Áitiúla (Nóta 16) | 23,882,000 | 3,023,700 |
| Caipiteal Oibre na Gníomhaireachta Tithíochta | 4,458,392 | 3,274,080 |
| | **40,528,012** | **14,837,337** |

# 13 Suimeanna Iníoctha; suimeanna dlite laistigh de bhliain amháin

## (a) Suimeanna Iníoctha

| | 2018<br>€ | 2017<br>€ |
|---|---|---|
| Suimeanna Iníoctha Trádála | (599) | (35,656) |
| Suimeanna Iníoctha Eile | – | (16,614) |
| Dliteanas Fhearchair (Nóta 13(b)) | (196,406) | (196,406) |
| Fabhruithe | (474,433) | (348,724) |
| PAYE/PRSI | (107,279) | (151,115) |
| Cáin Bhreisluacha | (719,117) | (615,556) |
| Cáin Shiarchoinneálach | (110,701) | (76,439) |
| Airgead arna choinneáil thar ceann Údaráis Áitiúla (Nóta 16) | (23,882,000) | (3,023,700) |
| Rialú Tuarastal | (64,830) | (87,004) |
| Ranníocaíocht Pinsin | (391,256) | (393,416) |
| | **(25,946,621)** | **(4,944,630)** |

## (b) Dliteanas Fhearchair

Thóg an Roinn Tithíochta, Pleanála agus Rialtais Áitiúil dliteanais uile na Comhpháirtíochta Tithíochta Inacmhainne (AHP) amhail an 31 Nollaig 2010 ar láimh, lena n-áirítear oibleagáidí conartha i dtaobh idirbheart malartaithe talún le haonán príobháideach tríú páirtí le haghaidh réadmhaoine faoi úinéireacht an stáit ar Ardán Fhearchair, Baile Átha Cliath 2.

I rith 2012, rialaigh an Ard-Chúirt cás i leith an mhalartaithe talún sin i bhfabhar an aonáin phríobháidigh tríú páirtí. I ndiaidh an bhreithiúnais sin, tháinig an Roinn Tithíochta, Pleanála agus Rialtais Áitiúil, Oifig na nOibreacha Poiblí (OPW) agus an t-aonán príobháideach tríú páirtí ar chomhaontú faoin socrú deiridh a d'eascair as an mbreithiúnas.

De réir an chomhaontaithe sin, d'airlic an Roinn Tithíochta, Pleanála agus Rialtais Áitiúil airgead don Ghníomhaireacht Tithíochta. I ndiaidh treoir a fháil ón Roinn Tithíochta, Pleanála agus Rialtais Áitiúil agus Oifig na nOibreacha Poiblí, íocadh an t-airgead sin leis an tairbhí. D'éascaigh an Ghníomhaireacht Tithíochta, trína cuntas bainc, fáil agus íocaíocht an airgid leis an tairbhí deiridh. Chuir an Ghníomhaireacht Tithíochta an tsaoráid sin ar fáil, ach níor ghearr sí aon táillí ná coimisiúin ar aon pháirtí a bhí bainteach leis an gcás.

Amhail an 31 Nollaig 2018, tá suim €196,406 fós leis an nGníomhaireacht Tithíochta i leith an dliteanais seo. Amhail an 31 Nollaig 2018, níl aon dliteanais eile ag an nGníomhaireacht Tithíochta i leith an cháis seo. Tá an Ghníomhaireacht Tithíochta i mbun pléite leis an Roinn Tithíochta, Pleanála agus Rialtais Áitiúil maidir leis an iarmhéid seo:

| | 2018 € | 2017 € |
|---|---|---|
| Cistí arna gcoinneáil ag an nGníomhaireacht Tithíochta amhail an 1 Nollaig | 196,406 | 196,406 |

# 14 Sochair Scoir

## Príomhscéim agus Scéim Aonair

### (a) Anailís ar Chostais Phinsean Iomlána a Gearradh ar Chaiteachas

| | 2018 € | 2017 € |
|---|---|---|
| Costais Seirbhíse Reatha | 1,096,000 | 824,000 |
| Ús ar Dhliteanais na Scéime Pinsean | 183,000 | 50,000 |
| Ranníocaíochtaí Fostaithe | (217,672) | (187,312) |
| | **1,061,328** | **686,688** |

### (b) Anailís ar an nGluaiseacht sa Dliteanas Pinsean i Rith na Bliana

| | 2018 € | 2017 € |
|---|---|---|
| Dliteanas Tosaigh amhail an 1 Eanáir | 9,867,000 | 2,713,000 |
| Costas Seirbhíse Reatha | 1,096,000 | 824,000 |
| Costas Úis | 183,000 | 50,000 |
| Caillteanas / (Gnóthachan) Achtúireach | (614,000) | 6,280,000 |
| **Glandliteanas Pinsean amhail an 31 Nollaig** | **10,532,000** | **9,867,000** |

### (c) Maoiniú Iarchurtha le haghaidh Pinsean

Aithníonn an Ghníomhaireacht Tithíochta na suimeanna sin mar shócmhainn a chomhfhreagraíonn don dliteanas iarchurtha neamh-mhaoinithe le haghaidh pinsean ar bhunús na dtoimhdí a ndéantar cur síos orthu i Nóta 14(d), agus roinnt imeachtaí roimhe sin. Áirítear leis na himeachtaí sin bonn reachtúil do bhunú na scéime, agus an beartas agus cleachtas atá i bhfeidhm faoi láthair maidir le pinsin na seirbhíse poiblí a mhaoiniú, lena n-áirítear ranníocaíochtaí fostaithe agus an próiseas meastachán bliantúil.

Níl aon fhianaise ag an nGníomhaireacht Tithíochta nach leanfaidh an beartas maoinithe sin ar aghaidh ag comhlíonadh suimeanna dá leithéid de réir cleachtas reatha.

Ba é an Glan-Mhaoiniú Iarchurtha le haghaidh Pinsean a aithníodh sa Ráiteas ar Ioncam agus Caiteachas:

| | 2018<br>€ | 2017<br>€ |
|---|---:|---:|
| Maoiniú In-aisghabhála i leith Costais Pinsin na Tréimhse Reatha | 1,279,000 | 874,000 |
| Ranníocaíochtaí Fostaithe | (56,838) | – |
| | **1,222,162** | **874,000** |
| Dliteanas Scéime | 10,532,000 | 9,867,000 |
| Caillteanas / (Gnóthachan) Achtúireach ag eascairt as difríocht idir an t-eispéireas agus a rabhthas ag súil leis (Féach ** thíos) | 163,000 | 6,032,000 |
| Caillteanas / (Gnóthachan) Achtúireach ag eascairt as athrú ar thoimhdí luachálacha dliteanais | (777,000) | 248,000 |
| Céatadán Dhliteanais na Scéime | -5.83% | 63.65% |

B'ionann an caillteanas achtúireach carnach a aithníodh sa Ráiteas ar Ioncam Cuimsitheach Eile agus €(614,000) , (2017: €6,280,000).

** Aistríodh roinnt den fhoireann seirbhís le Comhlachtaí Stáit roimhe seo, agus is as sin a eascraíonn an Caillteanas Achtúireach thuasluaite.

### (d) Cur Síos Ginearálta ar an Scéim

Feidhmíonn an Ghníomhaireacht Tithíochta scéimeanna aoisliúntais sochair shainithe neamh-mhaoinithe le haghaidh na foirne. Is iad na scéimeanna: (i) Roimh an 1 Aibreán 2004 – Iontráil nach bhfuil Nua, (ii) I ndiaidh an 1 Aibreán 2004 – Iontráil Nua, agus (iii) I ndiaidh an 1 Eanáir 2013 – Scéim Pinsin Aonair. Tá a téarmaí agus coinníollacha féin ag gach scéim pinsean i ndáil le haois scoir agus ríomh na bpinsean agus na cnapshuime. Íoctar teidlíochtaí aoisliúntais a thagann chun cinn faoi na scéimeanna as ioncam reatha agus gearrtar iad ar an Ráiteas ar Ioncam agus Caiteachas, glan ar ranníocaíochtaí aoisliúntais fostaithe, sa bhliain ina n-éiríonn siad iníoctha.

Leagtar amach na torthaí thíos atá bunaithe ar luacháil achtúireach na ndliteanas pinsean i leith fhoireann reatha, ar scor agus mharbh na Gníomhaireachta Tithíochta amhail an 31 Nollaig 2018. Thug achtúire neamhspleách cáilithe faoin luacháil sin chun críche an chaighdeáin cuntasaíochta, Caighdeán Tuairiscithe Airgeadais – Sochair Scoir (FRS 102).

Ba iad na príomhthoimhdí airgeadais a úsáideadh:

| Modh Luachála | 2018 | 2017 |
|---|---|---|
| Ráta Lascaine | 2.05% | 1.85% |
| Ráta Méadaithe ar Thuarastail | 2.85% | 2.93% |
| Méadú ar an bPinsean Stáit sa Todhchaí | 1.85% | 1.93% |
| Méaduithe ar Phinsean sa Todhchaí | 2.35% | 2.43% |
| Boilsciú | 1.85% | 1.93% |

| Meán-ionchas Saoil a Úsáideadh chun Dliteanais a Chinneadh | 2018 | 2017 |
|---|---|---|
| Fear 65 bliana d'Aois | 21 | 21 |
| Bean 65 bliana d'Aois | 24 | 24 |

Meán-ionchas saoil sa todhchaí de réir na dtáblaí mortlaíochta a úsáideadh chun na dliteanais phinsin a chinneadh.

## (e) Scéim Pinsin an NBA

### (i) Costais Sochair Scoir

| | 2018<br>€ | 2017<br>€ |
|---|---|---|
| Costas Seirbhíse Reatha | – | – |
| Glanchostas Úis | (21,000) | – |
| Costas Riaracháin | 10,000 | – |
| **Iomlán (Creidmheas) i leith Caiteachais** | **(11,000)** | **–** |

### (ii) Dliteanas Sochar Scoir Glan

| | 2018<br>€ | 2017<br>€ |
|---|---|---|
| Luach reatha na n-oibleagáidí sochair shainithe i leith maoinithe | (7,929,000) | – |
| Luach Cothrom Sócmhainní na Scéime | 12,312,000 | – |
| **Glansócmhainn / (Dliteanas)** | **4,383,000** | **–** |

### (ii) Gluaiseacht i luach reatha oibleagáidí na scéime

| | 2018<br>€ | 2017<br>€ |
|---|---|---|
| Oibleagáid tosaigh i leith sochair shainithe amhail an 1 Deireadh Fómhair 2018 | 8,366,000 | – |
| Costas Seirbhíse Reatha | – | – |
| Costas Úis | 40,000 | – |
| Sochair íoctha | (78,000) | – |
| Athrú i dtoimhdí achtúireacha | (369,000) | – |
| Eispéireas (Gnóthachan)/Caillteanais | (30,000) | – |
| **Oibleagáid sochair shainithe amhail an 31 Nollaig 2018** | **7,929,000** | **–** |

**(iv) Athrú i sócmhainní na scéime**

| | 2018<br>€ | 2017<br>€ |
|---|---:|---:|
| Luach cothrom sócmhainní na scéime amhail an 1 Deireadh Fómhair 2018 | 12,784,000 | – |
| Ioncam Úis | 61,000 | – |
| Sochair íoctha | (78,000) | – |
| Costais riaracháin a íoctar ón sócmhainn | (10,000) | – |
| Tuairisceáin ar shócmhainní an phlean gan ús san áireamh | (445,000) | – |
| **Oibleagáid sochair shainithe amhail an 31 Nollaig 2018** | **12,312,000** | **–** |

Cuimsíodh i luach cothrom sócmhainní an

| | € | % |
|---|---:|---:|
| Airgead tirim | 370,000 | 3.00% |
| Cothromais | 4,317,000 | 35.10% |
| Bannaí | 7,588,000 | 61.60% |
| Eile | 37,000 | 0.30% |
| | **12,312,000** | |

Ceapadh an Ghníomhaireacht Tithíochta ina príomhfhostóir do scéim pinsin na Gníomhaireachta Náisiúnta Foirgníochta le héifeacht ón 1 Deireadh Fómhair 2018.

Ba iad na príomhthoimhdí airgeadais a úsáideadh:

| Modh Luachála | 2018 | 2017 |
|---|---:|---:|
| Ráta Lascaine | 2.05% | 0.00% |
| Ráta Méadaithe ar Thuarastail | 2.85% | 0.00% |
| Boilsciú | 1.85% | 0.00% |

# 15 Comhaltaí Boird na Gníomhaireachta

## Nochtadh Leasanna faoin Acht um Eitic in Oifigí Poiblí, 1995 agus 2001

Éilítear ar an nGníomhaireacht cloí le ceanglais agus nósanna imeachta de réir an Achta um Eitic in Oifigí Poiblí, 1995 agus 2001. Chloí an Ghníomhaireacht leo seo laistigh den tréimhse. Ní raibh aon idirbhearta i rith na tréimhse i leith ghníomhaíochtaí na Gníomhaireachta ina raibh leas tairbhiúil ag Comhaltaí na Gníomhaireachta.

# 16 Cabhrú le húdaráis áitiúla tithíocht a cheannach

Gníomhaíonn an Ghníomhaireacht Tithíochta mar lárionad le haghaidh eagraíochtaí éagsúla chun réadmhaoine a cheannach ó ghlacadóirí/iasachtóirí. Sainaithníodh réadmhaoine oiriúnacha ó na punanna agus cheadaigh údaráis áitiúla ceannach na réadmhaoine ábhartha. Chuir na húdaráis áitiúla na cistí ar aghaidh chuig an nGníomhaireacht Tithíochta agus íocadh na cistí ábhartha ansin ar na réadmhaoine sna punanna ábhartha. In 2018, cheannaigh an Ghníomhaireacht Tithíochta tithe ar an mórchóir ó institiúidí iasachtaithe thar ceann údaráis áitiúla go náisiúnta. Ní leis an nGníomhaireacht Tithíochta stoc tithíochta dá leithéid. Tugtar breac-chuntas thíos ar na hidirbhearta faoin gclár:

| | 2018<br>€ | 2017<br>€ |
|---|---|---|
| Iarmhéid Tosaigh i leith Cistí | 3,023,700 | – |
| Maoiniú Faighte | 47,444,100 | 19,584,200 |
| Ceannacháin | (26,585,800) | (16,560,500) |
| **Iarmhéid Deiridh an Mhaoinithe a Fuarthas **** | **23,882,000** | **3,023,700** |
| **Costais Fála *** | **151,556** | **325,844** |

** Coinnítear iarmhéid an mhaoinithe a fuarthas i suimeanna iníoctha (Nóta 13)
* Tabhaítear costais fála tríd an Ráiteas ar Ioncam agus Caiteachas agus tá siad le haisghabháil ag dáta níos deireanaí.

### Costais Fhine Gall

I rith na bliana, thabhaigh an Ghníomhaireacht Tithíochta costais €166,127 (2017:€278,337) thar ceann Chomhairle Contae Fhine Gall. Rinneadh €185,404 a aisghabháil agus bhain €44,840 le 2017. Tá an t-iarmhéid €25,563 le haisghabháil.

# 17 Plean Gníomhaíochta maidir le Tithíocht agus Easpa Dídine

Cuireadh de chúram ar an nGníomhaireacht Tithíochta tithíocht fholamh a fháil le húsáid mar thithíocht shóisialta faoin bPlean Gníomhaíochta maidir le Tithíocht agus Easpa Dídine. Is é ról na Gníomhaireachta chuige sin plé le bainc, infheisteoirí agus úinéirí féideartha eile cúpla punann réadmhaoine chun réadmhaoine a fháil ar bhonn náisiúnta agus iad a dhiúscairt ar a gcostas le comhlachtaí tithíochta agus údaráis áitiúla.

Soláthraítear maoiniú don cheannach ó dheontas imrothlach suas le €76 milliún ón Roinn Tithíochta, Pleanála agus Rialtais Áitiúil. Caitear leis an deontas mar mhaoiniú fadtéarmach agus déantar cuntas air sa Chúlchiste Fála Réadmhaoine sa Ráiteas ar Staid an Airgeadais.

Léirítear thíos achoimre ar idirbhearta na bliana

| | Ref | 2018 € | 2017 € |
|---|---|---|---|
| Iarmhéid Tosaigh | | 71,940,850 | 9,952,025 |
| Ioncam Deontais a Aistríodh ón Roinn Tithíochta, Pleanála agus Rialtais Áitiúil | | 497,833 | 66,788,975 |
| Barrachas/Easnamh ar Stoc Tithíochta | 17b | – | – |
| Ioncam Cíosa a tuilleadh | | 44,825 | 8,180 |
| Costais a tabhaíodh | 17c | (1,542,310) | (2,908,830) |
| Aistrithe chuig Údaráis Áitiúla gan aon chomaoin* | | – | (1,899,500) |
| **Iarmhéid i gCúlchistí** | **17a** | **70,941,198** | **71,940,850** |

* In 2017 aistríodh an stoc tithíochta chuig údaráis áitiúla ag nialas. Ní raibh aon idirbhearta den chineál céanna in 2018.

### 17a Cuimsítear na hiarmhéideanna seo a leanas san iarmhéid i gcúlchistí

| Valuation Method | 2018 | 2017 |
|---|---|---|
| Stoc Tithíochta | 60,707,431 | 65,081,915 |
| Taisce | 25,000 | – |
| Banc | 10,208,767 | 6,858,935 |
| Leithdháiltí Fálacha Díreacha | – | – |
| Cúlchiste | (70,941,198) | (71,940,850) |

## 17b Stoc Tithíochta

| | Líon na dTithe | 2018 € | 2017 € |
|---|---|---|---|
| Fardail Tosaigh | 353 | 64,844,915 | 9,952,025 |
| Díolacháin | (253) | (53,201,140) | (7,170,014) |
| Taisce Íoctha & Ceannacháin | 223 | 47,400,738 | 64,312,844 |
| Obair Fheabhsúcháin ar Fhoirgnimh | | 4,268,038 | 1,737,129 |
| Aisíocaíochtaí | (23) | (2,580,120) | (2,087,569) |
| Aistrithe chuig Údaráis Áitiúla i leith €Nialais | | – | (1,899,500) |
| Stoc Deiridh | 300 | (60,707,431) | (64,844,915) |
| Taisce Infhaighte | | (25,000) | |
| **Barrachas/Easnamh** | | **–** | **–** |

## 17c Costais Fáil Tithíocta (ciste €76 milliún)

| | 2018 € | 2017 € |
|---|---|---|
| Ceannacháin, Díolacháin agus Costais Choinneála | 704,057 | 1,254,298 |
| Dleacht Stampála | (30,065) | 559,139 |
| Luachálacha Réadmhaoine | 225,940 | 161,787 |
| Árachas | 334,030 | 139,794 |
| Cigireachtaí Réadmhaoine | 255,369 | 345,491 |
| Cáin Mhaoine Áitiúil | 59,346 | 202,841 |
| Comhairle Ghairmiúil | 44,027 | 88,912 |
| Muirir Sheirbhíse | 158,584 | 54,915 |
| Seirbhísí Slándála | 2,263 | 7,095 |
| Costais Fóntais agus Nasctha | (5,212) | 5,383 |
| Costais Ilghnéitheacha | – | 3,147 |
| Táillí AHB | (91,377) | 86,028 |
| Aisíocaíochtaí Costais | (114,727) | – |
| Táillí Bainc | 75 | – |
| | **1,542,310** | **2,908,830** |

## 18 Ceanglais

Thar ceann na Roinne Tithíochta, Pleanála agus Rialtais Áitiúil, tugann an Ghníomhaireacht Tithíochta faoi leasú na dtithe a bhfuil pirít ag dul i bhfeidhm orthu. Faigheann an Bord Réitigh Piríte éilimh faoin Scéim Leasúcháin Piríte. Mar chuid den scéim sin, déantar conarthaí oibre le sainchomhairleoirí innealtóireachta agus tógála agus le conraitheoirí innealtóireachta sibhialta agus tógála. Ina theannta sin, tá úinéirí tí ar glacadh lena dteaghaisí sa scéim seo i dteideal caiteachas áirithe a thabhaigh siad sula nglactar leo sa scéim agus a thabhaítear i rith oibreacha leasúcháin a aisghabháil.

Ní dhearnadh aon fhoráil sna cuntais i leith an dliteanais fhéideartha faoin scéim mar gurb é beartas an Bhoird costais na n-éileamh a aithint de réir mar a fhaomhtar iad. Meastar gurb ionann costas iomlán na scéime leasúcháin agus €111 milliún bunaithe ar chostais réamh-mheasta go ceann cúig bliana agus áirítear gealltanais conartha €65.8 milliún agus €3.6 milliún a leagtar amach thíos.

Amhail an 31 Nollaig 2018, bhí na ceanglais agus oibleagáidí conartha seo a leanas ag an nGníomhaireacht Tithíochta maidir leis an Scéim Leasúcháin Piríte (PRS).

| Comhairleoirí Tógála | 2018<br>€ | 2017<br>€ |
|---|---|---|
| Luach Iomlán Comhairleoirí Tógála Conarthaí amhail an 31 Nollaig | 5,047,454 | 4,887,830 |
| Luach iomlán na nÍocaíochtaí ar an gCuntas go dtí an 31 | (1,473,348) | (1,207,256) |
| **Gealltanais Conartha atá Amuigh le Comhairleoirí amhail an 31 Nollaig** | **3,574,106** | **3,680,574** |

Níl an Ghníomhaireacht Tithíochta i dteideal CBL a aisghabháil agus, ar an ábhar sin, tá CBL san áireamh sna méideanna thuas ar fad. Déantar cuntas ar íocaíochtaí le sainchomhairleoirí mar chostais íoctha.

| Conraitheoirí Oibre | 2018<br>€ | 2017<br>€ |
|---|---|---|
| Luach Iomlán Chonarthaí na gConraitheoirí Oibre amhail an 31 Nollaig | 91,736,186 | 91,423,232 |
| Luach iomlán na nÍocaíochtaí ar an gCuntas go dtí an 31 | (25,912,180) | (22,051,523) |
| **Gealltanais Conartha atá Amuigh le Conraitheoirí amhail an 31 Nollaig** | **65,824,006** | **69,371,709** |

Níl an Ghníomhaireacht Tithíochta i dteideal CBL a aisghabháil agus, ar an ábhar sin, tá CBL san áireamh sna méideanna thuas ar fad. Déantar cuntas ar íocaíochtaí le conraitheoirí mar chostais íoctha.

## 19 An Ghníomhaireacht Náisiúnta Foirgníochta

Chuir an Ghníomhaireacht Náisiúnta Foirgníochta Teoranta (NBA) deireadh le hoibríochtaí an 30 Meitheamh 2011 agus d'aistrigh sí a hualach oibre, chomh maith le líon ball foirne chuig an nGníomhaireacht um Thithíocht agus Pobail Inbhuanaithe (HSC Ltd). Aistríodh na baill foirne agus aon ualach oibre a bhí fanta chuig an nGníomhaireacht Tithíochta go luath sa bhliain 2013. Rinneadh roinnt ball foirne a ath-imlonnú chuig comhlachtaí eile san earnáil phoiblí. Chomh maith leis sin d'aistrigh an NBA cúig láithreán lena bhfuil luach margaidh €741,501 chuig an nGníomhaireacht Tithíochta ar an 6 Márta 2013. Is í an Ghníomhaireacht Tithíochta príomhfhostóir scéim shochair scoir an NBA (féach nóta 14)

Rinne an Ghníomhaireacht Tithíochta bainistiú ar ghnóthaí NBA sular ceapadh leachtaitheoir ar an 16 Eanáir 2019. In 2015, threoraigh an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe go bhfuil cistí an NBA á gcoinneáil ag €1.5m. Mar gheall air sin, rinne an Ghníomhaireacht Tithíochta íocaíochtaí thar ceann an NBA agus níor cúitíodh na costais a tabhaíodh ar ais léi. Rinneadh soláthar maidir le drochfhiach €66,852 i ráitis airgeadais 2015. *Cuireadh iasacht €81,000 ar aghaidh chuig an NBA i Márta 2018. D'fhonn dul chun cinn a dhéanamh sa phróiseas leachtaithe d'iarr an leachtaitheoir deimhniú a fháil ón nGníomhaireacht Tithíochta nach raibh aon iarmhéid dlite ón NBA. D'fhonn an deimhniú seo a chur ar fáil, rinne an Príomhoifigeach Feidhmiúcháin cinneadh chun drochfhiach €147,852 a dhíscríobh in 2018 (Féach nóta 6).

## 20 Imeachtaí ina Dhiaidh Sin

Ní raibh aon imeachtaí ina dhiaidh sin roimh dheireadh na bliana ar gá tuairisc a thabhairt ina leith.

## 21 Nochtadh Páirtithe Gaolmhara

Is iad an Príomhoifigeach Feidhmiúcháin agus na comhaltaí Boird an príomhphearsanra bainistíochta sa Ghníomhaireacht Tithíochta. B'ionann an cúiteamh iomlán a íocadh leis an bpríomhphearsanra bainistíochta, lena n-áirítear táillí agus speansais na gcomhaltaí Boird agus luach saothair iomláin an Phríomhoifigigh Feidhmiúcháin, agus €124,228 (2017: €120,287). Tugtar miondealú iomlán ar an luach saothair agus sochair a íocadh leis an bpríomhphearsanra bainistíochta i Nóta 5.

Glacann an Ghníomhaireacht Tithíochta nósanna imeachta de réir na dtreoirlínte a eisíonn an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe a bhaineann le leasanna pearsanta comhaltaí Boird.

## 22 Na Ráitis Airgeadais a Cheadú

Cheadaigh an Bord Stiúrthóirí na ráitis airgeadais seo lena n-eisiúint an 25 Meitheamh.





housing agency

**Gníomhaireacht Titíochta**
Sráid an Mhóta Uachtarach,
Baile Átha Cliath, D02 KT73

(01) 656 4100
info@housingagency.ie
**www.housingagency.ie**